Contact Committee

Coiste Teagmhála

Uas-Institiúidí Iniúchóireachta an Aontais Eorpaigh

## Coimre Iniúchóireachta

# An Chibearshlándáil san Aontas Eorpach agus sna Ballstáit

### Iniúchóireacht ar stóinseacht na gcóras faisnéise criticiúil agus na mbonneagar digiteach nuair a dhéantar cibirionsaithe

Tuarascálacha iniúchóireachta a foilsíodh idir 2014 agus 2020

GA

Nollaig 2020

Cuireann Coiste Teagmhála Uasfhorais Iniúchóireachta an Aontais Eorpaigh fóram ar fáil chun saincheisteanna iniúchóireachta poiblí san Aontas Eorpach a phlé agus aghaidh a thabhairt orthu. Cuidíonn an coiste chun an iniúchóireacht sheachtrach ar bheartais agus chláir an Aontais a dhéanamh níos éifeachtaí le hidirphlé agus comhar breise idir na Ballstáit. Cuidíonn sé chun an chuntasacht a neartú freisin, bainistíocht airgeadais an Aontais a fheabhsú agus an dea-rialachas a chomhdhlúthú, ar mhaithe le saoránaigh uile AE.

Teagmháil: www.contactcommittee.eu

© An tAontas Eorpach, 2020.
Ceadaítear ábhar a atáirgeadh ar choinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinse.
*Foinse*: Coiste Teagmhála Uasinstitiúidí Iniúchóireachta an Aontais Eorpaigh.

# Clár



Leathanach


Tús cainte 6

Achoimre feidhmiúcháin 8

CUID I – An chibearshlándáil i gcomhthéacs na hEorpa 9

Céard a thuigtear le cibearshlándáil? 10

Baineann an chibearshlándáil le saol laethúil saoránaigh AE 10

Is iomaí cineál bagartha cibearshlándála atá ann 11

Bíonn iarmhairt shuntasach ag baint le cibirionsaithe 14

Tugtar níos mó aird ar bhagairtí cibearshlándála de réir mar a éiríonn siad níos coitianta 17

Tá an chibearshlándáil ábhartha don chomhtháthú sóisialta agus don chobhsaíocht pholaitiúil 18

An chibearshlándáil san AE: inniúlachtaí, gníomhaithe, straitéisí agus reachtaíocht 26

Caiteachas cibearshlándála AE: scaipthe agus ag titim ar chúl 34

CUID II – Forléargas ar obair na nUasfhoras Iniúchóireachta 38

Réamhrá 39

Modheolaíocht na hiniúchóireachta agus na topaicí a cumhdaíodh 39

Tréimhse na hiniúchóireachta 41

Cuspóirí na hiniúchóireachta 41

Na príomhbharúlacha iniúchóireachta 45

CUID III – Achoimre ar thuarascálacha SAI 51

An Danmhairg – *Rigsrevisionen* 52

Cosaint ar bhogearraí éirice 52

An Eastóin – *Riigikontroll* 56

Slándáil agus caomhnú bunachar sonraí criticiúil Stáit san Eastóin a ráthú 56

Éire – *Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste* 60

Bearta a Bhaineann leis an gCibearshlándáil Náisiúnta 60

An Fhrainc – *Cour des comptes* 63

Rochtain ar ardoideachas: measúnú tosaigh ar an dlí maidir le treoir do mhic léinn agus mar a éiríonn leo 63

An Laitvia – *Valsts Kontrole* 69

Ar thapaigh an riarachán poiblí gach deis an bonneagar TFC a bhainistiú go héifeachtach? 69

An Liotuáin – *Valstybės Kontrolė* 72

Bainistiú ar Acmhainní Faisnéise atá Criticiúil don Stát 72

An Ungáir – *An Oifig Iniúchóireachta Stáit* 77

Iniúchadh ar an gcosaint sonraí – Iniúchadh ar an gcreat intíre um chosaint sonraí agus ar thaifid áirithe ina bhfuil sonraí tosaíochta faoi chuimse an chomhair idirnáisiúnta 77

An Ísiltír – *An Chúirt Iniúchóireachta* 80

Cibearshlándáil struchtúr bainistíochta uisce criticiúil agus rialú teorann san Ísiltír 80

An Pholainn – *Najwyższa Izba Kontroli* 85

Slándáil a áirithiú in oibriú na gcóras TF lena ndéantar cúraimí poiblí 85

An Phortaingéil – *Tribunal de Contas* 90

Iniúchadh ar Phas Leictreonach na Portaingéile 90

An Fhionlainn – *Valtiontalouden tarkastusvirasto* 96

Socruithe cibearchosanta 96

An tSualainn – *Riksrevisionen* 101

Córais dhífheidhmeacha TF – constaic ar an digiteáil éifeachtach 101

**An tAontas Eorpach – *Cúirt Iniúchóirí na hEorpa*** 105

**Páipéar eolais: Dúshláin beartas éifeachtach cibearshlándála** 105

**Acrainmneacha agus giorrúcháin** 108

**Gluais** 110

# Tús cainte

A Léitheoir, a chara,

Leis an digiteáil agus leis an méadú atá ag teacht ar úsáid theicneolaíocht na faisnéise i ngach gné dár saol laethúil tá an iliomad deiseanna nua ag oscailt dúinn. Cruthaítear riosca breise go mbeidh daoine aonair, gnólachtaí agus údaráis phoiblí i mbaol ón gcibearchoireacht nó go ndéanfar cibirionsaí orthu áfach, agus go mbeidh an tsochaí agus an geilleagar thíos leis freisin.

San Aontas Eorpach, is sainchumas de chuid na mBallstát í an chibearshlándáil. Tá ról ag an Aontas Eorpach maidir le comhchreat rialála a chruthú laistigh de mhargadh aonair AE agus na dálaí a chruthú faoina bhféadfaidh na Ballstáit comhoibriú le chéile de mheon lán-iontaofachta frithpháirtí.

Tá tábhacht straitéiseach leis an gcibearshlándáil agus lenár ngeilleagar digiteach don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit. Maireann laigí i rialachas na cibearshlándála san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach sna Ballstáit uile i gcónaí, fiú más laigí ar leibhéil éagsúla iad. Cuireann sé sin isteach ar ár gcumas cibirionsaithe a theorannú, agus freagairt a thabhairt orthu nuair is gá. Tá an bhréagaisnéis ag dul i dtreis agus í á beartú lasmuigh den Aontas go minic, rud a léiríodh arís le linn phaindéim COVID-19 i mbliana. Is bagairt í do chomhtháthú sóisialta ár sochaithe agus d’iontaoibh na saoránach as ár gcórais dhaonlathacha, agus ní féidir linn neamhshuim a dhéanamh di.

Léirigh suirbhé ar na huasfhorais iniúchóireachta (SAI) a rinneadh san Aontas Eorpach in 2018 go raibh thart ar a leath agus gan iniúchóireacht déanta acu ar an gcibearshlándáil go dtí seo. Chuir ár n-uasfhorais iniúchóireachta (SAI) dlús lena gcuid obair iniúchóireachta ar an gcibearshlándáil ó shin, agus fócas ar leith acu ar chosaint sonraí, ullmhacht na gcóras i gcoinne cibirionsaithe, agus na córais sna fóntais phoiblí bhunriachtanacha a chosaint. Ní féidir gach iniúchóireacht díobh a phoibliú ar ndóigh, óir d’fhéadfadh faisnéis íogair (faoin tslándáil náisiúnta) a bheith i gcuid díobh.

Rinne géarchéim COVID-19 tástáil dhian ar fhabraic eacnamaíoch agus shóisialta ár sochaithe i mbliana. Agus ag cur san áireamh a oiread is a bhraithimid ar theicneolaíocht na faisnéise, níorbh aon ionadh dá mba “cibir-ghéarchéim” an chéad phaindéim eile. Ní miste dúinn a bheith ullamh, agus athléimneacht i gcoinne cibirionsaithe a chur sna córais faisnéise chriticiúla agus sna bonneagair dhigiteacha.

Tá súil againn, leis an bhforléargas atá á thabhairt sa choimre seo, go spreagfar spéis na n-iniúchóirí poiblí ar fud an Aontais sa réimse criticiúil sin.

Klaus-Heiner Lehne

Uachtarán Chúirt Iniúchóirí na hEorpa
Cathaoirleach an Choiste Teagmhála
& Ceannaire an tionscadail

# Achoimre feidhmiúcháin

**I** Tá **tábhacht straitéiseach** leis an gcibearshlándáil agus lenár ngeilleagar digiteach **don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit** agus, de réir mar a théann leibhéal na mbagairtí i méid, is ea is mó a chaithfimid a dhéanamh chun ár gcórais chriticiúla faisnéise agus ár mbonneagair dhigiteacha a chosaint ar chibirionsaithe. Ní lenár gcuid fóntas ná lenár gcórais chosanta nó sláinte amháin a bhaineann an chibearshlándáil, ach baineann sí lenár sonraí pearsanta, lenár samhlacha gnó agus le cosaint ár maoine intleachtúla freisin. Cosaint dár sochaithe daonlathacha, dár neamhspleáchas mar Eorpaigh agus dár modh maireachtála i gcomhluadar a chéile, sin ar deireadh thiar a bhíonn i gceist le cibearshlándáil.

**II** I gcuid a haon den tríú coimre seo ón gCoiste Teagmhála leagtar amach **a mbíonn i gceist le cibearshlándáil**. Tugtar cur síos inti ar dhúshlán na cibearshlándála d'údaráis phoiblí, do chuideachtaí agus do dhaoine aonair, agus tráchtar ar fheiniméan nua na bréagaisnéise, feiniméan atá ina bhagairt ar an gcomhtháthú sóisialta inár sochaithe agus inár gcórais dhaonlathacha. Mínítear inniúlachtaí agus gníomhaithe cibearshlándála an Aontais inti freisin, straitéis agus reachtaíocht an Aontais agus an cistiú ón AE atá ar fáil sa réimse.

**III** I gcuid a dó den choimre, achoimrítear **torthaí iniúchóireachtaí roghnaithe a rinne dhá uasfhoras iniúchóireachta (SAI) déag de chuid na mBallstát rannpháirteach agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa**, a foilsíodh idir 2014 agus 2020. Dhírigh na hiniúchóireachtaí sin ar ghnéithe tábhachtacha den chibearshlándáil, amhail cosaint sonraí príobháideacha, sláine na lárionad sonraí náisiúnta, slándáil suiteálacha fóntas poiblí agus cur chun feidhme straitéisí náisiúnta cibearshlándála sa chiall is leithne.

**IV** Tugtar **mionsonraí eolais ó na hiniúchóireachtaí roghnaithe** i gcuid a trí den choimre, mar aon le hachoimriú ar iniúchóireachtaí eile a d'fhoilsigh na huasfhorais iniúchóireachta ar thopaic na cibearshlándála.

# CUID I – An chibearshlándáil i gcomhthéacs na hEorpa


## Céard a thuigtear le cibearshlándáil?

1 Níl **sainmhíniú caighdeánach uilíoch den chibearshlándáil** ann. Tagraíonn cibearshlándáil, sa doiciméad seo, do na **gníomhaíochtaí riachtanacha chun córais líonraí agus faisnéise a chosaint, mar aon lena gcuid úsáideoirí agus daoine eile a bheadh thíos le cibearbhagairtí**. Baineann sí le cibirtheagmhais a chosc agus a bhrath, freagairt orthu agus téarnamh uathu. D'fhéadfadh teagmhais d'aon ghnó a bheith i gceist nó teagmhais a tharla de thaisme, faisnéis a nochtadh trí thionóisc nó ionsaithe ar ghnólachtaí agus ar bhonneagar criticiúil, sonraí pearsanta a ghoid, nó cur isteach ar phróisis dhaonlathacha – cur isteach ar phróisis toghcháin fiú – nó feachtais bhréagaisnéise i gcoitinne a rachadh i gcion ar dhíospóireachtaí poiblí.

## Baineann an chibearshlándáil le saol laethúil saoránaigh AE

2 Baineann an chibearshlándáil le saol laethúil saoránaigh uile an Aontais, nuair a úsáidimid feistí TF pearsanta amhail fóin chliste, nuair a úsáidimid líonraí WIFI nó meáin shóisialta nó nuair a dhéanaimid baincéireacht leictreonach. Ní chuirtear an cheist, an dtarlóidh cibirionsaithe, a thuilleadh in 2020; is é an cheist anois, cén chaoi a dtarlóidh siad agus cá háit. Ceist dúinn uile: **daoine aonair, gnólachtaí agus údaráis phoiblí**. Léiríonn ***Pictiúr 1*** mar a thacaíonn an tAontas leis an gcibearshlándáil, agus creat cruthaithe aige chun gníomhaíochtaí leictreonacha laethúla na saoránach a chosaint ar chibirionsaithe. Is dúshlán straitéiseach é na córais chriticiúla faisnéise agus bonneagair chriticiúla dhigiteacha a chosaint ar chibirionsaithe.

## Pictiúr 1 – AE ag tacú leis an gcibearshlándáil i saol laethúil na saoránach AE





*Foinse*: CIE, íocóin arna ndéanamh ag Pixel perfect ó www.flaticon.com.

## Is iomaí cineál bagartha cibearshlándála atá ann

**3** Is féidir an iliomad cineálacha bagairtí cibearshlándála a bhíonn ag bagairt ar an tsochaí a aicmiú de réir **a dtionchar ar shonraí – nochtadh, modhnú, scriosadh nó diúltú rochtana** – nó na croíphrionsabail slándála faisnéise a dhéanann siad a shárú (féach ***Fíor 1***).

### Fíor 1 – Cineálacha bagairtí agus na prionsabail slándála faisnéise a chuireann siad i mbaol




**Glas fraincín = níl an tslándáil i mbaol; Comhartha uaillbhreasa = riosca slándála**

*Foinse*: CIE, bunaithe ar staidéar de chuid Pharlaimint na hEorpa[1].

**4** Gach uair a théann feiste ar líne nó a cheanglaíonn sé le feistí eile, tagann méadú ar "dhromchla ionsaithe" na cibearshlándála. Leis an bhfás fíorsciobtha ar "Idirlíon na rudaí nithiúla" (IoT), ar an néalríomhaireacht, ar an olltiomsú sonraí agus ar dhigitiú an tionscail, mhéadaigh freisin ar neamhchosaint na leochaileachtaí, ionas go bhfuil ionsaitheoirí in ann díriú ar a thuilleadh íospartach fós. Leis an méadú ar chineálacha ionsaithe agus iad ag éirí níos sofaisticiúla ar feadh an ama, is deacair coinneáil céim ar chéim leo[2]. Tugann ***Bosca 1*** cur síos ar shamplaí de **chibirionsaithe féideartha**.

[1] Parlaimint na hEorpa, *Cybersecurity in the European Union and Beyond: Exploring the Threats and Policy Responses* Staidéar le haghaidh Choiste LIBE, Meán Fómhair 2015.

[2] ENISA, *ENISA Threat Landscape Report 2017*, 18 Eanáir 2018.

## Bosca 1

### Cineálacha cibirionsaithe

**Bogearraí mailíseacha**, bogearraí a dheartar d'aon ghnó chun dochar a dhéanamh d'fheistí nó do líonraí. D'fhéadfaidís seo a leanas a bheith i gceist: víris, Traígh, bogearraí éirice, péisteanna, bogearraí fógraíochta agus earraí spiaireachta (e.g. NotPetya).

Criptíonn **bogearraí éirice** sonraí, ionas go gcoisctear ar úsáideoirí a gcuid comhad a rochtain go dtí go n-íoctar airgead fuascailte, i gcriptea-airgeadra de ghnáth, nó go dtí go ndéantar gníomh éigin. Dar le Europol gurb iad na hionsaithe bogearraí éirice is coitianta go mór fada, agus tá méadú as cuimse tagtha ar líon na gcineálacha bogearraí éirice le roinnt blianta anuas (e.g. Wannacry[3]).

Cuireann ionsaithe ina mbíonn **diúltú seirbhíse dáilte** (DDoS), seirbhísí nó acmhainní ó mhaith trína bplúchadh le níos mó iarratas ná mar atá siad in ann a láimhseáil; tá a líon ag dul i méid freisin, agus an tríú cuid de na heagraíochtaí i mbaol ó ionsaí den chineál sin in 2017[4].

Is maith le gníomhaithe bagartha **ionsaithe gréasánbhunaithe** trínar féidir leo córais ghréasáin agus seirbhísí gréasáin a úsáid mar veicteoir bagartha chun dallamullóg a chur ar íospartaigh. Sin dromchla ionsaithe ollmhór, a éascaíonn d'URLanna mailíseacha nó do scripteanna mailíseacha, mar shampla, an t-úsáideoir nó an t-íospartach a threorú i dtreo an tsuímh gréasáin inmhianaithe, nó ábhar mailíseach a íoslódáil (ionsaithe áit tionóil, ionsaithe dul thar bráid) agus cód mailíseach a **instealladh** i suíomh gréasáin dlisteanach a haiceáladh chun faisnéis a ghoid (i.e. fuadach foirme) ar chúiseanna brabúis nó goid faisnéise[5].

Déantar teacht aniar aduaidh ar úsáideoirí freisin ionas go ndéanfaidh siad gníomh gan fhios dóibh féin, nó faisnéis faoi rún a nochtadh. Is cleas é a úsáidtear chun sonraí a ghoid nó cibirspiaireacht a dhéanamh, agus tugtar **innealtóireacht shóisialta** air. Is iomaí slí a dhéantar é, ach tá **an fhioscaireacht** an-choitianta: bob a bhualadh ar úsáideoirí le ríomhphoist a dhealraíonn a bheith ag teacht ó fhoinse iontaofa ionas go nochtfaidh siad faisnéis, nó go gcliceálfaidh siad ar naisc a ionfhabhtóidh feistí le bogearraí mailíseacha íoslódáilte. Thuairiscigh breis is leath na mBallstát go ndearnadh imscrúduithe ar ionsaithe gréasáin den chineál sin[6].

B'fhéidir gurb iad **na hardbhagairtí seasmhacha** (APT) an cineál bagartha is contúirtí. Tagann na bagairtí sin ó ionsaitheoirí sofaisticiúla a dhéanann faireachán fadtéarmach ar shonraí agus sonraí a ghoid, agus spriocanna scriosacha acu uaireanta. Is é an aidhm atá acu gníomhú os íseal a fhad agus is féidir. Is minic nasc ag ardbhagairt sheasmhach le stát ar leith, agus go ndírítear ar earnálacha íogaire amhail teicneolaíocht, cosaint agus bonneagar criticiúil. Deirtear gurb é an cineál sin **cibirspiaireachta** faoi deara an ceathrú cuid ar a laghad de na cibirtheagmhais uile[7].

## Bíonn iarmhairt shuntasach ag baint le cibirionsaithe

**5** Is ceist mhór í an bhagairt ó **chibirionsaithe** agus ón **gcibearchoireacht** le blianta beaga anuas. Chomh fada siar le 2016, fiú, bhí teagmhas cibearshlándála amháin ar a laghad fulaingthe ag 80% de ghnólachtaí an Aontais[8]. In 2018, dúirt 40% de fhreagróirí suirbhé ó eagraíochtaí a bhí ag plé leis an róbataic nó leis an uathoibriú, gurbh é an cur isteach ar oibríochtaí an iarmhairt ba chriticiúla ó chibirionsaí ar a gcórais. Mar sin féin, ainneoin go n-aithnítear gurb ann do chibir-rioscaí bunathraitheacha, is minic gan aon chóras curtha ar bun ag cuideachtaí chun déileáil leo[9].

**6** Tá méadú leanúnach tagtha ó shin ar líon na gcibirionsaithe, ar a thromchúisí a bhíonn siad agus ar na costais airgeadais a ghabhann leo. Chomh fada agus is féidir an **iarmhairt airgeadais** a mheas, cosnóidh an chibearchoireacht **$6 thrilliún in aghaidh na bliana** ar an ngeilleagar domhanda **faoi 2021**, sin méadú ó $3 thrilliún, an figiúr measta in 2015[10], i gcomparáid le OTI domhanda measta $138 dtrilliún in 2020. Ar na costais chibearchoireachta tá, damáiste do shonraí agus scriosadh sonraí, airgead goidte, táirgiúlacht chaillte, maoin intleachtúil á goid, sonraí pearsanta agus airgeadais á ngoid, cur isteach ar ghnáthchúrsaí gnó i ndiaidh ionsaithe, dochar don chlú.

---

[3] Théadh an bogearra éirice *Wannacry* i dtír ar leochaileachtaí i bprótacal de chuid Microsoft Windows ionas go bhféadfaí seilbh ó chian a ghlacadh ar ríomhaire ar bith. D'eisigh Microsoft paiste tar éis dóibh an leochaileacht a aithint. Ach bhí na céadta míle ríomhairí ann nár uasdátaíodh, agus ionfhabhtaíodh go leor díobh ina dhiaidh sin. *Foinse*: A. Greenberg, *Hold North Korea Accountable For Wannacry – and the NSA, too*, WIRED, 19 Nollaig 2017.

[4] Europol, *Internet Organised Crime Threat Assessment 2018*.

[5] ENISA, *ENISA Threat Landscape 2020 – Web-based attacks*, 20 Deireadh Fómhair 2020.

[6] Europol, féach thuas, 2018.

[7] European Centre for Political Economy, *Stealing Thunder: Will cyber espionage be allowed to hold Europe back in the global race for industrial competitiveness?*, Páipéar Ócáidiúil Uimh. 2/18, Feabhra 2018.

[8] Europol, *Internet Organised Crime Threat Assessment 2017*.

[9] PWC, Global State of Information Security (GSISS), *Survey – Strengthening digital society against cyber shocks*, 2017.

[10] Cybersecurity Ventures, *2019 Official Annual Cybercrime Report*, arna urrú ag Herjavec Group, 2019.

Measann an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) gur tháinig méadú 72% ar mheánchostas na gcibirtheagmhas idir 2015 agus 2020[11].

**7** Téann an chibearchoireacht **i bhfeidhm ar na hearnálacha eacnamaíocha éagsúla ar bhealach difriúil**, mar is léir ó staidéar a rinneadh le deireanas in 2020[12]: b'í an feiniméan calaoise ba bhunathraithí í i gcúrsaí rialtais agus riaracháin phoiblí, in earnáil na teicneolaíochta, na meán agus na teileachumarsáide agus san earnáil sláinte (féach ***Bosca 2***); agus b'í an dara feiniméan calaoise ba bhunathraithí í san earnáil airgeadais agus in earnáil na tionsclaíochta agus na monaraíochta.

### Bosca 2

### Dúmhál a rinneadh ar othair shíciteiripe san Fhionlainn le sonraí pearsanta leighis a goideadh idir 2018 agus 2019

Chuaigh dúmhálaí i dteagmháil, ar bhonn indibhidiúil, in 2020, le hothair chlinic mhóir síciteiripe san Fhionlainn a bhfuil brainsí aige ar fud na tíre, i ndiaidh a gcuid sonraí pearsanta a bheith goidte i mí na Samhna 2018, agus sárú féideartha eile i Márta 2019. Dealraíonn sé go raibh taifid chéannachta pearsanta i measc na sonraí, mar aon le nótaí faoinar pléadh sna seisiúin teiripe.

Iarradh ar an gclinic agus ar na hothair, araon, airgead fuascailte a íoc, in Bitcoin, leis an dúmhálaí nó chuirfí na sonraí i mbéal an phobail. Thionóil rialtas na Fionlainne cruinniú éigeandála mar gheall air[13].

**8** Thug EUROPOL[14] chun suntais arís, in 2019, **a mharthanaí agus a sheasmhaí a bhíonn cuid de na príomhbhagairtí cibearchoireachta**:

- is ionsaithe bogearraí éirice an bhagairt is mó i gcónaí; bíonn an fócasú níos cruinne, iad níos brabúsaí agus is mó damáiste eacnamaíoch a dhéantar. A fhad a bheidh ioncam le gnóthú go furasta ag na cibearchoirpigh as bogearraí éirice, agus na bogearraí céanna ina gcúis le damáiste suntasach agus caillteanais airgeadais

[11] BERS, an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach, *Systemic cyber risk*, Feabhra 2020.

[12] PWC, *Fighting fraud: A never-ending battle PwC's Global Economic Crime and Fraud Survey*, 2020.

[13] BBC News, *Therapy patients blackmailed for cash after clinic data breach*, 26 Deireadh Fómhair 2020.

[14] EUROPOL, *INTERNET organised crime threat assessment (IOCTA)*, 2019.

shuntasacha, dealraíonn sé gurb iad bogearraí éirice an bhagairt chibearchoireachta is mó;

- is fioscaireacht agus prótacail chiandeisce (RDP) na príomh-bhunveicteoirí a iompraíonn ionfhabhtuithe i gcás bogearraí mailíseacha; agus
- is iad na sonraí eochairsprioc na cibearchoireachta i gcónaí, agus is earra agus cumasóir cibearchoireachta iad freisin.

9 Tugann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) roinnt samplaí de theagmhais chibearshlándála freisin ina tuarascáil ó **2020 "Main incidents in the EU and worldwide"**[15], (féach ***Bosca 3***).

## Bosca 3

### Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA): teagmhais chibearshlándála 2019-2020

D'fhulaing verifications.io, ardán ríomhphoist, mórshárú sonraí de bharr bunachar sonraí MongoDB gan chosaint. Nochtadh sonraí a bhain le breis is 800 milliún ríomhphost, a raibh faisnéis íogair iontu, faisnéis chéannachta (PII) san áireamh.

Nochtadh breis is 770 milliún seoladh ríomhphoist agus 21 mhilliún pasfhocal uathúil i bhfóram haiceála móréilimh a bhí á óstáil ag an néalseirbhís MEGA1. B'é an bailiúchán dintiúr pearsanta ba shuntasaí dár sáraíodh riamh, "Collection #1" a tugadh air.

D'fhulaing Citrix, soláthraí néalríomhaireachta agus fíorúlaithe, cibirionsaí spriocdhírithe. Chun rochtain a fháil ar chórais Citrix, chuaigh na hionsaitheoirí i dtír ar líon suntasach leochaileachtaí bogearraí criticiúla, amhail CVE-2019-19781, agus teicníc in úsáid acu ar a dtugtar spraeáil pasfhocal.

D'fhulaing iNSYNQ19, soláthraí seirbhísí óstála néalríomhaireachta, ionsaí bogearraí éirice a d'fhág na custaiméirí gan rochtain ar a gcuid sonraí ar feadh níos mó ná seachtain, ionas gurbh éigean do na custaiméirí dul i muinín cóipeanna cúltaca áitiúla.

[15] ENISA, *Main incidents in the EU and worldwide – January 2019 to April 2020*, Deireadh Fómhair 2020.

**10** Sna chéad sé mhí de 2019 dhúbail líon na gcibirionsaithe a rinneadh d'aon ghnó chun **damáiste buan** a dhéanamh, in earnáil na monaraíochta den chuid is mó, dar le EUROPOL. Ní hionann agus gnáthionsaithe bogearraí éirice, is gníomhartha sabaitéireachta iad siúd a scriosann sonraí cuideachta go buan nó a dhéanann damáiste dochúlaithe eile dóibh (féach ***Bosca 4***).

### Bosca 4

### Bogearraí éirice scriosacha - ionsaithe "Germanwiper" 2019

Sainaithníodh sraith ionsaithe ó bhogearraí éirice in 2019 a spriocdhíríodh ar chuideachtaí i mbun oibre sa Ghearmáin. *GermanWiper* a baisteadh ar na bogearraí éirice sin, atá in ann náideanna agus aonta a chur in ionad ábhar na gcomhad ionfhabhtaithe, ionas nach féidir na comhaid a tharrtháil. Rinneadh na bogearraí éirice a leathadh trí fheachtais fioscaireachta ríomhphoist a dhírigh ar fhoireann AD na mórchuideachtaí go háirithe, mar gur leabaíodh na bogearraí i mbréagiarratais ar phoist[16].

## Tugtar níos mó aird ar bhagairtí cibearshlándála de réir mar a éiríonn siad níos coitianta

**11** Is beag a bhíodh ar eolas faoi na rioscaí sin go dtí le gairid, áfach, agus ní minic a d'admhaítí go raibh riosca ann. Is bheag tuiscint a bhí ag 69% de chuideachtaí an Aontais in 2017, má bhí tuiscint ar bith acu, ar a **neamhchosaint féin ar chibearbhagairtí**[17], agus ní raibh meastachán ar na **caillteanais airgeadais fhéideartha** déanta riamh ag 60% díobh[18]. Thairis sin, de réir suirbhé dhomhanda in 2018, b'fhearr

[16] Cybersecurity Insiders, *GermanWiper Ransomware attack warning for Germany*, gan dáta.

[17] An Coimisiún Eorpach, *Factsheet on cybersecurity*, Meán Fómhair 2017.

[18] D'fhéadfaidís seo a leanas a bheith san áireamh sna caillteanais: ioncam caillte; costais deisithe na gcóras damáistithe; dliteanais fhéideartha as sócmhainní nó faisnéis ghoidte; dreasachtaí coinneála custaiméirí; préimh árachais níos airde; costais bhreise ar an gcosaint (córais agus fostaithe nua, oiliúint); an fhéidearthacht go gcaithfí teacht ar réiteach i gcás costais chomhlíontachta agus dlíthíochta.

leis an tríú cuid de na heagraíochtaí airgead fuascailte a íoc leis an haiceálaí ná infheistiú i gcóras slándála sonraí[19].

**12** Aithnítear, in **2020 Eurobarometer "Europeans' attitudes towards cyber security"**[20], gur mó a thuigeann saoránaigh an Aontais anois, agus gur mó imní a bhíonn orthu:

- is freagróirí a úsáideann an t-idirlíon, de réir dealraimh, is mó a mbíonn imní orthu faoina sonraí pearsanta (46%) a bheith á mí-úsáid ag duine éigin, faoi shlándáil a gcuid íocaíochtaí ar líne (41%), faoi gan a bheith in ann earraí a scrúdú nó comhairle a iarraidh ar fhíordhuine, nó a deir go bhfuil imní orthu nach bhfaighidh siad na hearraí nó na seirbhísí a cheannaigh siad ar líne (22% sa dá chás);
- creideann breis is trí cheathrú de na freagróirí (76%) go bhfuil ag méadú ar an mbaol go mbeidh siad ina n-íospartach cibearchoireachta. Tá i bhfad níos lú díobh áfach a chreideann go bhféadfaidís iad féin a chosaint a ndóthain ar an gcibearchoireacht (52%) – laghdú naoi bpointe céatadáin ó 2018.
- mar sin féin, tá beagán le cois leath na bhfreagróirí (52%) a shíleann go bhfuil siad ar an eolas faoin gcibearchoireacht, cé nach bhfuil ach 11% díobh a deir go mbraitheann siad go bhfuil eolas an-mhaith acu uirthi.

## Tá an chibearshlándáil ábhartha don chomhtháthú sóisialta agus don chobhsaíocht pholaitiúil

### Bagairt nua: cibearshlándáil agus bréagaisnéis

**13** **Dúshlán straitéiseach géar dár ndaonlathais í an bhréagaisnéis** chórasach ar mhórscála, agus í á leathadh d'aon ghnó[21]. Is féidir sochaithe a scoilteadh de bharr bréagaisnéise agus "bréagnuachta", an mhímhuinín a chothú agus baint den

[19] NTT Security, *Risk: Value 2018 Report*.

[20] An Coimisiún Eorpach, *Special Eurobarometer 499 – Europeans' attitudes towards cyber security*, Eanáir 2020.

[21] De réir *The Global Disinformation Order*, staidéar de chuid Ollscoil Oxford (Meán Fómhair 2019), tá líon na dtíortha a bhfuil feachtais bhréagaisnéise pholaitiúla ar siúl iontu tar éis dúbailt go 70 le dhá bhliain anuas.

chomhtháthú sóisialta agus den iontaoibh sna próisis dhaonlathacha fiú (féach ***Bosca 5***).

### Bosca 5

### Bréagaisnéis

Is é an sainmhíniú atá ag an gCoimisiún Eorpach ar bhréagaisnéis, faisnéis ar féidir a fhíorú go bhfuil sí bréagach nó míthreorach agus a chruthaítear, a chuirtear i láthair nó a scaiptear ar mhaithe le gnóthachan eacnamaíoch nó chun dallamullóg a chur ar an bpobal d'aon ghnó, i gcás ina bhféadfaí dochar poiblí a dhéanamh[22], lena n-áirítear baint de phróisis dhaonlathacha nó bagairtí ar shócmhainní pobail amhail sláinte, an comhshaol agus an tslándáil.

Ní hionann agus ábhar mídhleathach (lena n-áirítear fuathchaint, ábhar sceimhlitheoireachta nó ábhar a bhaineann le drochúsáid ghnéasach leanaí) is amhlaidh a chumhdaítear ábhar agus eolas atá dleathach faoi bhréagaisnéis. Is é sin, tagann sí trasna ar an tsaoirse cainte agus ar shaoirse na meán, ar croíluachanna de chuid an Aontais Eorpaigh iad. De réir shainmhíniú an Choimisiúin, ní áirítear iad seo a leanas ina mbréagaisnéis: fógraíocht mhíthreorach, earráidí tuairisceoireachta, aor agus scigaithris, nó nuacht agus tráchtaireacht atá so-aitheanta mar nuacht nó tráchtaireacht chlaonta.

**14** Is furasta bréagaisnéis a scaipeadh ar bheagán costais, le teicneolaíochtaí agus bogearraí nua trí na **meáin shóisialta agus trí mheáin eile ar líne**. Díríonn bréagaisnéis ar thopaicí íogaire de ghnáth, a dhealraíonn deighilt iomlán a bheith i dtuairim an phobail ina dtaobh agus a chuirfeadh lasair sa bharrach, ionas gur mó an seans dá réir go ndéanfar an t-ábhar a roinnt le daoine eile. Ar na topaicí sin bheadh saincheisteanna sláinte (e.g. drogall roimh vacsaíniú), cúrsaí imirce, an t-athrú aeráide nó ceartas sóisialta.

## Feachtais bhréagaisnéise ó thríú tíortha chun dul i bhfeidhm ar phróisis dhaonlathacha

**15** Is é is aidhm don bhréagaisnéis deighilt iomlán a chruthú sa díospóireacht dhaonlathach, teannais a chruthú sa tsochaí nó géarú ar theannais atá ann cheana agus baint de chórais toghcháin, agus bíonn iarmhairtí níos leithne ná sin aici ar shochaithe agus ar shlándáil na hEorpa. Cuireann sí isteach ar deireadh thiar ar

[22] An Coimisiún Eorpach, *Communication on tackling online disinformation*, COM(2018) 236.

shaoirse tuairimíochta agus ar an tsaoirse tuairimí a nochtadh. Is minic gur **gníomhaithe i dtríú tíortha** a urraíonn bréagaisnéis, chun ár sochaithe agus ár gcórais dhaonlathacha a dhíchobhsú. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh haiceáil líonraí a bheith i gceist i bhfeachtais bhréagaisnéise ar an mórchóir. mar shampla, feachtas tionchair ón Rúis le linn an reifrinn sa Ríocht Aontaithe faoi tharraingt siar ón Aontas Eorpach (féach ***Bosca 6***).

### Bosca 6

### Feachtais bhréagaisnéise ón Rúis ag díriú ar phróisis a bhain le cinneadh daonlathach[23]

Rinne gníomhaithe ón Rúis feachtas a lainseáil i lár 2016 chun dul i bhfeidhm ar an vótáil i reifreann Mheitheamh 2016 sa Ríocht Aontaithe maidir le tarraingt siar ón Aontas Eorpach. Fuarthas in anailís amháin ar tvuíteanna sna 48 n-uair an chloig díreach roimh an vótáil, gur tvuíteáil breis is 150 000 cuntas Rúiseach faoi *#Brexit* agus gur phostáil siad breis is 45 000 teachtaireacht faoin vótáil. Lá an reifrinn, tvuíteáil cuntais Rúiseacha 1 102 uair leis an haischlib *#ReasonstoleaveEU*.

**16** Is mór an dúshlán é an bhréagaisnéis a chomhrac, ag cur san áireamh nár mhiste cothromaíocht a bhaint amach idir slándáil agus ár gcearta agus saoirsí bunúsacha, cothú na nuálaíochta agus margadh oscailte. Tá bearta áirithe glactha ag an Aontas Eorpach chun **tabhairt faoin mbréagaisnéis**.

- Bunaíodh **Tascfhórsa East StratCom,** tascfhórsa SEGS-bhunaithe, in 2015 chun dúshlán na bhfeachtas bréagaisnéise ón Rúis a thabhairt[24]. Fuair a chuid oibre moladh na saineolaithe as beartais AE a chur chun cinn, as tacú le meáin

[23] Park advisors, *Weapons of Mass Distraction: Foreign State-Sponsored Disinformation in the Digital Age*, Christina Nemr agus William Gangware, 2019.

[24] Conclúidí ón gComhairle Eorpach, EUCO 11/15, 20 Márta 2015. Cuireadh dhá thascfhórsa leis ó shin, Tascfhórsa StratCom na mBalcán Thiar agus tascfhórsa don Chomharsanacht ó Dheas.

neamhspleácha i dtíortha de chuid Chomharsanacht na hEorpa, agus as bréagaisnéis a thuar agus a rianú agus dul i ngleic léi[25].

- In 2018, d'eisigh ENISA **teachtaireacht maidir le dul i ngleic le bréagaisnéis ar líne**[26]. Ar na gníomhartha a luaitear inti tá, cuidiú chun ábhar a dhéanamh níos iontaofa agus tacú le hiarrachtaí chun cur leis an litearthacht sna meáin agus i gcúrsaí nuachta.
- Rinne Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin **cód cleachtais féinrialála** deonach a fhorbairt a bunaíodh ar ionstraimí beartais a bhí ann cheana, agus atá glactha ag ardáin ar líne agus ag tionscal na fógraíochta[27].
- Lainseáladh **líonra seiceálaithe fíricí** neamhspleách san Eoraip.

### An bhréagaisnéis aimsir Covid-19 agus freagairt AE uirthi

**17** Bhí an bhréagaisnéis ina fadhb i gcomhthéacs **ghéarchéim sláinte COVID-19**[28] freisin (féach ar ***Bosca 7*** i gcomhair samplaí den chineál sin bréagaisnéise).

---

[25] D'iarr tuarascáil de chuid Chomhairle an Atlantaigh go gceanglódh an tAontas Eorpach ar na Ballstáit uile saineolaithe náisiúnta a chur chuig an Tascfhórsa. Féach ar: D. Fried and A. Polyakova, *Democratic Offense Against Disinformation*, 5 Márta 2018.

[26] ENISA, *Strengthening Network & Information Security & Protecting against Online Disinformation ("Fake News")*, Aibreán 2018.

[27] JRC, *The digital transformation of news media and the rise of disinformation and fake news*, JRC Technical Reports, JRC Digital Economy Working Paper 2018-02, Aibreán 2018.


[28] Reuters Institute and University of Oxford, *Types, Sources, and Claims of Covid-19 Misinformation*, Aibreán 2020.

**Bosca 7**

**Samplaí bréagaisnéise maidir le Covid-19, arna dtuairisciú ag an gCoimisiún[29]**



**Maímh bhréagacha** amhail "gur féidir ionfhabhtuithe an choróinvíris a leigheas ach tuarthóir nó fíoralcól a ól": a mhalairt atá fíor – d'fhéadfaí an-dochar a dhéanamh trí thuarthóir nó fíoralcól a ól. **Tá méadú 15% ar líon na dteagmhas a bhaineann le tuarthóir a taifeadadh i Lárionad Rialaithe Nimhe na Beilge.**



**Teoiricí comhcheilge**, cuir i gcás an maíomh gur "ionfhabhtú é an coróinvíreas atá cruthaithe ag scothaicmí an domhain chun fás an daonra a laghdú". Tá fianaise eolaíoch shoiléir againn: is ó ghrúpa víreas de thionscnamh ainmhithe, ina bhfuil víris eile amhail SARS agus MERS, a thagann an coróinvíreas



**Maímh neamheolaíocha** go bhféadfadh "suiteálacha 5G a bheith ag leathadh an víris". Ní raibh aon bhunús sonrach leis na teoiricí sin agus rinneadh ionsaithe ar chrainn chumarsáide dá mbarr.

**18** Mí an Mhárta 2020, d'eisigh an Coimisiún, ENISA, CERT-EU agus EUROPOL ráiteas comhpháirteach maidir le **bagairtí a bhaineann le Covid-19**[30], á rá go raibh gníomhaithe mailíseacha ag iarraidh teacht i dtír go gníomhach ar na cúinsí dúshlánacha le linn na géarchéime sláinte poiblí agus iad ag díriú ar chianoibrithe, ar ghnólachtaí agus ar indibhidí araon. Rud eile de, d'fhorbair ENISA feachtais faisnéise dílsithe i gcomhair earnálacha a bhí thíos leis de bharr bréagaisnéise le linn phaindéim COVID-19[31].

[29] An Coimisiún Eorpach, *Dul i nGleic le bréagaisnéis faoin gcoróinvíreas*, gan dáta.

[30] Joint Statement European Commission, ENISA, CERT-EU and Europol, *Coronavirus outbreak*, 20 Márta 2020.

[31] ENISA, *Information sheets relating to Covid-19*, 2020.

**Is fiú na fíricí a sheiceáil chun an bhréagaisnéis a chomhrac**

**19** Tá níos mó á dhéanamh ag an Aontas freisin chun tacú leo siúd san Eoraip a sheiceálann fíricí agus a dhéanann taighde ar an mbréagaisnéis. Bhunaigh sé **Faireachlann Eorpach um Meáin Dhigiteacha** ach go háirithe chun feiniméin na bréagaisnéise a scrúdú agus a thuiscint níos fearr: gníomhaithe ábhartha, veicteoirí, uirlisí, modhanna, dinimicí an scaipthe, spriocanna tosaíochta agus an tionchar ar an tsochaí. Is samplaí eile iad seo a leanas de thionscadail a thugann faoin mbréagaisnéis le maoiniú ón Aontas: PROVENANCE, SocialTruth, EUNOMIA agus WeVerify.

**20** Rinne an tAontas moladh faoin gcéad tacar domhanda caighdeán féinrialála chun an bhréagaisnéis a throid, lena **Chód Cleachtais maidir le bréagaisnéis**[32], in 2018. Shínigh ardáin, príomhlíonraí sóisialta, fógróirí agus tionscal na fógraíochta an cód saorálach sin i nDeireadh Fómhair 2018. Orthu siúd a shínigh bhí Facebook, Twitter, Mozilla, Google agus comhlachais agus comhaltaí thionscal na fógraíochta. D'aontaigh Microsoft leis an gCód Cleachtais i mBealtaine 2019. Chuaigh Tik Tok i bpáirt leis an gCód i Meitheamh 2020.

## Toghcháin 2019 do Pharlaimint na hEorpa a áirithiú

**21** Bunaítear dlisteanacht ár gcóras daonlathach san Eoraip ar thoghthóirí eolasacha a chuireann a dtoil in iúl trí **shaorthoghcháin chóra**. Aon iarracht a dhéanfaí dá réir sin chun dochar a dhéanamh do thuairim an phobail agus í a ionramháil, go mailíseach agus d'aon ghnó, is bagairt thromchúiseach dár sochaithe í. I gcás cur isteach ar thoghcháin agus ar bhonneagar toghcháin d'fhéadfaí a bheith ag iarraidh dul i bhfeidhm ar rogha na vótálaithe, ar an ráta vótála nó ar an bpróiseas toghchánaíochta fiú, lena n-áirítear an vótáil féin, chomh maith le táblú na vótaí agus cumarsáid faoin vótáil. I ndiaidh reifreann RA, bhí toghcháin Eorpacha 2019 ann agus is ansin a tharla na chéad gníomhartha comhordaithe idir na Ballstáit **chun sláine na dtoghchán daonlathach a chosaint**: na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, cinnte, ach na toghcháin do na parlaimintí náisiúnta freisin.

[32] *EU Code of Practice on Disinformation*, Meán Fómhair 2018.

**22** Mar a luadh cheana féin thuas, d'eisigh an Coimisiún **teachtaireacht maidir le dul i ngleic le bréagaisnéis ar líne: cur chuige Eorpach**[33] in Aibreán 2018. Eisíodh **Pacáiste Toghcháin** ina dhiaidh sin, i Meán Fómhair 2018[34], d'aon ghnó chun toghcháin an Aontais agus na toghcháin sna Ballstáit a chosaint ar bhréagaisnéis agus cibirionsaithe. Dhírigh an pacáiste ar chosaint sonraí, ar thrédhearcacht na fógraíochta agus an chistiúcháin pholaitiúil, ar chibearshlándáil agus toghcháin, agus smachtbhannaí as mí-úsáid na rialacha cosanta sonraí ag páirtithe polaitiúla. Agus bhí **beart i gcomhpháirt** ann chun tástáil a dhéanamh ar chomh héifeachtach is atá cleachtais freagartha agus pleananna géarchéime an Aontais agus na mBallstát maidir leis na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a chosaint (féach ***Bosca 8***).

[33] An Coimisiún Eorpach, Tackling online disinformation: a European Approach, COM(2018) 236 final.

[34] An Coimisiún Eorpach, *State of the Union 2018*, Meán Fómhair 2018.

### Bosca 8

### ELEx19 – toghcháin 2019 chuig Parlaimint na hEorpa á gcosaint[35]

Nuair a reáchtáladh beart Elex19 maidir le hathléimneacht na dtoghchán chuig Parlaimint na hEorpa a bhí le bheith ann go luath, b’é an aidhm a bhí leis, bealaí a aithint chun teagmhais slándála a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do thoghcháin 2019 a chosc, a bhrath agus a mhaolú.

Bunaíodh an beart ar ar chásanna éagsúla ina raibh bagairtí agus teagmhais chibearchumasaithe, agus thug sé deis do na rannpháirtithe na nithe seo a leanas a dhéanamh:

— forléargas a fháil ar leibhéal na hathléimneachta (ó thaobh polasaithe a glacadh, acmhainneachtaí agus scileanna a raibh fáil orthu) i gcás na gcóras toghcháin ar fud an Aontais;

— comhar a fheabhsú idir údaráis ábhartha ar an leibhéal náisiúnta (lena n-áirítear údaráis toghcháin agus comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha eile);

— tástáil a dhéanamh ar na pleananna bainistíochta géarchéime a bhí ann agus ar na nósanna imeachta ábhartha chun ionsaithe cibearshlándála agus bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear feachtais bhréagaisnéise, a chosc, a bhrath, a bhainistiú agus a fhreagairt;

— an comhar trasteorann a fheabhsú agus an nasc leis na grúpaí comhair ábhartha ar leibhéal an Aontais (e.g. Líonra Comhair Toghcháin, an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, líonra CSIRT) a neartú; agus

— na bearnaí féideartha eile ar fad a shainaithint mar aon le bearta leordhóthanacha, nár mhiste a chur chun feidhme roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, chun rioscaí a mhaolú.

Bhí breis is 80 ionadaí ó Bhallstáit AE rannpháirteach sa bheart sin, mar aon le breathnóirí ó Pharlaimint na hEorpa, ón gCoimisiún agus ó Ghníomhaireacht an Aontais um chibearshlándáil.

[35] ENISA, *A n-ullmhacht chibearshlándála i gcomhair saorthoghcháin chóra AE in 2019 á tástáil ag Ballstáit AE*, 5 Aibreán 2019.

**23** Ar deireadh, i mí na Nollag 2018, ghlac an Chomhairle Eorpach **Plean gníomhaíochta i gcoinne bréagaisnéise**[36] chun freagairt chomhordaithe a chur ar fáil agus chun cur leis na hiarrachtaí náisiúnta. Sa phlean gníomhaíochta sin bhí gníomhartha sonracha agus iad bunaithe ar cheithre cholún: feabhas a chur ar acmhainneachtaí institiúidí an Aontais chun an bhréagaisnéis a bhrath, a anailísiú agus a nochtadh; freagairtí comhordaithe agus comhpháirteacha ar an mbréagaisnéis a neartú; an earnáil phríobháideach a shlógadh chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis; agus leibhéal eolais agus athléimneachta na sochaí a fheabhsú.

## An chibearshlándáil san AE: inniúlachtaí, gníomhaithe, straitéisí agus reachtaíocht

### Is é an Ballstát, go príomha, atá freagrach as an gcibearshlándáil

**24** San Aontas Eorpach, is ar **na Ballstáit, go príomha, a bhíonn an fhreagracht** as an gcibearshlándáil, go háirithe i gcás faisnéis íogair a bhainfeadh leis an tslándáil náisiúnta a chosaint. Tá **Straitéis Chibearshlándála Náisiúnta** ag na Ballstáit uile chun cuidiú leo dul i ngleic le rioscaí a d'fhéadfadh baint dá gcumas sochair eacnamaíocha agus shóisialta a ghnóthú as an gcibearspás. Ní mar a chéile acmhainneacht agus tiomantas na mBallstát uile maidir leis an gcibearshlándáil áfach.

**25** Tá ról ag an Aontas maidir le **comhchreat rialála** a thógáil laistigh de mhargadh aonair an Aontais agus na dálaí a chruthú chun go mbeidh na Ballstáit in ann oibriú as láimh a chéile go héifeachtach i réimsí éagsúla beartais a mbaineann ábharthacht chibearshlándála leo, amhail ceartas agus gnóthaí baile, an margadh aonair, iompar, sláinte phoiblí, beartas tomhaltóirí agus taighde. Sa bheartas eachtrach, bíonn baint ag an gcibearshlándáil le cúrsaí taidhleoireachta agus í ag éirí níos tábhachtaí mar ghné de bheartas cosanta agus slándála an Aontais, beartas atá ag fás.

[36] An Coimisiún Eorpach, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, *Action Plan against Disinformation*, JOIN(2018) 36 críochnaitheach. Díríonn an plean ar na nithe seo a leanas: feabhas a chur ar acmhainneachtaí institiúidí an Aontais an bhréagaisnéis a bhrath, a anailísiú agus a nochtadh; freagairtí comhordaithe agus comhpháirteacha a neartú; an earnáil phríobháideach a shlógadh; agus leibhéal eolais agus athléimneachta na sochaí a fheabhsú.

**26** Tugann *Bosca 9* cur síos thíos **ar phríomhghníomhaithe na cibearshlándála ar leibhéal an Aontais**.

### Bosca 9

### Príomhghníomhaithe na cibearshlándála ar leibhéal an Aontais

Tá an **Coimisiún Eorpach** ag iarraidh cur leis na hacmhainneachtaí cibearshlándála agus leis an gcomhar, an tAontas Eorpach a neartú mar ghníomhaí cibearshlándála agus an chibearshlándáil a phríomhshruthú isteach i mbeartais eile an Aontais.

Faigheann an Coimisiún tacaíocht ó ghníomhaireachtaí san Aontas, go háirithe **ENISA, ICE** agus **CERT-EU**. Comhlacht comhairleach go príomha í **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil** (nó **ENISA**, óna bunainm, 'European Network and Information Security Agency'), agus tacaíonn sí le forbairt beartais, fothú acmhainneachta agus feachtais feasachta. Baineann **Ionad Cibearchoireachta na hEorpa (ICE)** le EUROPOL agus bunaíodh é chun freagairt an Aontais ar an gcibearchoireacht, maidir le forfheidhmiú an dlí de, a neartú. Is é an Coimisiún a óstálann **an Fhoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE (CERT-EU)**, foireann a thacaíonn le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais.

Is í **an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS)** atá ar thús cadhnaíochta maidir le cibearchosaint, cibearthaidhleoireacht agus cumarsáid straitéiseach agus óstálann sí lárionaid faisnéise agus anailíse. Tá sé mar aidhm **ag an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC)** na hacmhainneachtaí cibearchosanta a fhorbairt.

Is **tríd an gComhairle** a ghníomhaíonn na Ballstáit, ar leibhéal an Aontais; tá neart comhlachtaí comhordaithe agus comhroinnte faisnéise aici (ina measc an Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna). Gníomhaíonn **Parlaimint na hEorpa** mar chomhreachtóir.

Is comhpháirtithe i bhforbairt agus i gcur chun feidhme beartais iad **eagraíochtaí san earnáil phríobháideach**, lena n-áirítear comhpháirtithe tionscail, comhlachtaí rialachais idirlín, agus lucht acadúil, agus déantar an méid sin trí **chomhpháirtíochtaí conarthacha príobháideach poiblí (cPPP)**, mar shampla.

## Cibearstraitéis AE: an chibearshlándáil ina mórábhar imní ó 2013 i leith

**27** Is mórábhar imní polaitiúil í an chibearshlándáil ó 2013 i leith tráth a ghlac an Coimisiún a **straitéis chibearshlándála**[37]. Cúig chroíchuspóir atá ag an straitéis:

- cur leis an gcibear-athléimneacht;
- laghdú ar an gcibearchoireacht;
- beartais agus acmhainneachtaí cibearchosanta a fhorbairt;
- acmhainní cibearshlándála tionsclaíocha agus teicneolaíocha a fhorbairt;
- beartas cibearspáis idirnáisiúnta a bhunú a bheadh ag teacht le croíluachanna an Aontais;

Díríodh ar cheist na cibearshlándála le straitéisí eile AE freisin sna blianta ina dhiaidh sin (féach ***Bosca 10***).

[37] An Coimisiún Eorpach, *Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh: Cibearspás Oscailte, Sábháilte agus Slán*, JOIN(2013) 1 críochnaitheach, 7 Feabhra 2013.

**Bosca 10**

**Straitéisí AE thairis sin a dhíríonn ar cheist na cibearshlándála**

- **Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil** (2015)[38], arb é ab aidhm dó forfheidhmiú an dlí agus an fhreagairt bhreithiúnach ar an gcibearchoireacht a fheabhsú, trí bheartais agus reachtaíocht reatha a athnuachan agus a uasdátú, tríd is tríd;
- **Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach** (2015)[39], arb é ab aidhm di rochtain níos fearr ar earraí agus seirbhísí digiteacha a chruthú: is bunriachtanais iad neartú na slándála ar líne, mar aon le hiontaoibh agus ionchuimsitheacht chun an méid sin a bhaint amach;
- **Straitéis Dhomhanda an Aontais** (2016)[40], inar leagadh amach roinnt tionscnamh chun cur le ról an Aontais Eorpaigh sa saol mór. Bhí an chibearshlándáil, agus frisnéis na bréagaisnéise trí bhíthin cumarsáid straitéiseach, ina croícholún de.

**28** Rud eile de, in 2017 d'eisigh an Coimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála **teachtaireacht chomhpháirteach maidir le cibearshlándáil AE**[41], chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle inar iarr siad struchtúir níos stóinsithe agus níos éifeachtaí chun an chibearshlándáil a chur chun cinn agus chun freagairt ar chibirionsaithe sna Ballstáit, agus in institiúidí an Aontais agus ina chuid gníomhaireachtaí agus comhlachtaí freisin.

[38] An Coimisiún Eorpach, *The European Agenda on Security*, COM(2015) 185 final, 28 Aibreán 2015.

[39] An Coimisiún Eorpach, *A Digital Single Market Strategy for Europe*, COM(2015) 192 final, 6 Bealtaine 2015.

[40] SEGS *, Shared Vision, Common Action: A Stronger Europe. A Global Strategy for the European Union's Foreign and Security Policy*, Meitheamh 2016.

[41] An Coimisiún Eorpach, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, *Joint Communication on Resilience, Deterrence and Defence: Building strong cybersecurity for the EU,* JOIN(2017) 450, 13 Meán Fómhair 2017.

**29** I mí Iúil 2020, nuashonraigh an Coimisiún Eorpach a chlár oibre ó 2015 agus glacadh **Straitéis AE um Aontas Slándála**[42] do 2020-2025, inar aithníodh go raibh tábhacht straitéiseach leis an gcibearshlándáil. Díríonn an Coimisiún sa straitéis sin ar bhagairtí hibrideacha, mar a thugtar orthu, a mbaineann cibirionsaithe agus feachtais bhréagaisnéise araon leo, agus gníomhaithe stáit agus eile ó thríú tíortha ag gníomhú i gcomhar agus iad ag iarraidh timpeallacht na faisnéise a mhí-ionramháil agus croí-bhonneagair a ionsaí.

### Reachtaíocht Chibearshlándála an Aontais: an treoir maidir le slándáil gréasán agus faisnéise, RGCS, an tAcht Cibearshlándála agus sásra smachtbhannaí nua

**30** Sin príomhcholún straitéis chibearshlándála 2013, agus is í an **Treoir maidir le slándáil gréasán agus faisnéise**[43], an chéad phíosa reachtaíochta uile-Aontais maidir le cibearshlándáil, an chuid is tábhachtaí ó thaobh dlí de. Is é is aidhm don treoir íosleibhéal acmhainneachtaí comhchuibhithe a bhaint amach trína cheangal ar na Ballstáit straitéisí NIS a ghlacadh, agus pointí teagmhála aonair agus foirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí[44] a chruthú. Leagtar amach ceanglais slándála agus fógartha inti freisin maidir le hoibreoirí seirbhísí bunriachtanacha in earnálacha criticiúla agus maidir le soláthraithe seirbhísí digiteacha.

**31** Bhí ar na Ballstáit **an Treoir NIS a thrasuí ina ndlíthe náisiúnta** faoi Bhealtaine 2018. Bhí orthu "oibreoirí seirbhísí bunriachtanacha", mar a thugtar orthu, a shainaithint faoi mhí na Samhna 2018. Ceanglaítear ar an gCoimisiún Eorpach feidhmiú na Treorach sin a athbhreithniú go tréimhsiúil. Ó mhí Iúil go mí Dheireadh Fómhair 2020, mar chuid dá phríomhchuspóir beartais chun “an Eoraip a chur in oiriúint don ré

[42] An Coimisiún Eorpach, *Communication on the EU Security Union Strategy*, COM (2020)605 final, 24 Iúil 2020.

[43] Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta la haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála do líonraí agus do chórais faisnéise ar fud an Aontais.

[44] Comhtháthaítear i struchtúir chomhair iad arna mbunú leis an treoir: Líonra CSIRT (líonra atá comhdhéanta de CSIRTanna arna gceapadh ag Ballstáit AE agus CERT-EU; is ENISA a óstálann an rúnaíocht); An Grúpa Comhair (a thacaíonn le comhar straitéiseach agus malartú faisnéise i measc na mBallstát agus a éascaíonn é; is é an Coimisiún a óstálann an rúnaíocht).

dhigiteach" agus i gcomhréir le cuspóirí an Aontais Slándála, d'eagraigh an Coimisiún comhairliúchán, agus na torthaí le húsáid don chéad mheastóireacht ar an Treoir NIS agus mar mheasúnú tionchair *ex-post* uirthi.

**32** Tháinig an **Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**[45] (RGCS) i bhfeidhm in 2016, agus é á fheidhmiú ó Bhealtaine 2018. Is é an cuspóir atá leis, sonraí pearsanta shaoránaigh an Aontais a chosaint trí rialacha maidir le próiseáil agus scaipeadh na sonraí sin a leagan síos. Deonaítear cearta áirithe do dhaoine is ábhar do na sonraí agus leagtar oibleagáidí ar rialaitheoirí sonraí (soláthraithe seirbhísí digiteacha) maidir le faisnéis a úsáid agus a aistriú.

**33** Thairis sin, tionscnaíonn an **Gníomh um Chibearshlándáil**[46], gníomh AE, creat uile-Aontais um dheimhniú cibearslándála den chéad uair maidir le táirgí, seirbhísí agus próisis TFC. Is é sin, go mbeidh cuideachtaí i mbun gnó san Aontas ag tairbhiú mar nach mbeidh orthu a gcuid táirgí, seirbhísí agus próiseas TFC a dheimhniú ach aon uair amháin agus go bhfeicfidh siad aitheantas dá ndeimhnithe ar fud an Aontais. Bunaíodh **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil** (ENISA, in áit Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise, mar a bhí) leis an nGníomh um Chibearshlándáil freisin. Sainordaítear don ghníomhaireacht leis an ngníomh sin an comhar oibríochtúil ar leibhéal an Aontais a mhéadú, trí chuidiú le Ballstáit an Aontais teagmhais chibearshlándála a láimhseáil, arna iarraidh sin uirthi, agus trí thacú le comhordú an Aontais i gcás cibirionsaithe agus géarchéimeanna mórscála agus trasteorann.

**34** Agus ar deireadh, i mBealtaine 2019, bhunaigh an Chomhairle ionstraim dhlíthiúil, lena gceadaítear don Aontas **bearta** spriocdhírithe sriantacha a fhorchur **chun cibirionsaithe** ar bagairt sheachtrach don Aontas nó dá Bhallstáit iad **a dhíspreagadh,**

[45] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

[46] Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, 17 Aibreán 2019.

**agus freagairt orthu**[47]. Mar thoradh air tá cumhacht dhlíthiúil ag an Aontas smachtbhannaí a fhorchur ar dhaoine nó ar eintitis a dhéanann iad seo a leanas:

- atá freagrach as cibirionsaithe nó as iarracht ar chibirionsaithe; nó
- a chuireann tacaíocht airgeadais, theicniúil nó ábhartha ar fáil do na hionsaithe sin; nó a bhfuil baint acu leo ar bhealaí eile.

Bhain an Chomhairle úsáid as na sainchumais nua sin den chéad uair in Iúil 2020 (féach *Bosca 11*).

### Bosca 11

### Ag éirí stóinseach – AE ag forchur smachtbhannaí i gcoinne cibirionsaithe den chéad uair riamh[48]

I mí Iúil 2020, d’fhorchuir an Chomhairle bearta sriantacha i gcoinne seisear indibhidí agus trí eintiteas a bhí freagrach as cibirionsaithe éagsúla nó a raibh baint acu leo, lena n-áirítear iarracht ar chibirionsaí ar an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha agus cibirionsaithe a bhfuil aithne phoiblí orthu mar “WannaCry”, “NotPetya”, agus “Operation Cloud Hopper”.

San áireamh sna smachtbhannaí sin bhí cosc ar thaisteal agus reo sócmhainní. Agus rud eile, tá cosc ar dhaoine agus ar eintitis san Aontas cistí a chur ar fáil dóibh siúd ar na liosta.

[47] Cinneadh (CBES) ón gComhairle 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit, 17 Bealtaine 2019.

[48] Cinneadh (CBES) ón gComhairle 2020/1127 an 30 Iúil 2020 lena leasaítear an cinneadh réamhluaite (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit.

## An chibearshlándáil agus an chibearchosaint

**35** Le blianta beaga anuas tá an cibearspás tar éirí níos míleata[49] agus níos armáilte[50]. Áirítear ina chúigiú réimse cogaíochta anois é, de bhreis ar an gcogaíocht ar talamh, ar muir, san aer agus sa spás. Glacadh **Creat Beartais Cibearchosanta AE** in 2014 agus nuashonraíodh é in 2018[51]. Sa nuashonrú in 2018, sainaithníodh tosaíochtaí lena n-áirítear acmhainneachtaí cibearchosanta a fhorbairt, agus líonraí cumarsáide agus faisnéise Chomhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) an Aontais a chosaint. Tá an chibearchosaint ina cuid den chreat buanchomhair struchtúrtha (PESCO) freisin, agus de chomhar AE-ECAT.

**36** Is minic an cibearspás in úsáid chun críche polaitíochta agus chun diantástáil a dhéanamh ar chibearshlándáil an Aontais agus na mBallstát agus í a threá. Tugann na gníomhaíochtaí cibirspiaireachta agus haiceála sin le fios – iad ag díriú ar rialtais náisiúnta, ar eintitis pholaitiúla agus ar institiúidí an Aontais chun faisnéis rúnaicmithe a asbhaint agus a bhailiú – go bhfuil oibríochtaí sofaisticiúla cibirspiaireachta agus mí-ionramhála sonraí á ndéanamh i gcoinne an Aontais Eorpaigh agus a chuid Ballstát. Téann **Creat Comhpháirteach an Aontais maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha** (2016) i ngleic le cibirionsaithe ar an mbonneagar criticiúil agus ar úsáideoirí príobháideacha araon, agus á thabhairt chun suntais gur féidir cibirionsaithe a dhéanamh trí fheachtais bhréagaisnéise ar na meáin shóisialta freisin[52]. Tugann sé dá aire freisin nár mhiste cur leis na feachtais eolais, agus an comhar idir an tAontas agus

[49] An Lárionad don Staidéar ar Bheartas na hEorpa, *Strengthening the EU's Cyber Defence Capabilities – Report of a CEPS Task Force*, Samhain 2018.

[50] Maidir leis na bogearraí mailíseacha a bhí taobh thiar d'ionsaí bogearraí éirice WannaCry, a ndearna na Stáit Aontaithe, RA agus an Astráil a chur síos don Chóiré Thuaidh, b'iad Gníomhaireacht Slándála Náisiúnta na Stát Aontaithe a rinne iad a fhorbairt agus a stoc-charnadh i dtosach báire chun dul i dtír ar leochaileachtaí in Windows.
*Foinse*: A. Greenberg, WIRED, 19 Nollaig 2017. Tar éis na n-ionsaithe, cháin Microsoft leochaileachtaí bogearraí a bheith á stoc-charnadh ag rialtais agus d'iarr siad an athuair go dtionólfaí Comhdháil Dhigiteach na Ginéive.

[51] *EU Cyber Defence Policy Framework (nuashonrú 2018)*, 14413/18, 19 Samhain 2018.

[52] An Coimisiún Eorpach/an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, *Joint Framework on countering hybrid threats: a European Union response*, JOIN(2016) 18 final, 6 Aibreán 2016.

ECAT a fheabhsú, rud ar cuireadh bunús leis i nDearbhuithe Comhpháirteacha AE-ECAT 2016 agus 2018[53].

## Caiteachas cibearshlándála AE: scaipthe agus ag titim ar chúl

### Caiteachas níos lú ar an gcibearshlándáil in AE-27 ná i SAM

**37** Is deacair an caiteachas poiblí ar an gcibearshlándáil a mheas, mar gur caiteachas trasearnála a bhíonn i gceist agus mar gur minic nach féidir an caiteachas cibearshlándála a idirdhealú ón gcaiteachas TF i gcoitinne[54]. Dealraíonn sé áfach ó na sonraí atá ar fáil go raibh an **caiteachas poiblí ar an gcibearshlándáil** san Aontas sách íseal go dtí seo:

- In 2020, is thart ar **$17.4 billiún**[55] a bhí i mbuiséad rialtas feidearálach SAM don chibearshlándáil amháin.
- Mar bhonn comparáide, mheas an Coimisiún an caiteachas poiblí ar an gcibearshlándáil a bheith idir **aon bhilliún euro agus dhá bhilliún euro** sa bhliain i gcás Bhallstáit uile an Aontais Eorpaigh (nuair a chuirtear OTI na mBallstát le chéile tá sé beagnach comhionann le OTI SAM)[56].
- Maidir le cuid mhaith de na Ballstáit agus a gcaiteachas poiblí ar an gcibearshlándáil mar chéatadán den OTI, meastar go mbíonn sé thart ar **an deichiú cuid de leibhéil SAM**, nó níos ísle fiú[57].

---

[53] Joint declaration by the Presidents of the European Council and the European Commission, and the Secretary General of the North Atlantic Treaty Organization, 8 Iúil 2016 agus 10 Iúil 2018.

[54] An Coimisiún Eorpach, COM(2018) 630 final, 12 Meán Fómhair 2018.

[55] The White House, *Cybersecurity budget fiscal year 2020*.

[56] An Coimisiún Eorpach, Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin: Impact Assessment Accompanying the document “Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council establishing the Digital Europe programme for the period 2021-2027”, SWD(2018) 305 final, 6 Meitheamh 2018.

[57] The Hague Centre for Strategic Studies, *Dutch investments in ICT and cybersecurity: putting it in perspective*, Nollaig 2016.

## 2014-2020: Cistiú cibearshlándála AE scaipthe ar ionstraimí éagsúla

**38** Deir an Coimisiún[58] go bhfuil deich n-ionstraimí éagsúla ann ar a laghad faoi bhuiséad ginearálta an Aontais trínar féidir cúrsaí cibearshlándála a mhaoiniú (féach ***Bosca 12*** maidir leis na príomhchláir i dtéarmaí airgeadais). **Ba lú ná €200 milliún sa bhliain** ar an iomlán, cistiú an Aontais ar an gcibearshlándáil neamh-mhíleata sa tréimhse 2014-2020. Ná níl aon ionstraim chistiúcháin uile-Aontais ann a thacaíonn leis na Ballstáit a gcuid gníomhaíochtaí cibearshlándála a chomhordú.

[58] An Coimisiún Eorpach, *Impact assessment accompanying the proposal for a Regulation establishing the European Cybersecurity Industrial, Technology and Research Competence Centre and the Network of National Coordination Centres,* SWD(2018) 403 final, 12 Meán Fómhair 2018.

### Bosca 12

### Cláir AE ag tacú le tionscadail chibearshlándála (2014-2020)

- Faoi **chláir thaighde Fís 2020** an Aontais Eorpaigh, leithdháileadh thart ar €600 milliún ar thionscadail chibearshlándála agus chibearchoireachta don tréimhse 2014-2020. San áireamh ansin bhí €450 milliún ar an cPPP maidir leis an gcibearshlándáil do 2017-2020, agus é mar aidhm leis €1.8 billiún sa bhreis a mhealladh ón earnáil phríobháideach;
- forálann **Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE)** do ranníocaíocht suas le €400 milliún i gcomhair infheistíochtaí na mBallstát sa chibearshlándáil go dtí deireadh 2020;
- mhaoinigh **an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE)** infheistíochtaí thart ar €30 milliún sa bhliain. San áireamh ansin tá cómhaoiniú na bhfoirne náisiúnta phráinnfhreagartha ríomhaire (CERTanna) a cheanglaítear ar na Ballstáit a bhunú faoi Threoir NIS, ar chostas thart ar €13 mhilliún sa bhliain, ó 2016 go 2018[59];
- **an Ciste Slándála Inmheánaí – Póilíní (ISF-P)** a thacaíonn le staidéir, cruinnithe saineolaithe agus gníomhaíochtaí cumarsáide; b'ionann sin agus beagnach €62 mhilliún idir 2014 agus 2017. Bíonn Ballstáit in ann deontais i gcomhair trealaimh, oiliúna, taighde agus bailiú sonraí a fháil freisin, faoi bhainistíocht chomhroinnte. Tá 19 de na Ballstáit a ghlac na deontais sin, suim €42 mhilliún ar an iomlán;
- thug an **clár um Cheartas** €9 milliún chun tacú leis an gcomhar dlíthiúil agus le conarthaí um chúnamh dlí frithpháirteach, agus fócas sonrach ar shonraí leictreonacha agus faisnéis airgeadais a bheith á malartú.

[59] Airteagal 9(2), de Threoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 6 Iúil 2016 maidir le bearta chun leibhéal ard slándála gréasán agus faisnéise a áirithiú ar fud an Aontais ("Treoir NIS").

**39** Leithdháileadh €500 milliún freisin ó bhuiséad an Aontais ar **an gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta** in 2019 agus 2020[60]. Díríonn an clár ar chomhordú agus éifeachtacht chaiteachas cosanta na mBallstát a fheabhsú trí dhreasachtaí don fhorbairt chomhpháirteach. Tá sé mar aidhm aige €13 bhilliún ar an iomlán a ghiniúint mar infheistíocht sna cumais chosanta i ndiaidh 2020, tríd an gCiste Eorpach Cosanta, agus caithfear cuid de ar an gcibearchosaint. Agus ar deireadh, faoin **tionscnamh um Shlándáil na hEorpa**, déanfaidh an Banc Eorpach Infheistíochta €6 bhilliún a chur ar fáil i bhfoirm cistiú dé-úsáide (taighde agus forbairt /cibearshlándáil agus slándáil shibhialta) idir 2018 agus 2020[61].

### 2021-2027: an clár nua don Eoraip Dhigiteach

**40** Chinn an Chomhairle, ina cuid conclúidí ó Iúil 2020 maidir leis an gCreat nua Airgeadais ilbhliantúil (CAI) don tréimhse 2021-2027, go ndéanfadh an **clár don Eoraip Dhigiteach (DEP)**[62] infheistíocht in acmhainneachtaí straitéiseacha digiteacha, amhail ríomhaireacht ardfheidhmíochta AE, intleacht shaorga agus cibearshlándáil. Cuirfidh sé le hionstraimí eile, go háirithe Fís Eorpach agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, chun tacú le claochlú digiteach na hEorpa.

**41** Chinn an Chomhairle freisin €6.8 billiún a leithdháileadh chuig an gclár don Eoraip Dhigiteach don tréimhse 2021-2027, nó thart ar **€970 milliún sa bhliain**. Is méadú suntasach é i gcomparáid le 2014-2020, ach níos lú ná an méid a mhol an Coimisiún i dtosach (€8.2 billiún don tréimhse chéanna sin, agus €2 bhilliún euro á dhíriú ar thionscal cibearshlándála an Aontais a neartú agus ar an gcosaint shochaíoch i gcoitinne, mar shampla trí thacú le cur chun feidhme Treoir NIS).

---

[60] An Coimisiún Eorpach, Rialachán (AE) 2018/1092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais (OI L 200, 7.8.2018, lch. 30).

[61] An Banc Eorpach Infheistíochta, *The EIB Group Operating Framework and Operational Plan 2018*, 12.12.2017.

[62] An Coimisiún Eorpach, *Europe investing in digital: the Digital Europe Programme*, Meán Fómhair 2020.

# CUID II – Forléargas ar obair na nUasfhoras Iniúchóireachta

## Réamhrá

**42** Tá tábhacht straitéiseach leis an gcibearshlándáil agus lenár neamhspleáchas digiteach don Aontas agus dá Bhallstáit anois. Maireann laigí i rialachas na cibearshlándála san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach sna Ballstáit uile i gcónaí, fiú más laigí ar leibhéil éagsúla iad. Cuireann sé sin isteach ar ár gcumas cibirionsaithe a theorannú agus, nuair is gá, freagairt a thabhairt orthu.

**43** Dá ainneoin sin áfach, léirigh suirbhé ar uasfhorais iniúchóireachta AE (SAI) in 2018, go raibh thart ar a leath agus gan réimse na cibearshlándála iniúchta riamh acu. Chuir na huasfhorais iniúchóireachta dlús lena gcuid obair iniúchóireachta ar an gcibearshlándáil ó shin, agus fócas ar leith acu ar chosaint sonraí, ullmhacht na gcóras i gcoinne cibirionsaithe, agus na córais sna fóntais phoiblí bhunriachtanacha a chosaint. Scrúdaigh siad ábhair an-ábhartha eile freisin. Ní féidir gach iniúchadh díobh a phoibliú ar ndóigh, óir d'fhéadfadh faisnéis íogair (faoin tslándáil náisiúnta) a bheith i gcuid díobh.

**44** Toisc a thábhachtaí atá an chibearshlándáil d'fheidhmiú ár sochaithe agus institiúidí polaitiúla, chinn an Coiste Teagmhála an choimre iniúchóireachta i mbliana a dhíriú ar an topaic sin. Sa chuid seo, cuid II, achoimrítear torthaí iniúchóireachtaí áirithe maidir leis an gcibearshlándáil atá déanta ag SAI an dá Bhallstát déag ar rannchuidithe iad agus ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa. Rannchuidigh gach SAI rannpháirteach le tuarascáil iniúchóireachta amháin díobh siúd a roghnaíodh, a bhfuil achoimre eile fós uirthi i gcuid III. Rinneadh go leor iniúchóireachtaí eile ar an ábhar, mar is léir ó na tuarascálacha thairis sin a dtagraíonn na SAI rannpháirteacha dóibh.

## Modheolaíocht na hiniúchóireachta agus na topaicí a cumhdaíodh

**45** Maidir leis an gcineál iniúchóireachta a rinneadh i gcomhair na dtuarascálacha iniúchóireachta a bhfuil achoimre orthu sa Choimre seo, is iniúchadh feidhmíochta a rinne formhór na SAI rannchuiditheach, ar ábhair a bhaineann leis an gcibearshlándáil, agus bhí dhá SAI (sa Pholainn agus san Ungáir) a rinne iniúchadh comhlíontachta agus SAI amháin (CIE) a rinne athbhreithniú beartais.

**46** Nuair a bhí cinneadh á dhéanamh acu maidir lena gcur chuige i leith na hiniúchóireachta, rinne formhór na SAI an iniúchóireacht a dhearadh ionas go bhféadfaí an t-ábhar le hiniúchadh a mheasúnú ar dhá bhealach ar a laghad. D'fhéadfadh athbhreithniú ar dhoiciméid ar ardleibhéal straitéise (e.g. Náisiúnta) nó ar bheartais shonracha a bheith i gceist, nó athbhreithniú ar nósanna imeachta féachaint an raibh modheolaíocht sheanbhunaithe COBIT á comhlíonadh (féach ***Bosca 13***) nó athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras bainistíochta TF atá i bhfeidhm. Bhí SAI amháin ann (Cúirt Iniúchóireachta na hÍsiltíre) a bhain leas as haiceálaithe eiticiúla fiú chun éifeachtacht na gcóras cibearshlándála a thástáil, i gcás rialú teorann agus na struchtúr criticiúil uisce. Tugann ***Bosca 14*** achoimre scéimiúil ar na modhanna agus teicnící a bhí in úsáid ag na SAI difriúla chun a gcuid obair iniúchóireachta a dhéanamh.

### Bosca 13

### Céard é COBIT?

Is creat dea-chleachtas agus nósanna imeachta aitheanta é COBIT (Cuspóirí Rialaithe maidir le Teicneolaíocht Faisnéise agus Teicneolaíocht Ghaolmhar) maidir le bainistiú TF agus Rialachas TF, arna shainiú ag ISACA (an Cumann um Iniúchadh agus Rialú Córas Faisnéise). Cuidíonn sé leis an eagraíocht cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach trí úsáid éifeachtach a dhéanamh de na hacmhainní atá ar fáil agus trí na rioscaí TF a íoslaghdú. Déanann COBIT idircheangal idir rialachas na bhfiontar agus rialachas TF. Chun an ceangal a dhéanamh, nasctar na spriocanna gnó agus na spriocanna TF, déantar meadarthachtaí agus samhlacha aibíochta a shainiú chun gnóthachan na gcuspóirí a thomhas agus déantar freagrachtaí úinéirí na bpróiseas gnó agus TF a shainiú.

**47** Díríodh ar raon an-éagsúil topaicí le linn don chibearshlándáil a bheith á hiniúchadh. Rinne cuid de na SAI iniúchóireacht ar réimsí an-sonrach den leas poiblí; rinne SAI na hÍsiltíre mar shampla iniúchóireacht ar chibearshlándáil a cuid cosaintí mara, cosaintí fíor-riachtanacha, agus a cuid córas bainistíochta uisce. Bhí SAI eile, amhail iad siúd in Éirinn agus san Ungáir, a dhírigh ar cheisteanna i bhfad níos cothrománaí, amhail an straitéis náisiúnta cibearshlándála a chur chun feidhme agus sonraí pearsanta agus sócmhainní sonraí náisiúnta a chosaint. Dá ainneoin sin, thug na SAI uile faoi cheisteanna a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar sheirbhísí poiblí nó ar an mbonneagar.

**48** D’aithin SAI na hEastóine agus na Liotuáine tábhacht straitéiseach sócmhainní sonraí náisiúnta atá ríthábhachtach dá slándáil náisiúnta agus do chosaint a sláine ar chibirionsaithe seachtracha. Rinne SAI na Danmhairge iniúchóireacht ar leith chun slándáil cheithre chomhlacht poiblí a mheasúnú i dtaca le hionsaithe bogearraí éirice. Rinne SAI na hÍsiltíre, na Polainne agus na Portaingéile iniúchóireacht ar éifeachtúlacht chórais TF éagsúla a thugann tacaíocht do sheiceálacha rialaithe ag an teorainn (ag aerfort Schiphol, Príomhcheannasaíocht na nGardaí Teorann agus Aireacht Ghnóthaí Inmheánacha agus Riaracháin sa Pholainn agus ag teorainneacha na Portaingéile, faoi seach), ionas go rabhthas ag díriú ar an tslándáil laistigh den Aontas Eorpach freisin.

## Tréimhse na hiniúchóireachta

**49** Is idir 2014 agus 2020 a foilsíodh an rogha tuarascálacha iniúchóireachta atá sa choimre seo. Mhair an tréimhse iniúchóireachta dhá bhliain nó níos mó i bhformhór na cásanna, cé go raibh ceithre cinn (ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFrainc agus ón bPortaingéil) ar bhain tréimhse iniúchóireachta aon bhliain amháin leo.

## Cuspóirí na hiniúchóireachta

**50** Dhírigh na SAI éagsúla a rannchuidigh leis an gCoimre seo ar rioscaí éagsúla le linn a gcuid obair iniúchóireachta. B’iad seo a leanas na rioscaí ar díríodh orthu san obair a rinne siad: bagairtí ar chearta shaoránaigh indibhidiúla an Aontais trí shonraí pearsanta a bheith á míláimhseáil, an riosca d’institiúidí as gan a bheith in ann seirbhís phoiblí thábhachtach a sheachadadh nó gan ach feidhmíocht theoranta acu, iarmhairtí tromchúiseacha don tslándáil phoiblí, don leas sóisialta agus do gheilleagar an Bhallstáit agus don chibearshlándáil san Aontas Eorpach. Bhi ceithre SAI (ón Eastóin, ón Ungáir, ón Ísiltír agus ón bPprtaingéil) a chlúdaigh trí cinn nó níos mó de na topaicí a luaitear sna tuarascálacha iniúchóireachta dá gcuid sa choimre seo.

**51** Is sainchúram de chuid na mBallstát i gcónaí í an chibearshlándáil. Dá ainneoin sin, de réir mar a d’éirigh reachtaíocht an Aontais níos forleithne agus níos sonraíche le himeacht ama, tá formhór na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí a ndéanann na SAI iniúchóireacht orthu ag rannchuidiú cheana féin chun cuspóirí Straitéis Chibearshlándála na hEorpa a bhaint amach, cé nach mbeidís ar fad á dhéanamh ar an ráta céanna. Mar shampla, rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in Éirinn iniúchóireacht ar chur chun feidhme Threoir AE maidir le slándáil gréasán agus faisnéise, a bhfuil mar aidhm aici athléimneacht na bpríomhchóras gréasáin agus

faisnéise a fheabhsú; agus thug sí comhairle maidir leis an gcur chun feidhme a fheabhsú. Agus ar an gcaoi chéanna, chumhdaigh iniúchóireacht SAI na hUngáire gné na comhlíontachta le treoracha reatha AE.

**52** Sainaithníonn ***Bosca 14*** freisin cathain a thug toradh iniúchóireachta méadú ar chibear-athléimneacht an iniúchaí, laghdú ar chibearchoireanna nó cathain a chuideodh sé chun beartais chibearchosanta a fhorbairt agus inniúlachtaí a neartú, feabhas a chur ar fhorbairt agus dul chun cinn a dhéanamh ar an gcomhar ar an leibhéal idirnáisiúnta; sin na príomhchuspóirí le straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh. Dhírigh na moltaí a thug na SAI, i bhformhór na gcásanna, ar bhreis agus dhá chuspóir straitéiseacha atá an tAontas Eorpach ag iarraidh a bhaint amach.

**53** Rud eile de, san obair iniúchóireachta a rinne na SAI, aithníodh gurb í an tslándáil nó bearnaí sa chur chun feidhme a thug ar na hinstitiúidí a iniúchadh iarrachtaí breise a dhéanamh. Mar shampla, le linn obair na hiniúchóireachta, bhí ceithre institiúid sa Danmhairg a ndearnadh iniúchóireacht orthu a thosaigh cheana féin ar na rialuithe slándála réamhbhreathnaitheacha a chur chun feidhme chun méadú suntasach a dhéanamh ar leibhéal na cosanta ar ionsaithe bogearraí éirice, d’fhorbair siad acmhainneachtaí cosanta agus mhéadaigh siad ar an gcibear-athléimneacht ionas nach mbeidís chomh neamhchosanta céanna ar an gcibearchoireacht amach anseo.

**54** Feictear dúinn freisin gur tháinig moltaí iniúchóireachta ó leibhéil éagsúla bainistíochta agus freagrachta, iad ag díriú ar an rialtas láir, ar aireachtaí agus ar ghníomhaireachtaí ar an leibhéal oibríochta, nó ar úinéirí na gcóras TF.

## Bosca 14

### Forléargas ar obair iniúchóireachta na SAI maidir leis na rannchuidithe a thugtar sa choimre (cuid 1)

| An príomhréimse fócais | | An Danmhairg | An Eastóin | Éire | An Fhrainc | An Laitvia | An Liotuáin | An Ungáir | An Ísiltír | An Pholainn | An Phortaingéil | An Fhionlainn | An tSualainn | AE (CIE) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An cineál iniúchóireachta | Feidhmíocht | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | |
| | Comhlíontacht | | | | | | | ✓ | | ✓ | | | | |
| | Athbhreithniú | | | | | | | | | | | | | ✓ |
| Cur chuige iniúchóireachta | Athbhreithniú ar bheartais | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| | Athbhreithniú ar nósanna imeachta | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| | Athbhreithniú ar chórais | ✓ | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | |
| | Measúnú stóinseachta le tástáil dhíreach | | | | | | | | ✓ | | ✓ | | | |
| Bagairtí ar tugadh fúthu | Tionchar ar chearta indibhidí | | ✓ | | ✓ | | | ✓ | | | ✓ | | | ✓ |
| | Tionchar ar bhonneagar nó ar sheirbhísí poiblí | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| | Tionchar ar an tslándáil náisiúnta | | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | | |
| | Tionchar ar an tslándáil san AE | ✓ | | | | | | | ✓ | | ✓ | | | ✓ |

## Forléargas ar obair iniúchóireachta na SAI maidir leis na rannchuidithe a thugtar sa choimre (cuid 2)

| An príomhréimse fócais | | An Danmhairg | An Eastóin | Éire | An Fhrainc | An Laitvia | An Liotuáin | An Ungáir | An Ísiltír | An Pholainn | An Phortaingéil | An Fhionlainn | An tSualainn | AE (CIE) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cuspóirí straitéiseacha chibearshlándáil AE a cumhdaíodh | Ag cur leis an gcibear-athléimneacht | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| | An chibearchoireacht a laghdú | ✓ | | | | | ✓ | | | | | | | ✓ |
| | Beartais agus acmhainneachtaí cosanta a fhorbairt | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | ✓ |
| | Acmhainní teicneolaíochta a fhorbairt | | | | ✓ | ✓ | | | ✓ | | | | ✓ | |
| | Comhar idirnáisiúnta a fheabhsú (beartais) | | | ✓ | | | | ✓ | | | | | | ✓ |
| An leibhéal a raibh na moltaí dírithe air | Rialtas láir | ✓ | ✓ | | | | ✓ | | | | | ✓ | ✓ | ✓ |
| | Oibríochtúil (aireachtaí agus gníomhaireachtaí) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| | Úinéirí na gcóras TF | ✓ | | | ✓ | | | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |

## Na príomhbharúlacha iniúchóireachta

**55** Tugtar achoimre ar phríomhbharúlacha iniúchóireachta na SAI sna ranna a leanas.

### Iniúchtaí Feidhmíochta

**56** Mheasúnaigh ***Rigsrevisionen* na Danmhairge** féachaint an raibh cosaint shásúil ag institiúidí bunriachtanacha rialtais ar bhogearraí éirice. Is minic a dhéantar cibirionsaithe ar institiúidí rialtais, agus tá bogearraí éirice ar na bagairtí cibearshlándála is mó faoi láthair. Bhain an iniúchóireacht le hÚdarás Sonraí Sláinte na Danmhairge, an Aireacht Ghnóthaí Eachtracha, Banedanmark (gréasán iarnróid na Danmhairge) agus Gníomhaireacht Bhainistithe Cásanna Éigeandála na Danmhairge. Roghnaíodh na ceithre institiúid sin mar go bhfuil siad freagrach as seirbhísí bunriachtanacha sláinte, gnóthaí eachtracha, iompair agus ullmhachta d'éigeandálacha a sheachadadh, cásanna ina mbíonn sé ríthábhachtach an rochtain ar shonraí a áirithiú. Fuair an iniúchóireacht nach raibh cosaint shásúil ag na ceithre institiúid ar bhogearraí éirice. Léirigh an obair iniúchóireachta go raibh rialuithe slándála coitianta ann chun maolú ar ionsaithe nach raibh curtha chun feidhme ag na ceithre institiúid. Tháinig an t-iniúchadh ar an gconclúid gurbh fhiú do na hinstitiúidí cuimhneamh ar rialuithe slándála réamhbhreathnaitheacha a chur chun feidhme chun cur lena stóinseacht i gcoinne ionsaithe bogearraí éirice.

**57** D'aithin ***Riigikontroll na hEastóine*** go bhfuil níos mó ná cosaint fhisiciúil na críche i gceist lena neamhspleáchas a chaomhnú, go bhfuil sócmhainní digiteacha a bhfuil tábhacht phríomhúil leo don Stát le cosaint freisin. Na sócmhainní digiteacha a mbíonn an chosaint is mó de dhíth orthu, is sonraí eolais iad a bhaineann le saoránaigh, leis an gcríoch agus leis an reachtaíocht. Caithfear sonraí a bhaineann le maoin, réadmhaoin agus cearta chónaitheoirí na hEastóine a choinneáil slán freisin. Chuir Oifig Iniúchóireachta na hEastóine san áireamh go bhféadfadh cibearbhagairtí tarlú dá dtiocfadh méadú ar na fadhbanna slándála. Mar thoradh ar chásanna eiseamláireacha riosca den sórt sin agus méadú ar líon na dteagmhas slándála faisnéise, amhail cibirionsaithe agus sceití sonraí, d'fhéadfaí na sonraí agus na bunachair sonraí is tábhachtaí don Stát a chur i mbaol. D'fhéach an t-iniúchadh dá réir sin ar an gcaoi ar chinn an Stát cé na sonraí agus na bunachair sonraí a bhí criticiúil chun an tslándáil náisiúnta a ráthú. Tháinig an t-iniúchadh ar an gconclúid, ainneoin cur chun feidhme

chóras bunlíne slándála trí leibhéal ISKE[63], córas atá éigeantach i gcás gníomhaireachtaí stáit, go raibh easpaí suntasacha ann maidir le slándáil faisnéise a ráthú i gcás lear mór bunachar sonraí ríthábhachtach.

**58** D’athbhreithnigh ***Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste* in Éirinn** an dul chun cinn a rinneadh maidir le bearta cibearshlándála ó bunaíodh an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála in Éirinn. Is í an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a ritheann an lárionad, a bunaíodh in 2011. Baineann a phríomhfhócas le gréasáin rialtais a áirithiú, cuidiú le lucht tionscail agus le hindibhidí a gcórais féin a chosaint, agus an príomhbhonneagar náisiúnta a áirithiú. Tháinig an t-iniúchadh ar an gconclúid go raibh feidhm chriticiúil á comhlíonadh ag an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, go raibh leibhéal an acmhainnithe sna ceithre bliana tosaigh cuid mhaith níos lú ná mar a samhlaíodh i dtosach báire agus go raibh plean straitéiseach in easnamh ar threoir straitéiseach fhoriomlán an lárionaid. Thairis sin, bhí breis soiléireachta de dhíth maidir le róil na gcomhlachtaí faoi seach a bhí ag plé le himscrúdú na cibearchoireachta agus teagmhais slándála náisiúnta. Thairis sin, bhí na ceanglais sa Treoir NIS a bhain le straitéis náisiúnta a fhorbairt le cur chun feidhme i gcónaí.

**59** Rinne an ***Cour des comptes* sa Fhrainc** grinnscrúdú ar “*Parcoursup*”, ardán digiteach nua a fheidhmíonn mar fhoinse faisnéise faoi na cúrsaí ollscoile atá ar fáil agus na riachtanais iontrála, agus a bhfuil mar aidhm leis cumais agus torthaí acadúla na mac léinn dara leibhéil agus ábhar na gcúrsaí oideachais tríú leibhéil a mheaitseáil níos fearr. Fuair an t-iniúchadh gur éirigh leis an rialtas an rochtain ar an staidéar iar-dhara leibhéil uile a lárú, leis an ardán digiteach, chun go mbeidís in ann déileáil le leathnú an ardoideachais. Is amhlaidh áfach gur athmhúnlaíodh an seanchóras faoi dheifir chun an “*Parcoursup*” nua a chur ar fáil, ach nach ndearnadh aon athruithe struchtúrtha substainteacha air. Is é sin, níor réitíodh leochaileachtaí sa chóras faisnéise a bhain le slándáil, feidhmíocht agus stóinseacht. Baineann rioscaí suntasacha leis an ardán i gcónaí ó thaobh cáilíocht agus leanúnachas na seirbhíse don phobal agus ó thaobh slándáil sonraí pearsanta.

---

[63] Caighdeán slándála faisnéise is ea ISKE a forbraíodh d’earnáil phoiblí na hEastóine, agus atá éigeantach d’eagraíochtaí stáit agus d’údaráis áitiúla a bhíonn ag plé le bunachair sonraí/clárlanna.

**60** Chuir ***Valsts Kontrole* na Laitvia** iniúchadh feidhmíochta i gcrích ar éifeachtúlacht an bhonneagair phoiblí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC). B'é cuspóir na hiniúchóireachta, a fhíorú an raibh cur chuige aontaithe ag an riarachán poiblí i leith bainistiú éifeachtach an bhonneagair TFC agus an raibh measúnú ar bhuntáistí an láraithe déanta ag na hinstitiúidí. Fuair an t-iniúchadh gurbh é a bhí mar thoradh ar dhrogall na n-institiúidí bainistiú lárnach a dhéanamh ar an mbonneagar TFC gur bunaíodh go leor seomraí freastalaithe, rud a chuir go suntasach leis na costais chothabhála. Bhí bagairtí slándála i láthair i bhformhór sheomraí na bhfreastalaithe, agus ní raibh cosaint leordhóthanach sna lárionaid sonraí ar an rochtain fhisiciúil agus ar rioscaí timpeallachta. Rud eile de, níor tionscnaíodh cleachtas sna hinstitiúidí chun meastóireachtaí rialta a dhéanamh faoina mbeadh sé níos saoire an bonneagar TFC a chothabháil go hinmheánach, dul i gcomhar le hinstitiúid eile nó an chothabháil TFC a sheachfhoinsiú. Mhol an t-iniúchadh córas faireacháin rialta faoina gcumasófaí an riarachán poiblí uile a bheith á mheas mar aon chóras amháin.

**61** D'aithin ***Valstybės kontrolė* na Liotuáine** an tábhacht a bhaineann le hacmhainní faisnéise leictreonaí an Stáit a bheith á gcur chun feidhme, amhail bainistiú airgeadais rialtais, riarachán cánach agus cúram sláinte. Dá gcaillfí faisnéis chriticiúil agus gan na córais faisnéise chomhfhreagracha ar fáil, d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ann don tslándáil phoiblí, do chúrsaí leasa shóisialta agus don gheilleagar. D'fhéach an t-iniúchadh le meastóireacht a dhéanamh ar bhainistiú (rialú ginearálta) agus ar aibíocht acmhainní faisnéise criticiúla an Stáit. Shainaithin sé fadhbanna sistéamacha i bhfoirmiú agus i gcur chun feidhme bheartas acmhainní faisnéise an Stáit agus sa sásra a bhí á mbainistiú, araon. Tháinig an t-iniúchadh ar an gconclúid gur chósúil, ón leibhéal íseal aibíochta i gcás acmhainní criticiúla faisnéise an Stáit, go raibh laigí i bhfoirmiú agus i gcur chun feidhme bheartas acmhainní faisnéise an Stáit, ionas go raibh na hacmhainní sin níos leochailí fós. Chun cur le slándáil na n-acmhainní slándála Stáit, níor mhiste an sásra bainistithe a fheabhsú.

**62** In 2018, chinn ***Cúirt Iniúchóireachta* na hÍsiltíre** iniúchóireachtaí a dhéanamh ar an gcibearshlándáil in earnálacha atá ríthábhachtach don tsochaí. B'iad bainistiú uisce agus uathrialú teorann an chéad dá earnáil a iniúchadh, agus an chéad cheann acu fíor-riachtanach do náisiún a bhfuil an chuid is mó dá thír faoi leibhéal na farraige, an dara ceann ag éirí as suíomh aerfort Schiphol in Amstardam, mol idirnáisiúnta agus geata isteach sa tír. Rinne an tAire um Bonneagar agus um Bainistiú Uisce líon áirithe struchtúr uisce atá á mbainistiú ag an Ard-Stiúrthóireacht um Oibreacha Poiblí agus Bainistiú Uisce (an t-iniúchaí) a ainmniú ina "bpáirteanna criticiúla" d'earnáil bhainistiú an uisce. Téann cuid mhaith de na córais ríomhaireachta a úsáidtear in oibriú na

struchtúr criticiúil uisce siar go dtí na 1980idí agus na 1990idí, tráth nach mbíodh an chibearshlándáil san áireamh mórán. Tá freagracht chomhpháirteach ar an Aire Cosanta agus ar an Aire Ceartais agus Slándála as na seiceálacha rialaithe ag teorainneacha a dhéanann gardaí teorann na hÍsiltíre in aerfort Schiphol. Tá córais TF in úinéireacht an dá aireacht, agus na gardaí teorann ag brath orthu. Is córais chriticiúla iad d'oibríochtaí an aerfoirt, agus déantar sonraí an-íogair a phróiseáil leo. Is minic iad faoi ionsaí ó chibirionsaithe a bhfuil d'aidhm leo sabaitéireacht nó spiaireacht a dhéanamh nó na seiceálacha rialaithe ag teorainneacha a mhí-ionramháil. Scrúdaigh an t-iniúchadh féachaint an raibh na hiniúchaithe ullamh chun déileáil le cibearbhagairtí, agus an ndearnadh ullmhúchán éifeachtach chuige sin. I gcás na struchtúr uisce, bhí a thuilleadh fós le déanamh ag an iniúchaí, i dtaca le brath agus freagairt de, chun a spriocanna cibearshlándála féin a shásamh. Maidir leis na rialuithe teorann de, fuarthas nár leor na beartais chibearshlándála agus nach mbeidís slán i bhfad na haimsire.

**63** D'iniúch ***Tribunal de Contas* na Portaingéile** na córais faisnéise a thacaíonn le bronnadh, eisiúint agus úsáid Phas Leictreonach na Portaingéile (PEP), go háirithe le linn bhraitheoireacht uathoibrithe ar phaisinéirí ag teorainneacha na Portaingéile. D'fhíoraigh an t-iniúchadh go raibh dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta á gcomhlíonadh, go raibh caighdeáin idirnáisiúnta agus treoirlínte maidir le PEP a bhronnadh, a eisiúint agus a úsáid á gcomhlíonadh freisin, agus go raibh an creat dlíthiúil náisiúnta sásúil. Scrúdaíodh éifeachtúlacht na n-eochairphróiseas a ghabhann le saolré PEP, go háirithe iad siúd a ghabhann le PEP a bhronnadh, a eisiúint agus a úsáid. D'athbhreithnigh an t-iniúchadh gnéithe criticiúla d'fheidhmíocht na gcóras faisnéise freisin, comhlíonadh na gceanglas slándála maidir le córais faisnéise PEP (SIPEP), go háirithe.

**64** Scrúdaigh ***Valtiontalouden tarkastusvirasto* na Fionlainne** an raibh an chibearchosaint sa rialtas láir chomh héifeachtach agus chomh cost-éifeachtúil agus ab fhéidir. Dhírigh an t-iniúchadh ar an gcaoi a raibh cibearshlándáil an rialtais láir á bainistiú. Ar na heintitis a iniúchadh bhí na húdaráis a rialaíonn an chibearchosaint sa rialtas láir (Oifig an Phríomh-aire, an Aireacht Airgeadais agus an Aireacht Iompair agus Cumarsáide) agus na húdaráis a bhí freagrach as cúraimí cibearchosanta láraithe agus seirbhísí TF láraithe sa rialtas láir. I rialtas na Fionlainne is freagracht dhíláraithe í an fhreagracht as cibearchosaint, ionas go bhfuil gach comhlacht corparáideach ar leith freagrach as a chibearshlándáil féin. Mhol an t-iniúchadh go ndéanfadh an Aireacht Airgeadais samhail leathan de bhainistíocht oibríochtúil a shainiú agus a chur chun feidhme ar fhaitíos teagmhas cibearshlándála i seirbhísí TFC an rialtais láir. Ba cheart don Aireacht Airgeadais a fháil amach freisin cén chaoi a dtabharfar faoi

chibearshlándáil na seirbhísí, le linn do na seirbhísí a bheith á gcistiú i gcaitheamh a saolré, agus na húdaráis a threorú chun cibearsháruithe a thuairisciú don Lárionad Cibearshlándála d'fhonn an fheasacht staide oibríochtúil a fheabhsú.

**65** Dhírigh ***Riksrevisionen* na Sualainne** ar líon na gcóras dífheidhmeach TF i riarachán an rialtais láir féachaint ar ghlac an rialtas agus na húdaráis bearta cuí chun nach mbeadh na córais TF ina mbac ar an digiteáil éifeachtach. D'aithin an t-iniúchadh córais dhífheidhmeacha TF i líon mór gníomhaireachtaí rialtais. I gcuid mhaith de na gníomhaireachtaí a iniúchadh, bhí córas TF amháin nó níos mó dífheidhmeach ach é ríthábhachtach ó thaobh gnó de, agus bhí cion suntasach de na gníomhaireachtaí a scrúdaíodh nach raibh an cur chuige ceart acu i leith forbairt agus riarachán na tacaíochta TF. Maidir le cion suntasach de na gníomhaireachtaí, ní raibh cur síos ginearálta acu ar na ceangail idir straitéisí, próisis oibríochtúla agus córais. B'í an chonclúid ghinearálta nár éirigh go fóill le formhór na ngníomhaireachtaí déileáil go héifeachtach leis na fadhbanna a bhaineann le córais dhífheidhmeacha TF. Measann oifig iniúchóireachta na Sualainne go bhfuil an fhadhb chomh mór agus chomh forleathan sin go bhfuil sí ina bac ar dhigitiú éifeachtach leanúnach riarachán an Stáit.

## Iniúchtaí comhlíontachta ar an gcibearshlándáil

**66** D'aithin ***Oifig Iniúchóireachta Stáit* na hUngáire** slándáil na sócmhainní sonraí náisiúnta ina leas bunúsach de chuid na sochaí, chun luachanna náisiúnta a chaomhnú agus a chosaint. Is bunriachtanas é slándáil fheabhsaithe sonraí pearsanta agus poiblí a áirithiú laistigh de shócmhainní sonraí náisiúnta na hUngáire, chun go mbeidh a thuilleadh iontaoibhe ag na saoránaigh as an stát agus chun dea-fheidhmiú leanúnach an riaracháin phoiblí a áirithiú. B'é ab aidhm leis an iniúchadh comhlíontachta maidir le cosaint sonraí, a mheasúnú ar bunaíodh an creat rialála agus oibríochtúil san Ungáir chun sonraí a chosaint, agus ar chomhlíon na príomheagraíochtaí bainistíochta sonraí na ceanglais maidir le bainistiú slán ar shonraí agus maidir le próiseáil sonraí a sheachfhoinsiú. Tháinig an t-iniúchadh ar an gconclúid gur áirithíodh, leis na rialacháin inmheánacha maidir le gníomhaíochtaí bainistithe sonraí a bhí ag na heagraíochtaí bainistithe sonraí, go raibh na sócmhainní naisiúnta sonraí á gcosaint mar chuid de na sócmhainní náisiúnta, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla a bhí i bhfeidhm idir 2011 agus 2015. Chuir na rialaitheoirí sonraí na ceanglais i bhfeidhm i gceart, agus bhíothas tar éis an t-aistriú sonraí chuig tríú páirtithe a chur chun feidhme go hiomchuí.

**67** Rinne ***Najwyższa Izba Kontroli* na Polainne** measúnú maidir le sonraí a bailíodh sna córais a bhí ceaptha cúraimí tábhachtacha poiblí a chur chun feidhme, féachaint an raibh siad slán. Cumhdaíodh sé institiúid roghnaithe a raibh cúraimí poiblí suntasacha á gcur i gcrích acu san iniúchóireacht. Níor thug leibhéal ullmhúcháin agus chur chun feidhme an Chórais Slándála Faisnéise leibhéal inghlactha slándála maidir leis na sonraí a bailíodh sna córais TF a bhí in úsáid chun cúraimí tábhachtacha poiblí a dhéanamh. Bhí na próisis slándála faisnéise á ndéanamh ar bhealach mí-ordúil agus, cheal nósanna imeachta – ar bhealach iomasach. As na sé aonad a iniúchadh, ní raibh an Córas Slándála Faisnéise curtha chun feidhme ach ag aonad amháin díobh, cé nár mhiste a lua go raibh lochtanna suntasacha ag cur isteach ar oibriú an aonaid sin freisin. Tháinig an t-iniúchadh ar an gconclúid nár mhiste moltaí agus ceanglais ghinearálta maidir le slándáil TF a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar an leibhéal lárnach, agus iad infheidhme maidir leis na heintitis phoiblí uile.

## Athbhreithnithe ar an gcibearshlándáil

**68** D'athbhreithnigh ***Cúirt Iniúchóirí na hEorpa*** leagan amach bheartas cibearshlándála an Aontais Eorpaigh agus shainaithin siad na príomhdhúshláin roimh sheachadadh éifeachtach an bheartais. Cumhdaíodh slándáil gréasáin agus faisnéise san athbhreithniú, mar aon le cibearchoireacht, cibearchosaint agus bréagaisnéis. Shainaithin an t-athbhreithniú bearnaí i ndlí cibearshlándála an Aontais, agus tugadh dá aire nach raibh an reachtaíocht reatha á trasuí go comhsheasmhach ag na Ballstáit. Agus ar deireadh, dhírigh an t-athbhreithniú ar an easpa sonraí iontaofa maidir le cibirtheagmhais ar leibhéal an Aontais, agus gan aon fhorléargas cuimsitheach a bheith ann maidir le caiteachas an Aontais agus na mBallstát ar an gcibearshlándáil. Thug an t-athbhreithniú dá aire freisin, srianta ar acmhainní a bhí ag déanamh difir do ghníomhaireachtaí cibearábhartha an Aontais, lena n-áirítear deacrachtaí le tallann a mhealladh agus a choinneáil. Bhí dúshlán eile ann a bhain le mí-ailíniú mhaoiniú na cibearshlándála le spriocanna straitéiseacha an Aontais Eorpaigh.

# CUID III – Achoimre ar thuarascálacha SAI

FOLKETINGET
RIGSREVISIONEN

**An Danmhairg**
***Rigsrevisionen***

## Cosaint ar bhogearraí éirice

**Dáta foilsithe:** 2017

**Hipearnasc chuig an tuarascáil:** Achoimre ar an tuarascáil (Leagan Béarla)

**An cineál iniúchóireachta agus an tréimhse a iniúchadh**

**An cineál iniúchóireachta:** Iniúchadh Feidhmíochta

**An tréimhse a iniúchadh:** Aibreán – Meán Fómhair 2017

## Achoimre ar an tuarascáil

### An topaic a iniúchadh

D'fhéach an tuarascáil an raibh cosaint shásúil ag institiúidí bunriachtanacha rialtais ar bhogearraí éirice.

Is minic a dhéantar cibirionsaithe ar institiúidí rialtais, agus tá bogearraí éirice ar na bagairtí cibearshlándála is mó faoi láthair. Is é a bhíonn i gceist le bogearraí éirice, bogearraí mailíseacha a bhlocálann an rochtain ar shonraí. Is iondúil go gcriptíonn bogearraí éirice na sonraí, rud a choisceann ar na hinstitiúidí faoi ionsaí úsáid a bhaint astu. Éilíonn na haiceálaithe airgead fuascailte chun na sonraí a dhíchriptiú ionas go mbeidh rochtain ag na hinstitiúidí orthu arís. Is léir ón méid sin go bhfuil bogearraí éirice ina mbagairt faoi leith ar an rochtain ar shonraí.

Má tharlaíonn sé go tobann nach mbeidh rochtain ag institiúidí ar a gcuid sonraí cruthaítear deacrachtaí dóibh maidir le seirbhísí tábhachtacha a sheachadadh nó b'fhéidir go gcuirfí cosc iomlán orthu é sin a dhéanamh. Tugtar ar institiúidí atá faoi ionsaí ó bhogearraí éirice codanna dá líonra TF, nó an líonra uile, a dhúnadh síos chun imscrúdú a dhéanamh ar mhéid an ionsaithe. D'fhéadfadh iarmhairt shuntasach eacnamaíoch a bheith ag baint le hionsaithe ó bhogearraí éirice óir bíonn na hinstitiúidí i mbaol táirgeacht a chailliúint, mar shampla má choisctear orthu rochtain a fháil ar a

líonra TF nó má chailltear sonraí a bailíodh agus a próiseáladh thar thréimhse fhada. Rinneadh ionsaí bogearraí éirice ar sheirbhís náisiúnta sláinte na Breataine in 2017 agus b'éigean 19,000 obráid agus coinne a chur ar ceal. Ba cheart do bhainistíocht institiúidí díriú ar an ábhar sin ar an riosca ó ionsaithe bogearraí éirice, agus na rialuithe slándála is gá a chur chun feidhme chun iad féin a chosaint ar bhogearraí éirice agus an iarmhairt ó ionsaí féideartha a mhaolú.

San áireamh sa staidéar bhí Údarás Sonraí Sláinte na Danmhairge, an Aireacht Ghnóthaí Eachtracha, Banedanmark (gréasán iarnróid na Danmhairge) agus Gníomhaireacht Bainistithe Cásanna Éigeandála na Danmhairge. Roghnaíodh na ceithre institiúid sin mar gurb iad atá freagrach as seirbhísí bunriachtanacha sláinte, gnóthaí eachtracha, iompair agus ullmhachta d'éigeandálacha a sheachadadh, nuair a bhíonn ríthábhacht leis an rochtain ar shonraí. Seachadann an tÚdarás Sonraí Sláinte seirbhísí TF láraithe go dtí formhór na gcomhlachtaí rialtais faoin Aireacht Sláinte freisin.

Rinneadh an staidéar chun a mheasúnú an raibh cosaint shásúil ag na ceithre institiúid ar ionsaithe bogearraí éirice ó ríomhphost. Dá réir sin scrúdaigh *Rigsrevisionen* 20 rialú slándála coitianta a thugann cosaint bhunúsach ar bhogearraí éirice. Rud eile de, d'athbhreithnigh an SAI cúig rialú slándála arbh fhiú do na hinstitiúidí a chur san áireamh ina gcuid measúnuithe riosca amach anseo. Ar na rialuithe réamhbhreathnaitheacha tá, mar shampla, nua-theicneolaíocht a d'fhéadfadh gearradh siar ar líon na mbréag-ríomhphost go dtí institiúid nó iad a bhrath agus rabhadh a sheoladh faoi ghníomhaíocht neamhghnách ar ríomhairí. B'iad *Rigsrevisionen* a thionscain an staidéar agus é bunaithe ar chinntí cheithre iniúchadh TF a rinneadh ó Aibreán go Meán Fómhair 2017. Tugann an staidéar pictiúr de chomh maith is a bhí cosaint na n-institiúidí ar bhogearraí éirice. Bhí deis ag na hinstitiúidí an 20 rialú slándála coitianta a chur chun feidhme i ndiaidh na n-iniúchtaí TF a bheith curtha i gcrích. Dá réir sin, baineann torthaí an staidéir le cosaint na n-institiúidí ar bhogearraí éirice tráth na gceithre iniúchadh TF, amháin. Tugann an staidéar cur i láthair ar fheidhmíocht na gceithre institiúid, ach níl anailís chomparáideach ann ná rangú ar a bhfeidhmíocht.

## Torthaí agus conclúidí

Measann *Rigsrevisionen* nach raibh cosaint shásúil ag na ceithre institiúid ar bhogearraí éirice. Léirigh an staidéar go raibh neart rialuithe slándála coitianta chun maolú ar ionsaithe nach raibh curtha chun feidhme ag na ceithre institiúid. Bhí bearnaí suntasacha ach go háirithe i slándáil an Údaráis Sonraí Sláinte agus Banedanmark. Is é

sin, bhí na ceithre institiúid ar fad neamhchosanta ar riosca breise ó bhogearraí éirice ó ríomhphost a d’fhágfadh iad sa riocht is nach bhféadfaidís a gcuid seirbhísí a sheachadadh go ceann tréimhsí éagsúla. Chuir gach ceann de na ceithre institiúid in iúl do *Rigsrevisionen* go bhfuil obair déanta acu ar go leor de na rialuithe slándála a chur chun feidhme chun méadú ar an leibhéal cosanta ar bhogearraí éirice ó cuireadh an staidéar i gcrích.

Níor leor leibhéal an choisc sna hinstitiúidí ar ionsaithe ó bhogearraí éirice, bídís ina mbagairtí inmheánacha nó seachtracha. Is cúis bhuartha é ach go háirithe nár fhéach aon cheann de na hinstitiúidí leis na paistí slándála a choinneáil suas chun dáta agus nach raibh geal-liostú curtha chun feidhme ag trí cinn de na hinstitiúidí chun an fhoireann a chosc ar bhogearraí mailíseacha a rith. Sin riosca breise go ndéanfadh bogearraí éirice cuid de líonra TF, nó é ar fad, a ionfhabhtú, agus go leathfadh sé .

I dtrí cinn de na hinstitiúidí ní raibh an bhainistíocht dírithe a ndóthain ar an mbagairt ó bhogearraí éirice, agus níor cumhdaíodh na gnéithe uile sna measúnuithe riosca a rinne bainistíocht an Údaráis Sonraí Sláinte agus Banedanmark. Is é sin, ní raibh measúnú suas chun dáta ag na hinstitiúidí ar an mbagairt ó bhogearraí éirice agus bhí siad i ndrocháit chun ionsaithe nua a chosc agus iarmhairt ionsaithe amach anseo a mhaolú. Níor dhírigh an bhainistíocht san Údarás Sonraí Sláinte agus in Banedanmark a ndóthain ar an measúnú riosca, agus ar an ábhar sin ní ar thosaíochtaí arna sainiú ag an mbainistíocht a bunaíodh an tslándáil TF sa dá institiúid sin.

Bhí trí cinn de na hinstitiúidí nach raibh pleananna sásúla chun freagairt ar theagmhais curtha ar bun acu a chuideodh leo a n-oibríochtaí a athbhunú i ndiaidh ionsaí ó bhogearraí éirice. Tá sé thar a bheith suntasach go raibh trí cinn de na hinstitiúidí nach ndéanadh tástáil rialta féachaint an mbeidís in ann sonraí agus córais a damáistíodh de bharr ionsaí ó bhogearraí éirice a aisghabháil. Sin riosca breise go gcaillfí sonraí i seilbh na n-institiúidí sin de dheasca ionsaí ó bhogearraí éirice agus nach mbeadh na hinstitiúidí in ann a gcuid seirbhísí a sheachadadh go ceann i bhfad.

Mar go mbíonn na cásanna eiseamláireacha riosca ag athrú de shíor, tá sé tábhachtach go smaoineodh na hinstitiúidí ar rialuithe slándála réamhbhreathnaitheacha a chur chun feidhme chun cur lena stóinseacht ar ionsaithe ó bhogearraí éirice, i.e. rialuithe slándála a éascaíonn fíorú chéannacht na seoltóirí ríomhphoist agus atá in ann ríomhphoist a d’fhéadfadh a bheith contúirteach a bhrath agus a scagadh amach. Tá na ceithre institiúid ag obair faoi láthair ar chuid de na rialuithe slándála réamhbhreathnaitheacha a d’fhéadfadh cosaint bhreise a thabhairt dóibh ar ionsaithe ó bhogearraí éirice.

## Tuarascálacha breise sa réimse sin

| | |
|---|---|
| **Teideal na tuarascála:** | Tuarascáil ar chosaint sonraí taighde in ollscoileanna na Danmhairge |
| **Hipearnasc chuig an tuarascáil:** | Achoimre ar an tuarascáil (Leagan Béarla) |
| **Dáta foilsithe:** | 2019 |

| | |
|---|---|
| **Teideal na tuarascála:** | Tuarascáil ar chosaint chórais TF agus sonraí sláinte i dtrí réigiún sa Danmhairg |
| **Hipearnasc chuig an tuarascáil:** | Achoimre ar an tuarascáil (Leagan Béarla) |
| **Dáta foilsithe:** | 2017 |

| | |
|---|---|
| **Teideal na tuarascála:** | Tuarascáil ar bhainistiú slándáil TF i gcórais a sheachfhoinsítear chuig soláthraithe seachtracha |
| **Hipearnasc chuig an tuarascáil:** | Achoimre ar an tuarascáil (Leagan Béarla) |
| **Dáta foilsithe:** | 2016 |

| | |
|---|---|
| **Teideal na tuarascála:** | Tuarascáil ar an rochtain ar chórais TF a thacaíonn le seirbhísí bunriachtanacha a sholáthar do shochaí na Danmhairge |
| **Hipearnasc chuig an tuarascáil:** | Achoimre ar an tuarascáil (Leagan Béarla) |
| **Dáta foilsithe:** | 2015 |

An Eastóin
*Riigikontroll*

## Slándáil agus caomhnú bunachar sonraí criticiúil Stáit san Eastóin a ráthú

**Dáta foilsithe:** Bealtaine 2018

**Hipearnasc chuig an tuarascáil:** Achoimre ar an tuarascáil (Leagan Béarla)
An Tuarascáil (Leagan Eastóinise)

**An cineál iniúchóireachta agus an tréimhse a iniúchadh**

**An cineál iniúchóireachta:** Iniúchadh Feidhmíochta

**An tréimhse a iniúchadh:** 2017

## Achoimre ar an tuarascáil

### An topaic a iniúchadh

Chun neamhspleáchas na hEastóine a chaomhnú tá níos mó ná cosaint fhisiciúil na críche i gceist, ach caithfear na sócmhainní digiteacha a bhfuil tábhacht phríomhúil leo don Stát a chosaint freisin i dtaca leis na hócáidí sin a chruthódh an bhagairt is mó. Na sócmhainní digiteacha a mbíonn an chosaint is mó de dhíth orthu, is sonraí eolais iad a bhaineann le saoránaigh, leis an gcríoch agus leis an reachtaíocht. Ní miste sonraí a bhaineann le maoin, réadmhaoin agus cearta chónaitheoirí na hEastóine a áirithiú freisin.

D’fhéach an Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta ar an gcaoi ar chinn an Stát cé na sonraí agus na bunachair sonraí a bhí criticiúil do ráthú na slándála náisiúnta. Seiceáladh cosaint slándáil agus leanúnachas na sonraí agus na mbunachar sonraí sin, lena n-áirítear forléargas ar na huirlisí a bhí in úsáid sa chosaint.

Tharla go bhfuil an Eastóin ina ball d’ECAT agus den Aontas Eorpach anois, is fearr mar a ráthaítear a slándáil fhisiciúil ná sula ndeachaigh sí sna líonraí sin. Caithfidh an Eastóin a chur san áireamh áfach go bhféadfadh cibearbhagairtí tarlú dá méadódh ar na fadhbanna slándála. D’fhéadfadh cásanna eiseamláireacha riosca den sórt sin agus

méadú ar líon na dteagmhas slándála faisnéise, amhail cibirionsaithe agus sceití sonraí, na sonraí agus na bunachair sonraí is mó tábhacht don Stát a chur i mbaol freisin. Dá ndéanfaí na sonraí a bhfuil tábhacht phríomhúil leo don Stát a athrú gan údarú, dá sceithfí nó dá gcaillfí iad, ní bheadh an Stát in ann feidhmeanna riachtanacha a dhéanamh a thuilleadh, lena n-áirítear slándáil na ndaoine a ráthú, riachtanais a sholáthar, timpeallacht riachtanach don ghnó a chruthú agus go leor eile. Tá sé i gceist ag an Eastóin ar an gcéad dul síos thart ar aon mhilliún euro a chaitheamh ar shonraí criticiúla a stóráil thar lear.

### Ceisteanna don iniúchadh

- Ar shainaithin na haireachtaí na bunachair sonraí chriticiúla uile agus na riachtanais láimhseála uile?
- An bhfuil na bunachair sonraí agus na clárlanna criticiúla daingnithe?
- An féidir leanúnachas na sonraí criticiúla agus na mbunachar sonraí criticiúil a ráthú san fhadtéarma?

### Torthaí

Thug an Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta na barúlacha seo a leanas maidir leis na bunachair sonraí chriticiúla a iniúchadh:

- Níor bunaíodh aon phlean gnímh ná aon cheanglais maidir leis an gcoincheap de bhunachair sonraí chriticiúla a chur chun feidhme. Ní raibh aon chinneadh déanta maidir leis na coinníollacha faoina roghnófaí bunachair sonraí chriticiúla, agus ní raibh aon chinnteacht ann go raibh na bunachair sonraí riachtanacha uile san áireamh sa phróiseas. Is ar bhonn neamhfhoirmiúil a eagraíodh an chosaint bhreise ar bhunachair sonraí agus ní raibh sé éigeantach d'úinéirí na mbunachar sonraí, agus b'shin an fáth nach raibh cúlchóip déanta thar lear de na sonraí sna cúig bhunachar sonraí chriticiúla.
- Níor bunaíodh aon rialacha slándála faisnéise breise sna bunachair sonraí chriticiúla. Ní raibh aon cheanglais bhreise maidir le bunachair sonraí chriticiúla, amhail cóip chúltaca de na sonraí a dhéanamh lasmuigh den Eastóin, i gcóras slándála faisnéise ISKE (caighdeán slándála faisnéise a forbraíodh d'earnáil phoiblí na hEastóine agus atá éigeantach maidir le heagraíochtaí stáit agus rialtais áitiúil a bhíonn ag plé le bunachair sonraí/clárlanna) ná in aon ghníomh dlí nó chaighdeán.

Rinneadh cóipeanna cúltaca de na bunachair sonraí a iniúchadh a thabhairt thar lear, ach níor tástáladh aisghabháil obair na gcóras faisnéise astu.

- Bhí fadhb le cur chun feidhme ISKE agus leis an iniúchóireacht ghaolmhar maidir leis na bunachair sonraí chriticiúla. Ní raibh aon iniúchtaí ISKE déanta, tráth na hiniúchóireachta, ar dhá cheann as an 10 mbunachar sonraí, agus faoi dheireadh na hiniúchóireachta seo (30 Samhain 2017) ní raibh ach eagrú na n-iniúchtaí déanta. Ní raibh ach dhá cheann de na bunachair sonraí chriticiúla a iniúchadh chomh minic is a cheanglaítear de réir dlí. Bhí cásanna ann freisin ina raibh fadhbanna tugtha chun suntais ag an iniúchóir nár réitíodh san eatramh idir dhá iniúchadh ISKE (dhá bhliain go trí bliana).
- I gcúrsa na hiniúchóireachta, fuair an Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta go raibh bearta tábhachtacha slándála faisnéise nár cuireadh chun feidhme i gcuid de na bunachair sonraí chriticiúla. Mar shampla, níor cinneadh na ceanglais maidir le measúnú rialta ar leochaileachtaí na gcóras faisnéise sna treoirlínte slándála faisnéise, ní dhearnadh seiceálacha ná anailísí rialta ar na logaí teagmhais, ní raibh aon phleananna oiliúna ann maidir le slándáil faisnéise ná anailísí ar an eolas faoin tslándáil faisnéise sa réimse rialtais arb é bonn pleananna oiliúna den sórt sin é, níor scrúdaíodh sláine na gcomhad i gcásanna áirithe agus ní dhearnadh aon bhréagionsaithe tástála ón taobh amuigh.

## Conclúidí agus moltaí

Léirigh an t-iniúchadh, ainneoin córas bunlíne trí leibhéal slándála ISKE a bheith á chur chun feidhme, córas a mbíonn a úsáid éigeantach i gcás gníomhaireachtaí Stáit agus a gcuid iniúchtaí, go raibh easpaí suntasacha ann maidir le slándáil faisnéise a ráthú i gcás lear suntasach de na bunachair sonraí chriticiúla, easpaí amhail anailís logaí, bréagionsaithe tástála agus cosaint do ghléasanna móibíleacha. Níor bunaíodh go fóill na ceanglais speisialta a bheadh ag teastáil chun sonraí criticiúla a chosaint.

Lainseáil an Aireacht Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Chumarsáide na chéad gníomhaíochtaí a bhí riachtanach chun sonraí criticiúla a chosaint, ach bhí tionscadal na mbunachar sonraí criticiúil ag céim ina raibh tacar rialacha a bheadh sainordaithe de réir dlí de dhíth air. Agus ní raibh anailís rioscaí mhionsonraithe ann ná plean gnímh don todhchaí.

Bhí cóipeanna cúltaca de chúig bhunachar sonraí chriticiúla á gcoinneáil in ambasáidí a bhí suite i dtíortha thar lear, ach dá ndéanfaí na lárionaid sonraí a bhí lonnaithe san

Eastóin a scriosadh go fisiciúil, ní bheadh aon ghealltúint ann go gcaomhnófaí na sonraí criticiúla sna cúig bhunachar a bheadh fágtha.

Rinneadh dhá mholadh ghinearálta:

- Déan cinneadh faoi na rialacha maidir le cosaint bhreise na mbunachar sonraí criticiúil, lena n-áirítear na bunachair sonraí chriticiúla a roghnú, sonraí sna bunachair sonraí sin a phróiseáil agus cóipeanna cúltaca a dhéanamh de na sonraí atá criticiúil don Stát, agus déan measúnú faoin tslí le maoiniú breise a chur ar fáil le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin.
- Déan anailís ar na céimeanna éagsúla i mbunú bunachar sonraí ó thaobh phleanáil airgeadais agus slándáil faisnéise de araon, agus déan dea-chleachtais bhainistíochta tionscadal a chur chun feidhme le linn na gcéimeanna sin a bheith á gcur chun feidhme.

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

## Éire
## *Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

## Bearta a Bhaineann leis an gCibearshlándáil Náisiúnta

**Dáta foilsithe:** Meán Fómhair 2018

**Hipearnasc chuig an tuarascáil:** Achoimre ar an tuarascáil (Leagan Béarla)

**An cineál iniúchóireachta agus an tréimhse a iniúchadh**

**An cineál iniúchóireachta:** Iniúchadh Feidhmíochta

**An tréimhse a iniúchadh:** 2011-2018

## Achoimre ar an tuarascáil

### An topaic a iniúchadh

Is í an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide atá freagrach as an mbeartas cibearshlándála in Éirinn. Is í an Roinn freisin, tríd an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, atá freagrach as an bhfreagairt éigeandála rialtais a chomhordú i gcás aon teagmhais chibearshlándála ar an leibhéal náisiúnta.

Bunaíodh an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála in 2011. Baineann a phríomhfhócas le gréasáin rialtais a áirithiú, cuidiú le lucht tionscail agus le hindibhidí a gcórais féin a chosaint, agus an príomhbhonneagar náisiúnta a áirithiú.

### Ceisteanna don iniúchadh

D'athbhreithnigh an scrúdú an dul chun cinn a rinneadh maidir le bearta cibearshlándála ó bunaíodh an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála in Éirinn. Breithníonn sé ach go háirithe ceisteanna a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- an sainordú don Lárionad agus maoiniú an Lárionaid;
- an Straitéis Náisiúnta Chibearshlándála (2015-2017)

- Treoir AE maidir le Slándáil Gréasán agus Faisnéise a chur chun feidhme;
- socruithe rialachais agus maoirseachta.

### Torthaí agus conclúidí

Cé gur formheasadh cistiú bliantúil €800 000 leis an gcinneadh Rialtais an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála a bhunú, bhí níos lú ná an tríú cuid den mhéid sin sa chistiú iarbhír bliantúil don chibearshlándáil idir 2012 agus 2015. In 2017, méadaíodh an leithdháileadh go €1.95 milliún. Mhéadaigh líon foirne an Lárionaid faoi dhó beagnach i gcaitheamh 2017, go coibhéis 14.5 lánaimseartha. Ceadaíodh 16 bhall foirne sa bhreis a cheapadh in 2018.

Leagadh 12 bheart amach sa Straitéis Náisiúnta Chibearshlándála (2015-2017) a bhí le baint amach le linn saolré na straitéise. Amhail Bealtaine 2018, bhí ceithre bheart díobh curtha i gcrích, bhí ceithre cinn a bhí páirtchurtha chun feidhme, agus ceithre cinn nár cuireadh chun feidhme.

Tá sé mar aidhm ag an Treoir maidir le Slándáil Gréasán agus Faisnéise athléimneacht na gcóras príomhlíonra agus faisnéise a fheabhsú. I measúnú ar an dul chun cinn in Éirinn maidir le gach ceann de na trí cholún faoin Treoir fuarthas an méid seo a leanas:

- *Colún 1 – acmhainneachtaí cibearshlándála Bhallstáit AE a fheabhsú.* Páirtchurtha chun feidhme – tugadh faoi na riachtanais struchtúrtha, ach tá bearnaí sa phleanáil straitéiseach i gcónaí.
- Colún 2 – Comhar maidir le cibearshlándáil á éascú idir Bhallstáit AE. Curtha chun feidhme.
- *Colún 3 – Tionscnamh beart slándála agus oibleagáidí chun teagmhais a thuairisciú i gcás na bpríomhearnálacha.* Páirtchurtha chun feidhme – obair fós le déanamh maidir le sainaithint na gcóras criticiúil líonra agus faisnéise, maidir le heintitis a ainmniú go foirmiúil mar Oibreoirí Seirbhísí Bunriachtanacha (OES) agus maidir le bainistiú soláthraithe seirbhísí digiteacha.

Faoin gcinneadh rialtais (Iúil 2011) lenar formheasadh an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála a bhunú, formheasadh coiste idir-rannach a chur ar bun freisin chun an beartas a leagan amach agus a chur chun feidhme chun tabhairt faoi dhúshláin na cibearshlándála in Éirinn. Cé gur tháinig an grúpa le chéile cúig huaire idir 2013 agus 2015, ní raibh ar fáil lena n-athbhreithniú ach na miontuairiscí ó aon chruinniú amháin. Níor tháinig an coiste le chéile ó 2015 i leith.

Faoi phlean cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta Cibearshlándála, gealladh tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú agus measúnú tionchair foirmiúil ar a gcuid oibre a dhéanamh i dtreo dheireadh 2017. Tá siad gan déanamh, cé go dtugtar breac-chuntas ar obair an Lárionaid i dtuarascáil bhliantúil na Roinne.

Iarradh go foirmiúil ar an Roinn measúnú a chur ar fáil ar fheidhmíocht an Lárionaid. Níor cuireadh aon fhianaise ar fáil ar an measúnú a bheith déanta. Dúirt an Roinn go raibh an measúnú feidhmíochta ar obair an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála ina chuid de ghnáthbhainistiú feidhmíochta agus rialachas corparáideach na Roinne.

Tháinig an t-iniúchadh ar an gconclúid:

- Cé go bhfuil feidhm chriticiúil á comhlíonadh ag an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, bhí leibhéal an acmhainnithe sna ceithre bliana tosaigh cuid mhaith níos lú ná mar a beartaíodh i dtosach báire.
- Níl soiléire ann maidir le treoir straitéiseach an Lárionaid, agus níl aon phlean straitéise i bhfeidhm faoi láthair.
- Tá gá le breis soiléireachta maidir le róil na gcomhlachtaí faoi seach a bhíonn ag plé le himscrúdú na cibearchoireachta agus le teagmhais slándála náisiúnta.
- Caithfear ceanglais Threoir AE maidir le Slándáil Gréasán agus Faisnéise a bhaineann le straitéis náisiúnta a fhorbairt a chur chun feidhme go fóill.
- Cé gur forordaíodh struchtúir rialachais, ní léir mar a fheidhmítear na socruithe rialachais go praiticiúil.

Tá easpa trédhearcthachta ann maidir le hinfhaighteacht agus costas na n-acmhainní a dhílsítear don chibearshlándáil.




## An Fhrainc
## *Cour des comptes*

## Rochtain ar ardoideachas: measúnú tosaigh ar an dlí maidir le treoir do mhic léinn agus mar a éiríonn leo

**Dáta foilsithe:** Feabhra 2020

**Hipearnasc chuig an tuarascáil:** Tuarascáil (Leagan Fraincise)

**An cineál iniúchóireachta agus an tréimhse a iniúchadh**

**An cineál iniúchóireachta:** Iniúchadh Feidhmíochta

**An tréimhse a iniúchadh:** 2019-2020

## Achoimre ar an tuarascáil

### An topaic a iniúchadh

Ba é ab aidhm le dlí 2018 maidir le treoir do mhic léinn agus mar a éiríonn leo (*loi relative à l'orientation et à la réussite des étudiants*, ORE), feabhas a chur ar na trí phríomhchéim ar an gconair a leanann daoine óga a théann le hardoideachas: treoir agus tacaíocht do mhic léinn sna hardranganna iar-bhunscoile, cúrsaí a roghnú, agus go n-éireodh leo sna blianta tosaigh dá gcúrsa staidéir. Tionscnaíodh *"Parcoursup",* ardán digiteach nua a oibríonn mar acmhainn faisnéise maidir leis na cúrsaí atá ar fáil agus na riachtanais iontrála, chun inniúlacht agus torthaí na mac léinn iar-bhunscoile agus ábhar na gcúrsaí tríú leibhéil a mheaitseáil níos fearr.

Sna chéad dá bhliain de ORE chonacthas céim a haon i dtreo rochtain ar an ardoideachas a chlaochlú. Ainneoin neart srianta, bhí ag éirí go maith le leathadh amach "*Parcoursup*" cé go raibh ráthaíochtaí slándála agus inbhuanaitheachta fós in easnamh, agus d'fhéadfaí saothrú níos fearr a dhéanamh ar na sonraí, ag cur san áireamh a thábhachtaí atá siad.

Achtaíodh ORE chun dhá mhórfhadhb sa bheartas oideachais a réiteach. An chéad fhadhb, an leibhéal ard luathfhágála i measc na mac léinn ollscoile. An dara fadhb, go raibh an-mhíshástacht leis an sean-ardán digiteach, mar gur roghnú randamach a dhéantaí sa chéim dheireanach.

Deonaíodh cistiú €867 milliún don leasú ORE, thar thréimhse cúig bliana. Bunaíodh é ar nóisean de chontanam "-3/+3", agus ar phrionsabal foluiteach a deir dá mhéad a bheadh ar eolas ag mic léinn sna hardranganna iar-bhunscoile faoi ábhar na gcúrsaí tríú leibhéal, gur fearr an seans go n-éireodh leo sna scrúduithe, óir bheidís ag roghnú na gcúrsaí ab fhearr a d'fhreagair dá gcumas agus dá n-uaillmhian. D'fhéach ORE le teacht timpeall ar an easpa treorach a bhí ann do mhic léinn ardranganna iar-bhunscoile chun go ngearrfaí siar dá réir ar na hathruithe go cúrsa eile, rud a chosnaíodh beagnach €550 milliún sa bhliain i mbliain a haon den ardoideachas amháin, dar le *Cour*.

Rinne na hiniúchóirí measúnú tosaigh ar an rochtain ar ardoideachas i gcomhthéacs ORE, agus bhreathnaigh siad na saincheisteanna slándála TF a bhí ag baint leis an ardán.

Sainghné den chóras faisnéise an méadú ar na lódfhachtóirí (na cúrsaí staidéir ardoideachais uile san áireamh in 2020, agus méadú sciobtha ar líon na n-úsáideoirí in imeacht cúpla bliain). Léiriú a bhí ansin ar an athrú faoi dheifir ón seanardán go dtí "*Parcoursup*" gan an ailtireacht a athrú, ionas gur gineadh rioscaí suntasacha maidir le cáilíocht, leanúnachas, inoiriúnaitheacht agus forbairt bhreise ar an tseirbhís. Níor ceartaíodh na laigí a bhí sa chóras i réimsí na slándála, feidhmíochta agus stóinseachta. Bhíothas in ann "*Parcoursup*" a chur ar siúl faoi dheifir mar gur i mód béite a bhí sé á bhainistiú, ag dream beag daoine ardoilte agus ardspreagtha, cé go raibh treoir straitéiseach agus rialachas sásúil in easnamh ar an socrú faoin gcur chuige sin.

Rinne na hiniúchóirí measúnú ar cháilíocht an chórais faisnéise agus ar fheidhmíocht an ardáin nua, "*Parcoursup*". Cuireadh "*Parcoursup*" ar bun faoin ORE le súil is go ndéanfaí sannadh níos fearr do na cúrsaí ardoideachais agus go méadófaí ar an ráta céimithe dá réir.

## Torthaí

Cé gur oibrigh "*Parcoursup*" go sásúil, bhí sé neamhchosanta ar rioscaí TF, agus níor mhiste iad sin a laghdú. Bhí gá le ráthaíochtaí maidir le slándáil agus inbhuanaitheacht an ardáin, agus d'fhéadfaí úsáid níos fearr a dhéanamh de na sonraí.

**Seanchóras faisnéise**

Ba bheag den nuáil a bhain le "*Parcoursup*": fuair sé le hoidhreacht na laigí agus an leochaileacht a bhain leis an seanardán *"Admission Post-Bac*" (APB), mar aon le neart rioscaí neamhréitithe. Tógadh an córas faisnéise arb é bunús struchtúr "*Parcoursup*" é, díreach ón seanardán. Ainneoin gur tugadh le fios gur uirlis nua sannacháin a bhí ann, ní raibh ach modhnú fíorbheag déanta ar chroílár an chórais faisnéise ó aimsir APB. Fágadh 72% den bhonneagar faisnéise gan athrú go deimhin, óir níor athscríobhadh ach beagán faoi bhun 30% de chód APB.

Is sna luath-2000idí a dearadh an TF a bhí taobh thiar den ardán, chun thart ar mhilliún iarratas sa bhliain a láimhseáil le haghaidh thart ar 100 000 áit; ach leathnaíodh raon feidhme an chórais faisnéise, ionas go mbeadh sé ag déileáil le plódú 10 milliún iarratas sa bhliain le haghaidh thart ar aon mhilliún áit. Ba chosúil nach raibh in "*Parcoursup*" ach seanuirlis athbhrandáilte. Thug an méadú ar an lód ceisteanna faoina acmhainní a bhí an t-ardán chun a aidhm bheartaithe a bhaint amach.

**Córas faisnéise ar bheagán doiciméadachta**

Ainneoin iarrachtaí trédhearcachta na hAireachta, ba chód iata é 99% de chód foinseach *"Parcoursup"* i gcónaí. Bhí an méid a foilsíodh ar bheagán suntais maidir leis an bpróiseas trína sanntar iarratasóirí do chúrsaí a thuiscint agus a mheasúnú agus meastóireacht a dhéanamh air.

Amhail an córas a chuaigh roimhe, bhí córas faisnéise oibriúcháin "*Parcoursup*" ar bheagán doiciméadachta freisin. Thug torthaí na hiniúchóireachta cóid le fios gur feidhmchlár ardriosca ar chaighdeán íseal a bhí ann, agus sainaithníodh líon mór sáruithe criticiúla san iniúchadh. Bhí an córas ar chaighdeán níos measa ná bogearraí eile ar comhaois leis, agus an-riosca ann go gclisfeadh sé.

Bhí idir chód foinseach poiblí agus chód foinseach iata, araon, in úsáid in "*Parcoursup*". Nótáladh ráta sáruithe criticiúla i bhfad níos airde sa chód oscailte ná sa chód iata, is é sin, bhí riosca cliseadh seirbhíse ann. Agus ní raibh an t-ardán slán ar haiceálaithe ach an oiread (Iniúchóireacht slándála Iúil 2018 ar an gcód foinseach). I ndeireadh 2019 áfach, d'fhogair an Aireacht go raibh tús curtha le nós imeachta deimhniúcháin maidir le cód "*Parcoursup*".

Maidir leis an gcód foinseach a bhí ann, ní raibh sé comhtháite ná uileghabhálach. Bhí cód "*Parcoursup*" thar a bheith casta. B'é tuairim na n-iniúchóirí nár mhór an cód foinseach a athstruchtúrú chun gearradh siar ar líon na gcomhchodanna casta.

Bhí ailtireacht ardriosca ag baint le córas faisnéise "*Parcoursup*"; bainistiú de láimh a dhéantaí ar an mbunachar sonraí sna seanlaethanta. Bhain leochaileacht an chórais lena spleáchas ar oibreoir a bheith ar fáil agus ag faire. D'aithin an Aireacht na rioscaí móra a bhí ag baint le hailtireacht "*Parcoursup*", agus nach bhféadfaí iad sin a chur ina gceart gan an feidhmchlár a fhorbairt a thuilleadh.

Ní raibh ach beagán doiciméadachta ann don chóras faisnéise "*Parcoursup*" agus bhíothas ag brath go bunúsach ar shaineolas fhoireann an *Service à Compétence Nationale* SCN, gníomhaireacht de chuid an rialtais náisiúnta. Ó thaobh doiciméadachta de, bhí nótaí tráchta scríofa sa bhunachar sonraí i gcroílár an chórais, ionas gur dheacair an córas faisnéise a chothabháil agus a fhorbairt agus na sonraí ann a shaothrú. Níorbh fhurasta an fhaisnéis úsáideoirí a coinníodh ar an ardán a asbhaint agus meastóireacht a dhéanamh uirthi gan dian-imscrúdú. Ag cur san áireamh nach raibh mórán ann ó thaobh doiciméid theicniúla struchtúrtha de, bhí SCN ag brath go huile ar cheannasaí an ionaid TF chun a chuid cúraimí straitéiseacha a chur i gcrích.

**Straitéis slándála – feabhsuithe de dhíth**

Toisc a íogaire a bhí na sonraí pearsanta sa chóras, is fíordhúshlán slándála é "*Parcoursup*". Caithfidh beartas slándála foirmiúil i scríbhinn faoin gcóras faisnéise (ISSP) a bheith ag gach eagraíocht a bhainistíonn córas faisnéise, i bprionsabal. Ainneoin "*Parcoursup*" a bheith aitheanta ag an bPríomh-Aire mar sholáthraí príomhsheirbhíse, ní raibh ISSP ag "*Parcoursup*". B'éigean gníomhú láithreach chun ceann a chur ar bun.

Bhí oifigeach slándála córas faisnéise (ISSO) a bhí ag obair sa lárionad TF, ag gach meitheal "*Parcoursup*" ar leith. Ba den dea-chleachtas é na hoifigigh slándála córas faisnéise (ISSO) a bheith ag obair go díreach do Stiúrthóir SCN chun a ráthú go mbeidís neamhspleách.

Amhail lár 2019, bhíothas fós i mbun "*Parcoursup*" a dhéanamh RGCS-comhlíontach. Bhí bearta áirithe fós gan déanamh: bhí na nósanna imeachta éagsúla a bhí in úsáid sa phróiseáil le bunú go foirmiúil fós, ach go háirithe. Ní raibh slándáil shásúil ann fós i gcás sonraí pearsanta, agus bhí an iomarca sonraí indibhidiúla uileghabhálacha fós á stóráil.

Thuairiscíodh aonad "*Parcoursup*" do bhainisteoir tionscadail "*Parcoursup*", arna shannadh ó oifig an Aire, agus do roinn straitéise oiliúna agus gnóthaí mac léinn na hArdstiúrthóireachta um Ardoideachas agus Comhtháthú Gairmiúil, araon, ionas go raibh a dhílseacht scoilte. Phléití le ceisteanna praiticiúla a bhain le córas faisnéise "*Parcoursup*" ag cruinnithe seachtainiúla. Cé go raibh de bhuntáiste leis an gcineál sin eagrúcháin go dtugtaí freagairt phras i dtéarmaí bainistiú laethúil na sreafaí mac léinn, bhí "*Parcoursup*" fágtha gan stiúir ó thaobh straitéise de.

Agus ar deireadh, ní raibh an córas sách trédhearcach. Ní cheadaíodh sé an úsáid ab fhearr a dhéanamh de na sonraí a bhí á gcoinneáil ar an ardán, ainneoin an acmhainneacht iontach. Dá ndéanfaí an acmhainneacht sin a shlógadh, gach seans go bhfeabhsófaí an fheidhmíocht.

## Conclúidí agus moltaí

D'éirigh leis an rialtas an rochtain ar staidéar iar-dhara leibhéal a lárú le hardán digiteach inar cuimsíodh na cláir oideachais uile, d'fhonn déileáil le ginearálú an ardoideachais. Bhíothas tar éis an seanchóras a athmhúnlú faoi dheifir mar "*Parcoursup*", ach gan athrú struchtúrach substainteach a dhéanamh. Is é sin, fágadh leochaileachtaí an chórais faisnéise maidir le slándáil, feidhmíocht agus stóinseacht gan leigheas, ainneoin gur chinnte go mbeadh an lód ag méadú i gcónaí, ag cur san áireamh go raibh sé mar aidhm na cúrsaí bunchéime ar fad a chuimsiú ar deireadh thiar. Ní raibh mórán doiciméadachta ann ach an oiread, bhí an cur chuige i leith forbairt TF sách bunúsach, agus leis an gcastacht neamhghnách a bhí ag baint leis, ba mhó an riosca earráide dá ndéanfaí aon athruithe oibríochtúla. Bhí neart rioscaí ag baint leis an ardán dá réir, ó thaobh cháilíocht agus leanúnachas na seirbhíse poiblí agus slándáil sonraí pearsanta de.

Rinne *Cour des comptes* na moltaí seo a leanas:

- Ba cheart níos mó foirne a sholáthar do mheitheal TF an SCN, agus ba cheart cistiú ORE a athshannadh chun feabhas a chur ar acmhainní daonna agus airgeadais na Fo-Stiúrthóireachta um chórais faisnéise agus taighde staidrimh;
- chun an córas faisnéise a bhunú don fhadtéarma ba cheart na fabhtanna is práinní a cheartú, an ailtireacht a uasdátú nó a athfhorbairt, agus doiciméadú a dhéanamh ar phríomhbhunachair sonraí an tseanchórais agus "*Parcoursup*", araon, ar bhealach córasach agus struchtúrtha;

- ba cheart beartas slándála a bhronnadh ar chóras faisnéise “*Parcoursup*”;
- ba cheart comhlacht stiúrtha comhpháirteach a chur ar bun ionas go bhféadfadh an Aireacht Oideachais agus Óige agus an Aireacht Ardoideachais, Taighde agus Nuálaíochta maoirseacht a dhéanamh ar ardán “*Parcoursup*”, le hacmhainní le haghaidh gníomhaíochtaí “treoraíochta” arna n-athshannadh ó chistiú ORE.

State Audit Office
Republic of Latvia

An Laitvia
*Valsts Kontrole*

## Ar thapaigh an riarachán poiblí gach deis an bonneagar TFC a bhainistiú go héifeachtach?

**Dáta foilsithe:** Meitheamh 2019

**Hipearnasc chuig an tuarascáil:** Achoimre ar an tuarascáil (Leagan Béarla)

**An cineál iniúchóireachta agus an tréimhse a iniúchadh**

**An cineál iniúchóireachta:** Iniúchadh Feidhmíochta

**An tréimhse a iniúchadh:** 2017-2019

## Achoimre ar an tuarascáil:

### An topaic a iniúchadh

Rinne Oifig Iniúchóireachta Stáit na Laitvia iniúchadh feidhmíochta ar éifeachtúlacht an bhonneagair TFC phoiblí. Rinneadh an t-iniúchadh chun a fhíorú an raibh cur chuige aontaithe ag an riarachán poiblí i leith bhainistiú éifeachtach an bhonneagair TFC, agus féachaint ar mheasúnaigh na hinstitiúidí buntáistí an láraithe. Thairis sin, aithníodh slándáil na lárionad sonraí mar cheist thábhachtach agus roghanna á luacháil sa phleanáil don optamú breise.

Mar go raibh drogall ar na húdaráis an bonneagar TFC a bhainistiú ar bhonn lárnach, ar leibhéal aon aireachta amháin ar a laghad, bhíothas tar éis seomraí freastalaithe éagsúla a bhunú, rud a chuir go suntasach leis na costais chothabhála. Sna ceithre aireacht a ndearnadh iniúchóireacht orthu, fuarthas go raibh an 22 eintiteas a bhain leo ag baint leas as 38 lárionad sonraí. Le linn na hiniúchóireachta chonaic an oifig iniúchóireachta náisiúnta cásanna ina raibh córais faisnéise a raibh tábhacht shuntasach, tábhacht náisiúnta fiú, ag baint leo agus iad in áitribh ina raibh leibhéal míshásúil slándála. Dá ndéanfaí líon na seomraí freastalaithe a optamú, ní hamháin go bhféadfaí na costais TFC a laghdú, ach d’fhéadfaí leibhéal sásúil slándála a chur ar fáil

ar chostas níos ísle ansin. Agus bhí seomraí freastalaithe ar ardleibhéal slándála ar fáil cheana féin sna hinstitiúidí, ach gan lánúsáid á baint astu.

## An príomhábhar le hiniúchadh

B'é ab aidhm leis an iniúchadh a fhíorú ar cruthaíodh agus ar cuireadh chun feidhme na réamhriachtanais uile chun an bonneagar TFC a bhainistiú ar bhonn aontaithe ionas go bhféadfaí úsáid níos éifeachtúla agus níos sláine de na hacmhainní TFC a chur chun cinn.

## Torthaí agus conclúidí

**Rialachas agus optamú TFC**

- Ní raibh aon fhís fhadtéarmach ann maidir le forbairt agus optamú TFC, ar bhonn náisiúnta ná sna haireachtaí. Dhéanadh na haireachtaí agus a bhfo-eintitis an bonneagar TFC a optamú i gcomhréir lena dtuiscint agus lena n-acmhainn.

Idir 2011 agus 2017, mhéadaigh ar chostais chothabhála na n-institiúidí a iniúchadh ó 17 milliún euro sa bhliain go 20 milliún euro sa bhliain. Níor tionscnaíodh cleachtais sna hinstitiúidí chun meastóireachtaí rialta a dhéanamh féachaint an mbeadh sé níos saoire an bonneagar TFC a chothabháil iad féin, comhoibriú le hinstitiúid eile nó an chothabháil TFC a sheachfhoinsiú. Ní fheictear gurb é lárú TFC ná dílárú TFC an sprioc, ach tá gá le hanailís ar an gcás ar leith agus ar na roghanna chun soiléiriú a thabhairt maidir leis na costais reatha agus na roghanna féideartha.

**Slándáil TFC**

- Ní raibh sainmhíniú soiléir sa chreat dlíthiúil ar cheanglais slándála an bhonneagair TFC, i gcóras loighciúil, ag brath ar ábharthacht na faisnéise a bhí le próiseáil. Ní raibh aon cheanglais mhionsonraithe theicniúla ann maidir le cosaint na lárionad sonraí TFC.

- Mar go raibh easnaimh sna ceanglais slándála, bhí an chosaint costasach nó, a mhalairt, níor áirithíodh cosaint maidir le faisnéis a raibh tábhacht náisiúnta léi. Bhí córais faisnéise thábhachtacha á n-óstáil fiú i lárionaid sonraí a raibh leibhéal íseal slándála iontu.

- Bhí bagairtí slándála i bhformhór na seomraí freastalaithe – ní raibh cosaint leordhóthanach sna lárionaid sonraí ar an rochtain fhisiciúil agus ar rioscaí timpeallachta. Chun bagairtí slándála a chosc, bhí €247 000 – €765 000 ag teastáil, ar a laghad, ag brath ar an gcur chuige a roghnófaí. San áireamh ansin bhí:
  1) feabhas a chur ar na seomraí freastalaithe ina raibh na córais faisnéise ba thábhachtaí agus a áirithiú go mbeadh acmhainní TFC suntasacha á stóráil i lárionaid sonraí a raibh leibhéal níos airde slándála iontu; nó
  2) na seomraí freastalaithe reatha ar fad a fheabhsú. Bheadh infheistíocht i gceist leis áfach, nach bhféadfadh na hiniúchóirí seasamh leis gan líon na lárionad sonraí a íoslaghdú.

Bhí an creat dlíthiúil neamhiomlán mar nach raibh aon cheanglais mhionsonraithe slándála ann maidir leis an mbonneagar TFC. Mar shampla, bhí ceanglais ann maidir le critéir éagsúla a bhain le slándáil loighciúil ach ní raibh aon chritéir ann maidir le sábháilteacht fhisiciúil agus timpeallachta an bhonneagair, agus impleachtaí ansin d'infhaighteacht na gcóras agus don chosaint sonraí. Cé gur leagadh béim sna doiciméid phleanála beartais phoiblí ar a thábhachtaí atá slándáil an bhonneagair TFC agus an gá lena neartú, níor beartaíodh gníomhaíochtaí sonracha sa réimse sin. Mar nach raibh difreálú soiléir, inrianaithe agus loighciúil ann i gcás na gceanglas slándála, cruthaíodh riosca go mbeadh na ceanglais slándála éagsúil ar fud na tíre maidir le faisnéis a phróiseáil a bhí ar comhthábhacht agus ar comhshuntasacht.

Bhí an tslándáil sa spás digiteach á faire ag an stát ar bhonn lárnach, agus is é an stát a d'fhreagraíodh ar na teagmhais ansin, ach d'fhágtaí an fhreagracht as slándáil an bhonneagair TF a chur chun feidhme faoi cheannaire gach institiúid ar leith. Bhí tuiscint an-éagsúil ag na hinstitiúidí, dá réir sin, ar shaincheisteanna slándála TFC, ar an measúnú ar thábhacht na faisnéise a bhí á próiseáil, agus ar na hacmhainní a bhí ar fáil dóibh chun tabhairt faoi cheisteanna slándála TFC.

Bhí gá le córas rialta faireacháin maidir leis na próisis sin, chun meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar an riarachán poiblí uile mar aon chóras amháin, chun cuir chuige eile a shainaithint, le critéir chaighdeánacha, agus cosc a chur leo trí rioscaí coiteanna a shainaithint, agus gníomhartha coisctheacha a phleanáil a mhaolódh orthu sin.

## An Liotuáin
## *Valstybės Kontrolė*

## Bainistiú ar Acmhainní Faisnéise atá Criticiúil don Stát

**Dáta foilsithe:** Meitheamh 2018

**Hipearnasc chuig an tuarascáil:** Achoimre ar an tuarascáil (Leagan Béarla)
An Tuarascáil (Leagan Liotuáinise)

**An cineál iniúchóireachta agus an tréimhse a iniúchadh**

**An cineál iniúchóireachta:** Iniúchadh Feidhmíochta

**An tréimhse a iniúchadh:** 2014-2017

## Achoimre ar an tuarascáil

### An topaic a iniúchadh

Nuair a úsáidtear acmhainní faisnéise atá criticiúil don Stát – faisnéis chriticiúil leictreonach – bíonn feidhmeanna tábhachtacha rialtais á gcur chun feidhme, amhail bainistiú airgeadais an rialtais, riarachán cánacha agus cúram sláinte. D’fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ann don tslándáil phoiblí, do chúrsaí leasa shóisialta agus don gheilleagar dá gcaillfí aon fhaisnéis chriticiúil nó mura mbeadh córais faisnéise chomhfhreagracha ar fáil. Sna measúnuithe ar rialú ginearálta TF a rinne Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta na Liotuáine (NAOL) ó 2006 go 2016, léiríodh fadhbanna sa bhainistiú TF a bhí ag teacht chun cinn arís is arís eile (pleanáil, sainmhíniú ar ailtireacht na faisnéise, struchtúr eagraíochtúil, athruithe, leanúnachas an ghnó a áirithiú, slándáil sonraí, faireachán agus meastóireacht ar bhainistiú TF). Rinne NAOL iniúchadh ar acmhainní faisnéise criticiúla Stáit chun measúnú a dhéanamh ar bhainistiú agus ar shlándáil na n-acmhainní sin agus chun foráil do bhearta feabhais.

D’fhéach an t-iniúchadh le meastóireacht a dhéanamh ar bhainistiú (rialú ginearálta) agus ar aibíocht na n-acmhainní faisnéise criticiúla Stáit agus fadhbanna sistéamacha a shainaithint.

Rinne NAOL measúnú ar aibíocht an bhainistithe TF in 12 eagraíocht san earnáil phoiblí[64] a bhainistíonn 44 chóras faisnéise Stáit grád a haon. Rinneadh an t-iniúchadh de réir na gCeanglas Iniúchóireachta Poiblí agus de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Rinneadh an measúnú i gcomhréir le modheolaíocht COBIT[65] sna réimsí is mó riosca seo a leanas: pleanáil straitéiseach TF, cinneadh ar ailtireacht na faisnéise; bainistiú rioscaí TF; bainistiú athruithe; dearbhú soláthair seirbhíse gan bhriseadh; slándáil chóras; bainistíocht sonraí; faireachán agus meastóireacht ar ghníomhaíochtaí TF; dearbhú bainistíochta TF. San áireamh sa mheastóireacht phróisis bhí bainistiú TF eagraíochtúil agus náisiúnta agus idirghníomhú na leibhéal bainistithe sin.

## Torthaí na hIniúchóireachta

Treochtaí dearfa a bhí sna hathruithe ar an leibhéal aibíochta maidir le bainistiú na n-acmhainní faisnéise criticiúla Stáit. Ag cur san áireamh go bhfuil leibhéal na gcibearbhagairtí ag dul i méid áfach, bhí an dul chun cinn a chonacthas rómhall agus níor mhiste cur le slándáil na n-acmhainní sin. B'iad na laigí seo a leanas faoi deara é:

- Ní raibh an córas chun acmhainní faisnéise criticiúla Stáit a shainaithint éifeachtach a dhóthain chun réitigh slándála a bheadh ag freastal ar riachtanais iarbhíre a chur chun feidhme.
    - Bhí easpa oibiachtúlachta sna measúnuithe a dearadh chun criticiúlacht acmhainní faisnéise Stáit a chruthú, ní bhíodh meastóireacht ar athruithe sna hathmheasúnuithe i gcónaí, ní raibh an próiseas sin á fhaire ar an leibhéal náisiúnta, agus ní raibh cur chun feidhme éifeachtach á áirithiú leis na treoirlínte maidir le criticiúlacht a cinneadh.

---

[64] Cigirí Cánach Stáit, Lárionad Chlárlann na bhFiontar Stáit, an Roinn Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide, Bord an Chiste Stáit um Árachas Sóisialta, Lárionad Faisnéis Talmhaíochta agus Ghnó Tuaithe na bhFiontar Stáit, Lárionad na gCóras Faisnéise Custam, an tSeirbhís Bia agus Tréidliachta Stáit, Oifig Seimas Phoblacht na Liotuáine; an Aireacht Airgeadais, Coiste Forbartha na Sochaí Faisnéise, an Ciste Stáit um Othair, an tSeirbhís Foraoisí Stáit.

[65] Is caighdeán é COBIT (Cuspóirí Rialaithe maidir le Teicneolaíocht Faisnéise agus Teicneolaíochtaí Gaolmhara) de chuid na heagraíochta idirnáisiúnta ISACA lena leagtar amach an dea-chleachtas maidir le bainistiú TF.

— Ní raibh córas caighdeánach ann chun acmhainní faisnéise criticiúla an Stáit agus an bonneagar faisnéise criticiúla a shainaithint; bhí acmhainní agus bonneagar á sainaithint ar bhealaí éagsúla ag brath ar thábhacht na faisnéise agus na seirbhísí, ionas go raibh sainaithint na n-acmhainní sin níos casta.

— Níor forbraíodh aon ailtireacht faisnéise náisiúnta a léireodh na córais faisnéise Stáit agus na hidirghaolmhaireachtaí eatarthu, a thaispeánfadh scála na n-acmhainní faisnéise criticiúla Stáit ionas go bhféadfaí cinntí feasacha a dhéanamh maidir le tábhacht na n-acmhainní sin.

o Chaithfeadh bainistiú na n-acmhainní faisnéise Stáit a bheith ag teacht níos fearr le dea-chleachtais agus dea-chaighdeáin sa bhainistiú TF chun an feabhas comhtháite sa réimse TF a bhaint amach a chuideodh le dul chun cinn níos fearr i mbainistiú acmhainní faisnéise criticiúla an Stáit:

— ní raibh pleanáil inbhuanaithe ann maidir le TF: bhí na huirlisí TF ar pleanáladh dóibh á gcur i láthair i ndoiciméid éagsúla, bhí cur chuige córasach in easnamh mar go raibh an iomarca doiciméad straitéiseach ann, ionas gur dheacair na príomhthosaíochtaí a shainaithint agus acmhainní a threorú chun na bagairtí ba mhó a bhainistiú.

— San fhaireachán ar an TF níor áirithíodh gur thomhais na heagraíochtaí éifeachtúlacht na n-oibríochtaí TF, agus go raibh aibíocht iarbhír an bhainistithe TF á léiriú in iniúchóireachtaí na mbainisteoirí acmhainní criticiúla faisnéise stáit. Ní raibh bainistiú TF an Stáit á ghrinnscrúdú ar an leibhéal náisiúnta, agus ní dhearnadh anailís chórasach ar na saincheisteanna bainistithe TF. Cruthaíodh córas faireacháin, féachaint an raibh acmhainní faisnéise an Stáit ag comhlíonadh riachtanais na slándála faisnéise leictreonaí, agus gan d’aidhm leis ach an faireachán maidir le comhlíonadh na slándála a éascú, amháin, ach ní rabhthas ag baint leas a dhóthain as feidhmiúlacht an chórais.

o Maidir le bearta chun a áirithiú go raibh acmhainní criticiúla faisnéise in ann ag leibhéal na gcibearbhagairtí, ní raibh siad éifeachtach a ndóthain; is é sin, bhí na hacmhainní sin i mbaol i gcónaí:

— Níor mhór measúnú na rioscaí slándála TF a dhéanamh níos éifeachtaí, mar nár sainaithníodh na rioscaí ábhartha uile agus ní raibh an modh lenar measúnaíodh iad comhlíontach leis na cleachtais bainistithe TF is déanaí; níor áirithíodh bainistiú tráthúil ar rioscaí do-ghlactha.

— Níor baineadh úsáid chórasach as bearta slándála eagraíochtúla a bheadh in ann cibearbhagairtí a laghdú. Tástáil neamhimleor ar an tslándáil, an oiliúint foirne easnamhach le linn córais faisnéise a bheith á bhforbairt, á n-uasghrádú agus á modhnú; cumraíochtaí agus uasghráduithe sábháilte bogearraí gan bhainistiú; cuireadh téarnamh gnóthas leantach i mbaol de bharr míbhainistiú na gcomhad leanúntais gnó TF agus na gcóipeanna cúltaca; tomhas neamhimleor ar fheidhmíocht na slándála ionas nár cuidíodh chun an tslándáil a fheabhsú.

## Conclúidí

Ghnóthaigh bainistiú TF na n-eintiteas earnála poiblí a iniúchadh le deich mbliana anuas leibhéal aibíochta a haon, as 5[66], ar meán, agus bhí sé ar leibhéal 1.7 tráth a scríobhadh an tuarascáil. Léirigh an leibhéal íseal aibíochta sin i gcás acmhainní criticiúla faisnéise an Stáit go raibh laigí i bhfoirmliú agus i gcur chun feidhme bheartas acmhainní faisnéise an Stáit, rud a fhágann na hacmhainní níos leochailí fós. Chun cur le slándáil na n-acmhainní sin, ní mór sásra bainistithe na n-acmhainní faisnéise Stáit a fheabhsú chun go mbeidh sé ag teacht leis na dea-chleachtais an oiread agus is féidir. Thug na hiniúchóirí dá n-aire freisin, maidir le bearta a ráthódh díonacht na n-acmhainní criticiúla faisnéise ar chibearbhagairtí, nach raibh siad sách éifeachtach. Dá réir sin ní mór béim níos mó a chur ar thástáil na sábháilteachta nuair a chruthaítear agus nuair a nuachóirítear córais faisnéise, agus le linn oiliúint foirne, chun measúnú na rioscaí slándála TF a dhéanamh níos éifeachtaí.

66 De réir mhodheolaíocht COBIT.

## Tuarascálacha breise sa réimse sin

| | |
|---|---|
| **Teideal na tuarascála:** | An ndéantar an Chibearchoireacht a Chomhrac go hÉifeachtach |
| **Hipearnasc chuig an tuarascáil:** | Achoimre ar an tuarascáil (Leagan Béarla)<br>An tuarascáil (Leagan Liotuáinise) |
| **Dáta foilsithe:** | 2020 |

| | |
|---|---|
| **Teideal na tuarascála:** | Timpeallacht na Cibearshlándála sa Liotuáin |
| **Hipearnasc chuig an tuarascáil:** | Achoimre ar an tuarascáil (Leagan Béarla)<br>An Tuarascáil (Leagan Liotuáinise) |
| **Dáta foilsithe:** | 2015 |

## An Ungáir
## *An Oifig Iniúchóireachta Stáit*

# Iniúchadh ar an gcosaint sonraí – Iniúchadh ar an gcreat intíre um chosaint sonraí agus ar thaifid áirithe ina bhfuil sonraí tosaíochta faoi chuimse an chomhair idirnáisiúnta

| | |
|---|---|
| **Dáta foilsithe:** | Márta 2017 |
| **Hipearnasc chuig an tuarascáil:** | Tuarascáil (Leagan Ungáirise) |

**An cineál iniúchóireachta agus an tréimhse a iniúchadh**

| | |
|---|---|
| **An cineál iniúchóireachta:** | Comhlíontacht |
| **An tréimhse a iniúchadh:** | 2011-2015 |

## Achoimre ar an tuarascáil

### An topaic a iniúchadh

Is leas bunúsach de chuid na sochaí í slándáil na sócmhainní sonraí náisiúnta, i ngach tír, chun luachanna náisiúnta a chaomhnú agus a chosaint. Dá réir sin, is bunriachtanas é slándáil bhreisithe na sonraí pearsanta agus poiblí a áirithiú mar chuid de shócmhainní sonraí náisiúnta na hUngáire, chun cur le hiontaoibh na saoránach sa stát agus chun dea-fheidhmiú an riaracháin phoiblí a áirithiú. Is é sin, tá ríthábhacht don tsochaí leis an gcosaint sonraí agus leis an líontán sábhála a fhorfheidhmíonn an chosaint, líontán a áirithítear le creat dlíthiúil.

Tá príomhról ag an riarachán poiblí i réimse na cosanta sonraí, mar gurb é a bhainistíonn na cláir sonraí is mó agus is íogaire de na sócmhainní náisiúnta sonraí. Oibríonn rialaitheoirí sonraí na gclár i ndlúthchomhar chun a gcúraimí a chur i gcrích. Bíonn cláir sonraí á n-aistriú go rialta acu ina mbíonn méideanna móra sonraí, agus ní mór dóibh aird a thabhairt ar na ceanglais reachtúla maidir le cosaint sonraí. Bíonn córais faisnéise leictreonacha riachtanach sa lá inniu chun sonraí a bhainistiú agus a phróiseáil agus caithfear dea-rialú iontaofa na gcóras a ráthú le rialuithe dea-dheartha a oibríonn i gceart.

Leagann Oifig Iniúchóireachta Stáit (SAO) na hUngáire an-bhéim ar an gcosaint sonraí le linn a cuid iniúchóireachtaí. Rinne SAO iniúchóireachtaí cuimsitheacha ar an gcosaint sonraí ó 2011 go 2015, agus d'eisigh sí tuarascáil sa chéad ráithe de 2107. Chumhdaigh an iniúchóireacht gnéithe d'iniúchóireachtaí idirnáisiúnta comhthráthúla freisin a rinneadh i gcomhar leis an ngrúpa oibre TF de chuid EUROSAI, a bhain go príomha le comhlíonadh na dtreoracha ón Aontas Eorpach atá ann cheana.

Rinneadh an t-iniúchadh comhlíontachta maidir le cosaint sonraí san Ungáir chun a mheasúnú ar bunaíodh an creat rialála agus oibríochtúil san Ungáir chun sonraí a chosaint, agus ar chomhlíon na príomheagraíochtaí bainistíochta sonraí na ceanglais maidir le sonraí a bhainistiú go slán agus próiseáil sonraí a sheachfhoinsiú. Dhírigh an t-iniúchadh ach go háirithe ar chosaint sonraí pearsanta agus sócmhainní náisiúnta sonraí.

I gcomhthéacs na hiniúchóireachta, rinne SAO meastóireacht ar an mbainistiú sonraí ó shé eagraíocht bainistithe sonraí (mar shampla: an t-údarás cánach, an ciste náisiúnta, árachas sláinte, íoc pinsean, an oifig oideachais, sonraí pearsanta agus taifid seoltaí, feithiclí agus taistil, agus gníomhaireachtaí riaracháin maidir le bainistíocht sonraí coiriúlachta), agus ar ghníomhaíochtaí an údaráis chosanta sonraí agus an údaráis slándála faisnéise, freisin.

Leag an t-iniúchadh béim ar leith ar shainordú na n-eagraíochtaí bainistíochta sonraí, go háirithe i gcás aistrithe sonraí chuig tríú páirtithe. San iniúchóireacht ar rialuithe inmheánacha maidir le bainistíocht sonraí agus próiseáil sonraí, rinneadh meastóireacht ar rialacháin suas chun dáta a bheith ann maidir le dualgais, freagrachtaí agus inniúlachtaí, bainistiú agus próisis acmhainní daonna.

Maidir leis na córais leictreonacha a úsáidtear i mbainistiú sonraí, mheasúnaigh SAO na bearta slándála gaolmhara, lena n-áirítear réimsí amhail cosaint fhisiciúil, cearta rochtana, logáil, nósanna imeachta sa mheasúnú slándála, slándáil na gcóras agus slándáil chumarsáide, agus comhlíontacht aicmiúchán slándála na heagraíochta ar an iomlán.

Rinneadh seachfhoinsiú ar an bpróiseáil sonraí bunaithe ar na conarthaí a cuireadh i gcrích, ag féachaint ar leag na heagraíochtaí bainistithe sonraí oibleagáid ar na heagraíochtaí próiseála sonraí na riachtanais a shásamh maidir le gníomhaíochtaí próiseála sonraí i gcomhréir leis na rialacháin reachtaíochta.

### Torthaí agus conclúidí

Bunaithe ar an iniúchadh, fuair Oifig Iniúchóireachta Stáit na hUngáire go rabhthas tar éis a áirithiú, le rialacháin inmheánacha na n-eagraíochtaí bainistíochta sonraí maidir le gníomhaíochtaí bainistíochta sonraí, go raibh na sócmhainní náisiúnta sonraí á gcosaint mar chuid de na sócmhainní náisiúnta i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla a bhí i bhfeidhm idir 2011 agus 2015. Is amhlaidh a bhí na ceanglais maidir le sonraí a bhainistiú go slán, agus maidir le seachfhoinsiú na próiseála sonraí, curtha i bhfeidhm i gceart ag na rialaitheoirí sonraí. Rinneadh an t-aistriú sonraí chuig tríú páirtithe a chur chun feidhme leis an sainordú cuí agus le hidirdhealú soiléir na bhfreagrachtaí agus na gcumhachtaí.

Maidir le rialaitheoirí sonraí áirithe, fuarthas nach raibh aicmiúchán slándála na gcóras leictreonach agus an t-eagrú i gcoitinne i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla i gcónaí, ach ní dhearna scála na laigí difear suntasach do shlándáil na sonraí a bhí á bpróiseáil. Bunaithe ar na moltaí sa tuarascáil iniúchóireachta, rinne eagraíochtaí bainistíochta sonraí na laigí a leigheas faoi chuimsiú pleananna gníomhaíochta a bhí formheasta ag SAO.

I ndáil leis an iniúchadh idirnáisiúnta i gcomhthráth a rinneadh i gcomhar leis an ngrúpa oibre TF de chuid EUROSAI, fuair SAO gur chomhlíon reachtaíocht chosanta sonraí na hUngáire an treoir reatha ón AE.

Mar fhocal scoir, tríd an gcosaint sonraí a iniúchadh, rannchuidigh Oifig Iniúchóireachta Stáit na hUngáire leis an dea-rialachas agus le cosaint na sócmhainní náisiúnta sonraí.

## Tuarascálacha breise sa réimse sin

| | |
|---|---|
| **Teideal na tuarascála:** | Tuarascáil – Iniúchóireachtaí leantacha – Iniúchadh ar an gcosaint sonraí – Iniúchadh ar an gcreat cosanta sonraí intíre agus ar phríomhthaifid áirithe sonraí faoi chuimsiú an chomhair idirnáisiúnta |
| **Hipearnasc chuig an tuarascáil:** | Tuarascáil (Leagan Ungáirise) |
| **Dáta foilsithe:** | 2020 |




## An Ísiltír

## *An Chúirt Iniúchóireachta*

## Cibearshlándáil struchtúr bainistíochta uisce criticiúil agus rialú teorann san Ísiltír

| | |
|---|---|
| **Dátaí foilsithe:** | Márta 2019 agus Aibreán 2019 |
| **Hipearnasc chuig na tuarascálacha:** | Achoimre ar thuarascáil ar an gcibearshlándáil agus ar thuarascáil ar struchtúir chriticiúla uisce (leagan Béarla)<br><br>Achoimre ar thuarascáil ar an gcibearshlándáil agus ar rialuithe teorann uathoibríocha (leagan Béarla) |

**An cineál iniúchóireachta agus an tréimhse a iniúchadh**

| | |
|---|---|
| **An cineál iniúchóireachta:** | Iniúchadh Feidhmíochta |
| **An tréimhse a iniúchadh:** | 2018-2020 |

## Achoimre ar an tuarascáil

### An topaic a iniúchadh

Chinn Cúirt Iniúchóireachta na hÍsiltíre in 2018 iniúchóireachtaí a dhéanamh ar an gcibearshlándáil in earnálacha atá criticiúil don tsochaí. Bunaithe ar thaithí fhada ar chomhlíonadh na slándála faisnéise sa rialtas láir a bheith á iniúchadh aici, chonacthas don Chúirt Iniúchóireachta gurbh fhiú iniúchóireacht a dhéanamh ar *fheidhmíocht* na mbeartas agus na mbeart agus iad á bhfeidhmiú freisin. B’iad bainistiú uisce agus uathrialú teorann an chéad dá earnáil a iniúchadh; bhí ríthábhacht leis an gcéad cheann díobh do náisiún a bhfuil an chuid is mó dá tír faoi leibhéal na farraige, agus leis an dara ceann de bharr aerfort Schiphol in Amstardam a bheith ina mhol idirnáisiúnta agus ina gheata isteach sa tír.

D’ainmnigh an tAire um Bonneagar agus um Bainistiú Uisce líon áirithe struchtúr uisce atá á mbainistiú ag an Ard-Stiúrthóireacht um Oibreacha Poiblí agus Bainistiú Uisce (an t-iniúchaí) ina “bpáirteanna criticiúla” d'earnáil bhainistiú an uisce. Téann go leor de na córais ríomhaireachta a úsáidtear in oibriú na struchtúr criticiúil uisce siar go dtí na

1980idí agus na 1990idí, tráth nach mbíodh "cibearshlándáil" san áireamh mórán. Is mar chórais neamhspleácha a dearadh na córais sin ar dtús, ach nascadh le líonraí ríomhairí níos mó iad de réir a chéile, chun an cianoibriú a éascú, mar shampla. Baol breise do na córais an treocht sin ó thaobh cibearbhagairtí de.

Tá comhfhreagracht ar an Aire Cosanta agus ar an Aire Ceartais agus Slándála as na seiceálacha rialaithe ag teorainneacha a dhéanann gardaí teorann na hÍsiltíre in aerfort Schiphol. Tá córais TF a mbíonn na gardaí teorann ag brath orthu ag an dá aireacht (na hiniúchaithe). Is córais chriticiúla iad d'oibríochtaí an aerfoirt, agus déantar sonraí an-íogair a phróiseáil leo. Is minic iad faoi ionsaí ó chibirionsaithe a bhfuil d'aidhm leo sabaitéireacht nó spiaireacht a dhéanamh nó na seiceálacha rialaithe ag teorainneacha a mhí-ionramháil.

Scrúdaigh na hiniúchóireachtaí mar a ullmhaíodh na hiniúchaithe chun déileáil le cibearbhagairtí, féachaint an ndearnadh go héifeachtach é.

- Ceisteanna don iniúchadh agus é mar aidhm leo freagra a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas: Cén chaoi a ndéanann na hiniúchaithe na córais *a chosaint* ar chibearbhagairtí agus cibirionsaithe *a chosc*?
- Cén chaoi a *mbraitheann* na hiniúchaithe cibearbhagairtí agus cibirionsaithe?
- Cén chaoi a *bhfreagraíonn* na hiniúchaithe i gcás ina ndéantar cibirionsaí?

Fócas suntasach amháin sa dá iniúchóireacht, b'shin éifeachtacht. D'oibrigh haiceálaithe eiticiúla, i ndlúthchomhar leis na hiniúchaithe, ar na córais a bhain leis na struchtúir chriticiúla uisce agus ar cheann de na córais rialaithe teorann. Ar ndóigh, gníomhaíodh ar na torthaí tástála uile sular foilsíodh na tuarascálacha agus níor nochtadh aon mhionsonraí teicniúla.

B'í an phríomhdhifríocht idir an dá iniúchadh, go raibh an t-iniúchadh ar na struchtúir uisce ag díriú ar spriocanna an iniúchaí a bheith á mbaint amach, agus an t-iniúchadh ar na rialuithe teorann bunaithe ar chreat cibearshlándála NIST.

## Torthaí

Ar an gcéad dul síos, fuair an dá iniúchadh go raibh na hiniúchaithe ar an eolas faoi chibearbhagairtí agus go raibh cur chuige gairmiúil á chur chun feidhme acu ina leith.

I gcás na struchtúr uisce, áfach, bhí a thuilleadh fós le déanamh ag an iniúchaí, i dtaca le brath agus freagairt de, chun a spriocanna cibearshlándála féin a shásamh. D'éirigh leis an iniúchaí Lárionad Oibríochtaí Slándála (SOC) a bhunú chun cibirionsaithe a bhrath agus a fhreagairt. Maidir leis an gcuspóir a leagadh amach do dheireadh 2017 áfach, a bheith in ann aon chibirionsaithe a dhíreofaí ar struchtúir chriticiúla uisce a bhrath ar an toirt, níor baineadh amach é faoi fhómhar 2018. Is é sin, bhí riosca ann go dteipfeadh orthu cibirionsaí a bhrath a bhí dírithe ar struchtúr criticiúil uisce, nó go mbraithfí ionsaí den sórt sin rómhall. Thairis sin, léirigh an tástáil a rinneadh ag ceann de na struchtúir chriticiúla uisce go raibh sé indéanta rochtain fhisiciúil a fháil air. Bhí haiceálaithe in ann rochtain a fháil ar an seomra rialaithe agus fuair siad nach raibh éinne eile ann ach iad féin amháin, agus stáisiúin oibre gan slándáil. Agus ar deireadh, ní raibh aon chás eiseamláireach tógtha ag an iniúchaí le haghaidh géarchéim ar chibirionsaí faoi deara í, agus bhí an fhaisnéis ar an bhfreagairt in easnamh nó níor coinníodh suas chun dáta í. D'fhéadfadh faisnéis suas chun dáta a bheith criticiúil i gcomhair freagairt thapa éifeachtach i gcás géarchéime.

Maidir leis na rialuithe teorann de, níor leor na beartais chibearshlándála agus ní bheidís slán i bhfad na haimsire. Ar an gcéad dul síos chaithfeadh formheas foirmiúil a bheith faighte ag córais thábhachtacha rialaithe teorann sula dtosófaí á n-oibriú, chun a áirithiú gur cuireadh na bearta cibearshlándála uile chun feidhme. Fuaireamar go raibh dhá chóras as na trí cinn oibríochtúil gan a bheith formheasta, is é sin ní raibh aon ráthú ann gur cuireadh na struchtúir slándála riachtanacha ar bun. Ar an dara dul síos, bhí Lárionad Oibríochtaí Slándála amháin oibríochtúil ach gan aon cheann de na córais nasctha go díreach leis. Cé go raibh bonneagar cineáil nasctha leis an Lárionad Oibríochtaí Slándála, bhí an baol ann i gcónaí nach dtabharfaí cibirionsaithe faoi deara nó go mbraithfí ródhéanach iad. Ar an tríú dul síos, ní raibh tástálacha á ndéanamh go rialta. Go deimhin, ní raibh ach aon chóras amháin díobh a tástáladh cheana, agus sa chás sin fiú ní dhearnadh ach tastáil theoranta. Agus ar deireadh, amhail sa chéad iniúchadh, níor tógadh cás eiseamláireach ar leith i gcomhair géarchéim ar chibirionsaí faoi deara í.

D'aimsigh na haiceálaithe eiticiúla roinnt leochaileachtaí ar cheann de na córais nár tástáladh riamh cheana, le linn na tástála slándála. D'fhéadfadh duine mailíseach neamhúdaraithe ón taobh istigh teacht i dtír ar na leochaileachtaí sin i gcomhcheangal, agus cibirionsaí a lainseáil chun rochtain a fháil ar fhaisnéis sa chóras, í a chóipeáil nó fiú, í a mhí-ionramháil. Léiríonn na torthaí sin a thábhachtaí atá an tástáil slándála rialta.

Is ábhar imní na torthaí sin mar go bhfuil na próisis teorann á n-uathrialú de réir a chéile. Beidh a thuilleadh sonraí fós á bpróiseáil ag líon mór córas rialaithe teorann sula i bhfad, agus a líon ag éirí níos líonmhaire, agus líon na nasc ag dul i méid freisin. Is rud é sin a chuireann le baol na gcibirionsaithe; ní raibh an cur chuige a úsáideadh slán i bhfad na haimsire ar an ábhar sin.

## Conclúidí

I gcás na struchtúr uisce, bhí eochairghnéithe ann a choisc ar an iniúchaí na céimeanna cibearshlándála deireanacha a thógáil. Mar shampla, níor léir cén leibhéal bagartha a bhí ann, ionas gur dheacair a mheas cé acu ar leor nó nár leor na bearta a rinneadh agus an buiséad a leithdháileadh. Thairis sin, maidir leis an roinn lárnach a bhí freagrach as an gcibearshlándáil, ní raibh sainordú acu chun bearta riachtanacha cibearshlándála a chur chun feidhme ag na struchtúir dhíláraithe uisce. Chuathas de réir mholtaí na hiniúchóireachta sa chás sin, rud a chuideodh leis an eagraíocht feasta.

Maidir le rialuithe teorann de, níor léir céard ba chúis leis an leibhéal neamhimleor cibearshlándála. Fuair taighde na hiniúchóireachta nósanna imeachta agus beartais chibearshlándála iomlána agus mhionsonraithe mar aon le saineolas imleor agus fostaithe sciliúla. Dá réir sin dhírigh moltaí na hiniúchóireachta go príomha ar a áirithiú go ndearnadh go deimhin gach céim ar leith ab fhéidir.

Bhí an-aird ag lucht parlaiminte agus ag na meáin ar an dá iniúchadh. Chuir na hiniúchóireachtaí leis an bhfeasacht faoin gcibearshlándáil i gcomhthéacs bonneagar fíor-riachtanach agus tugadh léargas do na hiniúchaithe faoin tslí lena gcibearshlándáil a fheabhsú. Bhí dlúthchomhar leis an iniúchaí riachtanach chun tuiscint iomlán a fháil ar a chás agus chun déileáil leis na rioscaí a bhaineann le himscrúdú agus tástáil na cibearshlándála.

Tá plean ann d’iniúchadh a trí sa tsraith sin freisin. Thairis sin, tá leibhéal slándála faisnéise rialtas náisiúnta na hÍsiltíre ina phríomhghé den timthriall bliantúil comhlíontachta. Chonacthas do SAI na hÍsiltíre in imeacht na mblianta go bhfuil go leor aireachtaí nach bhfuil os cionn a mbuille maidir le bearta slándála faisnéise de. Tá an Chúirt Iniúchóireachta ag baint leas faoi láthair as an eispéireas a fuarthas ina cuid iniúchtaí cibearshlándála chun a peirspictíocht ar iniúchadh na slándála faisnéise a leathnú, á aithint go bhfuil níos mó ná páipéir agus beartais i gceist agus ag féachaint le héifeachtúlacht iarbhír na mbeart a thástáil.

## Tuarascálacha breise sa réimse sin

| | |
|---|---|
| **Teideal na tuarascála:** | Caibidil 3 de "Staat van de rijksverantwoording 2019" |
| **Hipearnasc chuig an tuarascáil:** | Tuarascáil (Leagan Dúitsise) |
| **Dáta foilsithe:** | 2020 |

| | |
|---|---|
| **Teideal na tuarascála:** | Fócas ar an obair dhigiteach ón mbaile |
| **Hipearnasc chuig an tuarascáil:** | Tuarascáil (Leagan Dúitsise) |
| **Dáta foilsithe:** | 2020 |

## An Pholainn
## *Najwyższa Izba Kontroli*

## Slándáil a áirithiú in oibriú na gcóras TF lena ndéantar cúraimí poiblí

**Dáta foilsithe:** 2016

**Hipearnasc chuig an tuarascáil:** Tuarascáil (Leagan Polainnise)

**An cineál iniúchóireachta agus an tréimhse a iniúchadh**

**An cineál iniúchóireachta:** Comhlíontacht

**An tréimhse a iniúchadh:** 2014-2015

## Achoimre ar an tuarascáil

### An topaic a iniúchadh

Rinneadh an iniúchóireacht chun measúnú a dhéanamh maidir le sonraí a bailíodh sna córais a bhí ceaptha cúraimí tábhachtacha poiblí a chur chun feidhme, féachaint an raibh na sonraí slán sna haonaid a ndearnadh iniúchóireacht orthu. Cumhdaíodh sé institiúid roghnaithe a raibh cúraimí poiblí suntasacha á gcur i gcrích acu san iniúchóireacht. Tar éis anailís a bheith déanta, roghnaíodh córas TF bunriachtanach amháin i ngach institiúid, agus scrúdaíodh go mion é. Cuireadh leagan 4.1 de COBIT (Cuspóirí Rialaithe maidir le Teicneolaíocht Faisnéise agus Teicneolaíocht Ghaolmhar) i bhfeidhm ar an iniúchóireacht.

Rinneadh an iniúchóireacht sin tar éis iniúchóireacht 2015 ar “Chomhlachtaí poiblí” i mbun cúraimí cibearshlándála sa Pholainn[67], mar gur thug na torthaí sin le fios go raibh fadhbanna sistéamacha ann. Léirigh iniúchadh 2016 *inter alia* nár ghníomhaigh an Riarachán Stáit go dtí sin chun slándáil TF a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta. B’é an chonclúid, maidir le gníomhaíochtaí na n-eintiteas poiblí a bhain le cosaint an chibearspáis, gur ar bhealach ilroinnte a rinneadh iad agus go raibh cur chuige

[67] https://www.nik.gov.pl/kontrole/P/14/043/

córasach in easnamh. De cheal socruithe lárnacha a d'áiritheodh dálaí slándála nithiúla maidir le córais TF ar leith atá bunriachtanach d'oibriú an Stáit, dhírigh an t-iniúchadh ar institiúidí a scrúdú a bhí i mbun córais TF a riar chun cúraimí poiblí tábhachtacha a dhéanamh, féachaint an rabhthas á áirithiú go bhféadfaí na cúraimí sin a chur chun feidhme go slán.

Formheasadh iniúchadh eile a bhain le córais chibearshlándála, dar teideal "An Chibearshlándáil sa Pholainn", in 2019, ach tá na torthaí faoi rún.

## Ceisteanna don iniúchadh

Scoilteadh na fo-chuspóirí idir dhá réimse meastóireachta, agus freagraí á lorg ar cheisteanna sonracha.

I réimse na tacaíochta don tslándáil TF, scrúdaigh an iniúchóireacht ar leibhéal uile-eagraíochta, féachaint, *inter alia*:

- an ndearnadh bainistiú slándála TF;
- ar cuireadh pleananna chun feidhme chun an tslándáil TF a áirithiú;
- an ndearnadh an tslándáil TF a thástáil agus a mhaoirsiú agus an ndearnadh faireachán uirthi;
- an ndearnadh teagmhais slándála TF a shainiú;
- an raibh eochracha cripteagrafacha in úsáid sa bhainistiú TF;
- ar cuireadh cosaint i gcoinne bogearraí mailíseacha, brath bogearraí mailíseacha, agus paisteáil chun feidhme;
- ar áirithíodh slándáil na líonraí.

I réimse na tacaíochta slándála, scrúdaigh an iniúchóireacht ar leibhéal na gcóras a roghnaíodh, féachaint, *inter alia*:

- an ndearnadh bainistiú ar chéannacht agus ar chuntais úsáideoirí;
- an ndearnadh teicneolaíochtaí slándála agus sonraí íogaire a chosaint.

## Torthaí agus conclúidí

Níor thug leibhéal ullmhúcháin agus chur chun feidhme an Chórais Slándála Faisnéise leibhéal slándála inghlactha maidir leis na sonraí a bailíodh sna córais TF a bhí ceaptha cúraimí tábhachtacha poiblí a dhéanamh. Bhí na próisis slándála faisnéise á ndéanamh ar bhealach mí-ordúil agus, cheal nósanna imeachta – ar bhealach iomasach. As na sé aonad a iniúchadh, ní raibh an Córas Slándála Faisnéise curtha chun feidhme ach ag aonad amháin díobh, agus caithfear a rá go raibh lochtanna suntasacha ar oibriú an aonaid sin fiú. I ngach ceann de na haonaid a iniúchadh, seachas aonad amháin, ní raibh obair ar an leibhéal iomchuí ar siúl chun dálaí oiriúnacha slándála don fhaisnéis a bhí á próiseáil sna córais TF a áirithiú, mar ón uair nár tosaíodh uirthi go dtí le deireanas, bhí sí sa réamhchéim, agus na bunchlocha foirmiúla riachtanacha le hullmhú freisin. Roimhe sin is ar shocruithe simplithe nó neamhfhoirmiúla a bunaíodh an obair, í bunaithe ar an dea-chleachtas nó ar thaithí na foirne TF go dtí sin.

I gcomhréir le modheolaíocht COBIT 4.1, bhí aibíocht an phróisis bainistíochta slándála faisnéise sna haonaid éagsúla a iniúchadh idir (1) tosaigh/*ad hoc* agus (3) sainithe, ar scála ó náid go cúig, nuair is é cúig is airde.

Is ar an gcomhordaitheoir slándála a bhí an fhreagracht as an tslándáil TF a áirithiú sna haonaid a iniúchadh: is amhlaidh nach raibh an duine sin inniúil ar an bpróiseas iomlán a bhainistiú, áfach. Is aon duine amháin go minic a dhéanadh na cúraimí a bhí i gceist. Cé gur ceapadh foirne speisialtóireachta nó go ndearnadh comhaontuithe le conarthaí seachtracha, ní dhearnadh an anailís riachtanach a bhunódh an raibh na seirbhísí a cuireadh ar fáil ag teacht le riachtanais slándála aonaid. Is tuiscint ilroinnte agus teoranta a bhí in aonaid an iniúchaí ar an ngá le slándáil TF a áirithiú. Chonacthas gur bhain slándáil sonraí le freagracht agus le fearann na rannóige TF den chuid is mó seachas le gach aonad eagraíochtúil a raibh cúraimí reachtúla air, rud a bhí ina bhac suntasach ar chórais bainistithe chomhtháite don tslándáil TF a fhorbairt ar bhonn uile-institiúide.

Nuair a chuirtear cáilíocht an bhealaigh a freastalaíodh ar oibleagáidí chun slándáil faisnéise a áirithiú, maidir le heagraíochtaí i gcoitinne agus maidir leis na córais a roghnaíodh, is léir go raibh cáilíocht an chuir chun feidhme níos airde sa dara cás. D’fhéadfadh sin a bheith amhlaidh de bharr thionchar an eolais phraiticiúil agus rannpháirtíocht na foirne teicniúla meánleibhéil ar áirithiú na slándála, breis úsáide á baint as córais thráchtála TF bunaithe ar chaighdeáin an mhargaidh sa riarachán poiblí, agus réitigh dhearbhaithe slándála ardleibhéil a bheith ar fáil. Trí réitigh den sórt sin a fheidhmiú, leis an taithí go dtí seo agus leis an dea-chleachtas, bhíothas in ann leibhéal áirithe slándála a áirithiú in oibriú na gcóras éagsúil, faoi dhálaí acmhainní teoranta,

easnaimh eagraíochtúla nó rialú "neamhfheidhmiúil". Ní shin an réiteach mar ba mhian áfach, ón uair, tráth a bhfuil méadú dinimiciúil ar leibhéal na bagartha, nach féidir slándáil na gcóras TF a bhunú ar bhearta a bhainistítear ar bhealach mí-ordúil agus iad giaráilte chun deacrachtaí práinneacha amháin a réiteach.

**Conclúidí na hiniúchóireachta**

Ní mór moltaí ginearálta maidir le slándáil TF agus ceanglais a bheadh infheidhme maidir leis na heintitis phoiblí uile a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar leibhéal lárnach. Tá réiteach sistéamach de dhíth faoina nochtfar torthaí iniúchóireachtaí slándála TF ar bhealach a chuirfidh ar chumas na saoránach rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le gníomhaíochtaí na n-eintiteas poiblí, cé go mbeadh srian ar an rochtain ar eolas faoi na bearta agus na modhanna a bhí in úsáid chun slándáil na faisnéise a phróiseáiltear a áirithiú.

## Tuarascálacha breise sa réimse sin

| | |
|---|---|
| **Teideal na tuarascála:** | Údaráis réigiúnacha i mbun bainistiú slándála faisnéise |
| **Hipearnasc chuig an tuarascáil:** | Tuarascáil (Leagan Polainnise) |
| **Dáta foilsithe:** | 2019 |

| | |
|---|---|
| **Teideal na tuarascála:** | An chibearshlándáil sa Pholainn (faisnéis rúnaicmithe) |
| **Hipearnasc chuig an tuarascáil:** | *Gan rochtain ag an bpobal uirthi* |
| **Dáta formheasa:** | 2019 |

| | |
|---|---|
| **Teideal na tuarascála:** | Slándáil na gcóras TF á háirithiú ag údaráis réigiúnacha in Podlaskie Voivodeship |
| **Hipearnasc chuig an tuarascáil:** | Tuarascáil (Leagan Polainnise) |
| **Dáta foilsithe:** | 2018 |

| | |
|---|---|
| **Teideal na tuarascála:** | An chibearbhulaíocht i measc leanaí agus daoine óga a chosc agus a chomhrac |
| **Hipearnasc chuig an tuarascáil:** | Tuarascáil (Leagan Polainnise) |
| **Dáta foilsithe:** | 2017 |

| | |
|---|---|
| **Teideal na tuarascála:** | Cúraimí cibearshlándála á ndéanamh ag comhlachtaí poiblí sa Pholainn |
| **Hipearnasc chuig an tuarascáil:** | Tuarascáil (Leagan Polainnise) |
| **Dáta foilsithe:** | 2015 |

| | |
|---|---|
| **Teideal na tuarascála:** | Ceanglais roghnaithe maidir le córais faisnéise, malartú faisnéise leictreonaí agus an Creat Náisiúnta Idir-inoibritheachta á gcur chun feidhme, bunaithe ar chur chuige roinnt comhairlí bardais agus cathracha a bhfuil cearta ceantair acu. |
| **Hipearnasc chuig an tuarascáil:** | Tuarascáil (Leagan Polainnise) |
| **Dáta foilsithe:** | 2015 |

## An Phortaingéil
## *Tribunal de Contas*

# Iniúchadh ar Phas Leictreonach na Portaingéile

**Dáta foilsithe:** 2014

**Hipearnasc chuig an tuarascáil:** Tuarascáil (Leagan Portaingéilise)

**An cineál iniúchóireachta agus an tréimhse a iniúchadh**

**An cineál iniúchóireachta:** Iniúchadh Feidhmíochta

**An tréimhse a iniúchadh:** 2013

## Achoimre ar an tuarascáil

### An topaic a iniúchadh

Bhí iniúchadh oibríochtúil ar Phas Leictreonach na Portaingéile (PEP) dírithe ar éifeachtúlacht na gcóras faisnéise a thacaíonn lena bhronnadh, a eisiúint agus a úsáid, go háirithe agus braitheoireacht uathoibrithe á déanamh ar phaisinéirí ar theorainneacha na Portaingéile trí shonraí bithmhéadracha a léamh[68].

B’iad príomhchuspóirí na hiniúchóireachta:

- A fhíorú an raibh comhlíontacht ann maidir le dlí an Aontais, an dlí náisiúnta, caighdeáin idirnáisiúnta agus treoirlínte maidir le PEP a bhronnadh, a eisiúint agus a úsáid, lena n-áirítear leordhóthanacht an chreata dhlíthiúil náisiúnta;
- Scrúdú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na n-eochairphróiseas a bhaineann le saolré PEP, go háirithe iad siúd a bhaineann le PEP a bhronnadh, a eisiúint agus a úsáid.

[68] Tagairt do chórais i mbun Rialú Uathoibrithe Teorann (ABC) in Frontex (an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann).

- Scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe criticiúla d'fheidhmíocht na gcóras faisnéise, comhlíonadh na gceanglas slándála maidir le córais faisnéise PEP (SIPEP), go háirithe.

Ar na príomhlimistéir riosca bhí siad seo a leanas:

- Sócmhainní fisiciúla agus/nó faisnéis leictreonach chaillte/ghoidte;
- Mí-úsáid faisnéis faoi rún;
- Baol comhlíontachta (gan ceanglais dhlíthiúla agus rialála a shásamh).

Tréimhse na hiniúchóireachta 1 Eanáir 2013 – 31 Nollaig 2013 (ag síneadh siar sna blianta roimhe sin nó isteach sna blianta ina dhiaidh, de réir mar ab iomchuí).

## Torthaí agus conclúidí

Cuimsítear trí chatagóir le Pas Leictreonach na Portaingéile (PEP): gnáthphas[69], pas taidhleoireachta nó pas speisialta. Tá pas ann freisin do dhaoine nach náisiúnaigh iad, agus níos lú pribhléidí ag gabháil leis.

Tá líon suntasach feidhmchlár ag an gcóras lamháltais agus líon suntasach eintiteas bailithe sonraí agus comhlachtaí bronnta; aon eisitheoir amháin atá ann (lena gcorpraítear táirgeadh, pearsantú agus seachadadh).

Bíonn neart eintiteas ann (eintitis PEP) a ghlacann páirt sa phróiseas. Bailíonn na heintitis seo a leanas sonraí agus bronnann siad pasanna:

- Mórthír na Portaingéile: Serviço de Estrangeiros e Fronteiras (SEF)[70] agus seirbhísí clárlainne Instituto dos Registos e do Notariado (IRN)[71];

[69] Thart ar 99 % den líon iomlán.

[70] Seirbhís Imirce agus Teorainneacha.

[71] Oifig Cláraithe agus Nótaire (admháil amháin).

- Réigiúin uathrialaitheacha na nAsór[72] agus Maidéara: seirbhísí faoin *Vice-Presidência do Governo Regional*[73] faoi seach; thar lear: consalachtaí na Portaingéile;
- Imprensa Nacional – Casa da Moeda, S.A. (INCM)[74]: is iad a eisíonn agus a sheachadann na pasanna.

Is SIPEP (córas iarratais na bainistíochta láir um pasanna na Portaingéile a eisiúint) is mó a thacaíonn leis na príomhphróisis maidir le pasanna na Portaingéile a eisiúint. Is SIPEP a chumasaíonn taifeadadh, stóráil, próiseáil agus bailíochtú na faisnéise atá riachtanach, a sholáthraíonn an fhaisnéis riachtanach a bhaineann le PEP a bhronnadh, a thionscnaíonn an próiseas saincheaptha a dhéanann INCM, agus a áirithíonn an t-idircheangal le feidhmchláir eile an chórais trína gcomhordaítear na heintitis PEP uile a bhfuil baint acu le clárú fisiciúil agus lóistíochtúil na sonraí a bhailítear.

Tá struchtúr eagraíochtúil ag na heintitis PEP a chuireann ar a gcumas na spriocanna dlíthiúla a bhaineann le PEP a bhaint amach. Braitheann an córas go mór ar acmhainní daonna i gcónaí ar leibhéil iarratais agus bhailithe. Mar sin féin, cuimsítear lear suntasach feidhmeanna próiseála agus rialuithe bailíochtaithe in SIPEP.

Ós rud é go n-áirithítear feidhmeanna rialaithe agus ionramháil sonraí leis na nósanna imeachta, agus cuid de á dhéanamh go neamhspleách, gan idirghabháil dhaonna, baineann tionchar suntasach le SIPEP i dtéarmaí eagrúcháin agus an chórais faisnéise, go háirithe sa mhéid seo a leanas: (i) tuiscint ar na caighdeáin, na próisis agus na sonraí riachtanacha agus iad a shainiú, agus (ii) sainiú ar riachtanais an chórais faisnéise féin.

Áirithítear éifeachtúlacht agus éifeachtacht an phróisis bhailithe sonraí trí idirghníomhú SIPEP le córais faisnéise eile[75], i gcomhréir le rialacháin dhlíthiúla.

Táthar tar éis creat rialaithe foriomlán le haghaidh gníomhaíochtaí TF (rialachas, forbairt agus éadáil, oibríochtaí TF, leanúnachas gnó agus téarnamh ó thubaistí,

---

[72] Agus príomhphointí seirbhíse *Agência para a Modernização e Qualidade do Serviço ao Cidadão, I. P. (RIAC)* – Gníomhaireacht um Nua-aoisiú agus um Cháilíocht Seirbhíse don Saoránach, institiúid phoiblí (admháil amháin).

[73] Leas-Uachtaránacht an Rialtais Réigiúnaigh.

[74] The Official Printing Office and the Mint, cuideachta phoiblí.

[75] Is é sin: Córas faisnéise comhtháite SEF (SIISEF); an chuid Náisiúnta de Chóras Faisnéise Schengen (NSIS); an Bunachar sibhialta sonraí aitheantais, Bunachar sonraí na dtaifead coiriúil.

slándáil faisnéise) a bhunú, cé nach bhfuil doiciméadú an-mhór ag baint leis, agus áirithíonn sé go ndéanfar an córas SIPEP a fhorbairt, a oibriú, a bhainistiú agus a chothabháil.

Táscairí gníomhaíochta (2013):

- Bronnadh thart ar 500 000 PEP, SEF a bhronn thart ar 63% díobh, consalachtaí na Portaingéile a bhronn 33% agus bhronn na rialtais réigiúnacha 4%;

- Bhí ioncam thart ar €37 milliún ann ar an iomlán as PEP a eisiúint, ó INCM den chuid is mó (43%), SEF (32%) agus ón *Ministério dos Negócios Estrangeiros (MNE)*[76] (17 %).

Maidir le 2013, níor dheimhnigh na tástálacha a rinneadh in SIPEP go raibh an uastréimhse seachadta a bunaíodh le dlí á comhlíonadh (ó dháta an iarratais go dtí go mbeadh an PEP réidh le bailiú ón bpointe bailithe) mar nár cláraíodh an dáta seachadta iarbhír ag an bpointe bailithe go tráthúil i gcónaí.

Rinne SEF, MNE, RIAC agus INCM infheistíochtaí arbh fhiú €11 mhilliún iad, a bhain le trealamh le haghaidh sonraí bithmhéadracha agus sínithe a bhailiú (bothanna), trealamh le haghaidh córais um rialú uathoibrithe teorann (ABC), córais agus seirbhísí TF a cheannach agus a chothabháil agus cúnamh teicniúil: SEF a d’íoc an méid is mó.

Sula raibh an PEP ann, chosain pas (neamh-bhithmhéadrach) Phoblacht na Portaingéile €22.44; in 2006 chosain an gnáthphas (bithmhéadrach) €60, ag méadú go €65 in 2011.

**Iarratais PEP**

Déanann na seirbhísí inniúla na hiarratais PEP a phróiseáil i bpearsa, is iad a ghlacann doiciméid an iarratais, a bhailíonn sonraí beathaisnéise agus bithmhéadracha, a bhailíonn na táillí agus a dhéanann an PEP a eisíodh a sheachadadh ar ball.

Déanann an córas foluiteach (SIPEP) cruinneas agus cáilíocht na sonraí a bhailíochtú le rialuithe fíorúla agus trí chrostagairt le córais faisnéise eile, is é sin, an Bunachar Sibhialta Sonraí Aitheantais, chun a áirithiú go bhfuil an t-iarratas comhlíontach agus oiriúnach maidir le PEP a bhronnadh agus a eisiúint.

Déantar na hathruithe stádais a ghabhann leo a thaifeadadh i gcomhaid loga, rud a áirithíonn in-iniúchtacht, sláine agus neamhshéanadh na n-idirbheart.

[76] An Aireacht Ghnóthaí Eachtracha.

Déantar sonraí a aistriú idir na comhlachtaí bailithe sonraí (sa Phortaingéil agus thar lear) agus SEF trí líonra príobháideach fíorúil (VPN), a chuirtear chun feidhme ar bhonn bainistíochta rochtana i gcomhréir le dintiúir atá faoi smacht SEF[77].

Próiseáiltear an iarratas ar ghnáth-PEP ar bhealach éagsúil nuair is saoránaigh nach bhfuil ach cearta teoranta acu nó a bhfuil srianta orthu a dhéanann an t-iarratas, lena n-áirítear: (i) iad siúd nach bhfuil in ann a gcearta a fheidhmiú (mionaoisigh, daoine míchumasacha nó daoine toirmiscthe); (ii) daoine a bhfuil cosc breithiúnach nó póilíneachta orthu (taifead coiriúil, cás ar feitheamh nó doiciméid a urghabháil); agus (iii) nuair a dhéanann iarratasóir ar an dara PEP leas náisiúnta nó dlisteanach a agairt.

**An PEP a bhronnadh**

D'fhéadfadh an cinneadh an gnáth-PEP a bhronnadh a bheith:

- Uathoibríoch – formheas uathoibríoch ó chóras iarratais SIPEP i ndiaidh céannacht an iarratasóra a bhailíochtú agus taifead coiriúil in easnamh (trí chrostagairt le bunachair IRN - an bunachar sibhialta sonraí aitheantais, an bunachar taifead coiriúil) agus cásanna ar feitheamh in easnamh. Ní tharlaíonn sé ach in SEF, i gcás iarratais ar PEP ar an mórthír[78].

- Faoi réir glacadh indibhidiúil/formheas ag eintitis eile (Rialtais Réigiúnacha agus Poist Chonsalachta) nó, i gcás SEF, riachtanais nár cumhdaíodh faoin uathbhronnadh[79].

---

[77] Tá SIPEP inrochtana (ar an idirlíon) ar an leibhéal náisiúnta/réigiúnach agus idirnáisiúnta ag seirbhísí atá lonnaithe ar an mórthír, i réigiúin uathrialaithe na nAsór agus Maidéara, agus thar lear (consalachtaí na Portaingéile).

[78] Sin feidhmiúlacht uathoibrithe den chóras iarratais SIPEP chun iarratas (seachas i gcás an dara PEP) a dheonú ("údarú" a thugtar air go hinmheánach) do shaoránach in aois dhlíthiúil, a bhfuil cárta saoránaigh bailí aige nó aici, gan cásanna ar feitheamh agus nach bhfuil coiscthe nó dícháilithe. Maidir leis an ngnáth-PEP á bhronnadh ag SEF, bhí thart ar 60% díobh cumhdaithe faoi nósanna imeachta uathbhailíochtaithe agus cinntí uathbhronnta, agus an chuid eile faoi réir scrúdú agus formheas an *Direção Central de Imigração e Documentação (DCID)*.

[79] Go háirithe i gcás iarratasóirí nach bhfuil in ann a gcearta a fheidhmiú (mionaoisigh, daoine míchumasacha nó daoine toirmiscthe), daoine a bhfuil cosc breithiúnach nó póilíneachta orthu nó, i gcás an dara PEP, daoine a mbreithníonn DCID a n-iarratas ar bhonn cás ar chás.

**An PEP a eisiúint**

Is iad INCM atá inniúil ar an PEP a eisiúint: is é sin, é a tháirgeadh, a phearsantú agus a sheachadadh. Nuair a thaifeadtar in SIPEP gur seachadadh an PEP, athraíonn stádas an phas go "Bailí".

Bíonn éagsúlachtaí ag baint le rátaí PEP, ag brath ar leibhéal na seirbhíse a theastaíonn. Chun an leibhéal seirbhíse a thomhas, bíonn ar SIPEP dáta seachadta iarbhír an PEP a mheas.

Is le seirbhís iompair ar conradh a dhéantar PEP a sheachadadh.

**Foirceannadh PEP**

Nuair a sheachadann iarratasóir PEP a eisíodh cheana agus atá bailí i gcónaí, ba cheart an PEP a dhíchumasú chun an athúsáid a chosc, rud a chomhfhreagraíonn do stádas "neamh-inúsáidte" ar thaifead an phas, i gcóras iarratais SIPEP.

## An Fhionlainn
## *Valtiontalouden tarkastusvirasto*

## Socruithe cibearchosanta

**Dáta foilsithe:** 2017

**Hipearnasc chuig an tuarascáil:** Tuarascáil (Leagan Fionlainnise)

**An cineál iniúchóireachta agus an tréimhse a iniúchadh**

**An cineál iniúchóireachta:** Iniúchadh Feidhmíochta

**An tréimhse a iniúchadh:** 2016-2017

## Achoimre ar an tuarascáil

### An topaic a iniúchadh

B'é cuspóir na hiniúchóireachta, féachaint an raibh eagrú na cibearchosanta sa rialtas láir chomh héifeachtach agus chomh cost-éifeachtúil agus ab fhéidir. Dhírigh an t-iniúchadh ar an gcaoi a raibh cibearshlándáil an rialtais láir á heagrú agus á bainistiú. D'fhéadfaí torthaí na hiniúchóireachta a úsáid chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na cibearshlándála sa rialtas láir a fhorbairt. Rinneadh an iniúchóireacht ón 22 Meán Fómhair 2016 go dtí an 4 Meán Fómhair 2017. Rinneadh an obair leantach i bhfómhar 2019. San obair leantach scrúdaigh an Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta na gníomhaíochtaí a rinneadh de bharr torthaí agus moltaí na hiniúchóireachta.

Ar na heintitis a iniúchadh bhí na húdaráis i gceannas ar an gcibearchosaint sa rialtas láir (Oifig an Phríomh-aire, an Aireacht Airgeadais agus an Aireacht Iompair agus Cumarsáide) agus na húdaráis a bhí freagrach as cúraimí cibearchosanta láraithe agus as seirbhísí TF láraithe sa rialtas láir (Lárionad Cibearshlándála Náisiúnta Ghníomhaireacht Iompair agus Chumarsáide na Fionlainne, , Valtori – Lárionad TFC an Rialtais, an Ghníomhaireacht um Sheirbhísí Digiteacha agus Sonraí Daonra). Measúnaíodh éifeachtacht na treorach trí aonaid rialtais láir a chuireann seirbhísí leictreonacha ar fáil a scrúdú freisin (an Ghníomhaireacht um Sheirbhísí Digiteacha agus Sonraí Daonra, Traficom (Gníomhaireacht Iompair agus Cumarsáide na

Fionlainne), an Oifig Náisiúnta Riaracháin um Fhorfheidhmiú agus an Aireacht um Cheartas, a maoirseoir, agus Lárionad Seirbhíse TFC na hAireachta um Cheartas).

### Ceisteanna don iniúchadh

Baineadh úsáid as na ceisteanna seo a leanas san iniúchadh ar eagrú na cibearshlándála:

- Ar thug an t-eintiteas a bhí á iniúchadh aird a dhóthain ar an ngné eacnamaíoch le linn don chibearshlándáil a bheith á heagrú?
- An dtacaíonn an leibhéal eolais ar staid na cibearshlándála atá ag an eintiteas atáthar á iniúchadh le cibearshlándáil na gcóras?
- An bhfuil an cumas san eintiteas atáthar á iniúchadh chun freagairt ar chibearsháruithe?

Bhí an topaic a iniúchadh, socruithe cibearchosanta, ina cuid den téama iniúchóireachta “Ensuring the operational reliability of the information society” i bplean iniúchóireachta 2016-2020 de chuid Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta na Fionlainne. Ó thaobh tábhacht do chúrsaí airgeadais an rialtais láir de, d’fhéadfaí an topaic a bhí á hiniúchadh a chosaint mar gheall ar na míbhuntáistí a bhaineann le cliseadh seirbhíse agus sáruithe ar shonraí, agus mar gheall ar an drochthionchar a bhíonn ag cibearshlándáil lag ar ghníomhaíochtaí gnó. Rinneadh an t-iniúchadh i gcomhthráth le “Steering the operational reliability of electronic services”, iniúchadh ar an téama céanna. B’é an príomhábhar san iniúchadh, doiciméid agus agallaimh leis na húdaráis atá freagrach as an ngníomhaíocht i gceist.

### Torthaí agus conclúidí

Sainíonn straitéis chibearshlándála na Fionlainne na príomhchuspóirí agus na príomhbheartais chun tabhairt faoi na dúshláin roimh an gcibirthimpeallacht agus chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh sí. Tá iarrachtaí déanta chun an straitéis chibearshlándála a chur chun feidhme trí chlár cur chun feidhme, agus déantar meastóireacht bhliantúil ar an dul chun cinn. Is comhlacht comhair san Aireacht Chosanta é an Coiste Cibearshlándála, a dhéanann faireachán agus comhordú ar chur chun feidhme na straitéise cibearshlándála.

Eagrú éifeachtach ar an gcibearshlándáil, sin bainistiú riosca, agus chun go n-éireoidh leis, caithfidh struchtúir agus socruithe éifeachtacha bainistíochta a bheith ann a dhéanfaidh an bainistiú riosca a chomhtháthú in oibríochtaí ar gach leibhéal den eagraíocht. Amhail go leor tíortha eile, níl an Fhionlainn agus a rialtas láir neamhthuilleamaíoch maidir le hacmhainní cibearchosanta. Tá reachtaíocht an Aontais Eorpaigh ag dul i méid ar feadh an ama agus í ag éirí níos ceangailtí. I rialtas na Fionlainne, tá an fhreagracht as cibearchosaint díláraithe, agus gach comhlacht corparáideach ar leith freagrach as a chibearshlándáil féin. Baineann castacht le sannadh freagrachtaí sa rialtas láir i ndáil le nádúr agus méid na gcibearsháruithe féideartha agus i ndáil leis an gcur chun feidhme.

Mar gheall ar an gcastacht sin d'fhéadfadh an fhreagairt ar aimhrialtacht a bheith rómhall, agus chuir an tearc-chistiú teorainn le cur chun feidhme straitéis chibearshlándála na Fionlainne. Bunaithe ar thorthaí na hiniúchóireachta, tháinig an Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta ar na conclúidí seo a leanas, agus rinne sí na moltaí seo a leanas, maidir le heagrú na cibearshlándála sa rialtas láir:

**Níor sainíodh bainistiú oibríochtúil ar sháruithe forleathana cibearshlándála**

Ach an bainistiú oibríochtúil ar sháruithe forleathana cibearshlándála a phleanáil agus na freagrachtaí gaolmhara a chomhroinnt, d'fhéadfadh an fhreagairt a bheith níos tapúla agus d'fhéadfaí acmhainní i gcomhar frithbheart a chomhordú agus a leithdháileadh go hiomchuí. Faoin tsamhail oibriúcháin reatha, tá gach gníomhaireacht ar leith freagrach as a cibearchosaint féin. Níl fáil ar go leor saineolais ar an gcibearchosaint áfach, rud atá ina bhac ar chruthú na cibearchosanta, go hinmheánach nó trí sheachfhoinsiú.

**Bhí spriocanna sa Straitéis Chibearshlándála nár baineadh amach**

Cuireadh feabhas ar an gcibearchosaint le clár cur chun feidhme Straitéis Chibearshlándála na Fionlainne. Bhí spriocanna sa chéad chlár cur chun feidhme nár baineadh amach, mar nárbh ionann i gcónaí an leibhéal tiomantais i leith na ngníomhartha, agus níorbh fhéidir é a fheabhsú ar bhealach lárnach. Níor cuimsíodh sa chlár cur chun feidhme nua ach na gníomhartha ar léirigh na húdaráis inniúla agus gníomhaithe eile tiomantas ina leith. Bhí an tiomantas agus na hacmhainní a bhí ar fáil ag brath ar a chéile.

**Níor léir cé chomh hiomchuí a bhí réitigh chistiúcháin na cibearchosanta**

Cúis amháin leis na difríochtaí i bhforbairt na cibearchosanta ba ea na difríochtaí i méid na n-acmhainní forbartha a bhí ar fáil do na heagraíochtaí. Níor sainaithníodh aon nósanna imeachta sna rialacháin maidir le hullmhú bhuiséad an Stáit, ná sa phróiseas ullmhúcháin, a d’áiritheodh go raibh cistí á leithdháileadh ar na spriocanna ba thábhachtaí le cibearchosaint a dhéanamh orthu. Dhéanadh gníomhaireachtaí agus institiúidí na leithreasaí don chibearshlándáil a bhuiséadú mar chuid neamhshonraithe dá gcaiteachas oibríochtúil. Ní dhearnadh na bearta a raibh cur síos orthu i straitéis chibearshlándála na Fionlainne a chur chun feidhme ach a mhéid a cheadaigh na leithreasaí.

**Ba cheart an chibearchosaint a chur san áireamh freisin in athruithe ar eagrú TFC**

Chuaigh athruithe in eagrú TFC sa rialtas láir i bhfeidhm ar na socruithe maidir le cibearchosaint. Cruthaíodh deacrachtaí i bhforbairt na cibearshlándála arna lárú ag Valtori. Bhí easnaimh sa mheasúnú ar cé chomh himleor a bhí na nósanna imeachta praiticiúla maidir le cibearchosaint agus i gcur chun feidhme socruithe nua.

**Níor mhiste staid an eolais ar oibríochtaí cibearshlándála a fheabhsú**

B’é an Lárionad Cibearshlándála a bhí i gceannas ar staid an eolais ar an gcibearshlándáil ar bhonn náisiúnta. Ní raibh aon oibleagáid ann, tráth na hiniúchóireachta, sáruithe cibearshlándála a thuairisciú don Lárionad Cibearshlándála. D’fheabhsófaí an scéal dá mbeadh ar eagraíochtaí rialtais sáruithe a thuairisciú, agus dá mbeadh cumhdach níos leithne ag baint leis na nósanna imeachta láraithe chun cibearsháruithe a bhrath.

Bunaithe ar na ráitis thuas, molann an Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta go ndéanfadh an Aireacht Airgeadais samhail fhorleathan de bhainistíocht oibríochtúil a shainiú agus a chur chun feidhme i gcás teagmhais chibearshlándála i seirbhísí TFC an rialtais láir. Níor mhiste don Aireacht Airgeadais a fháil amach freisin cén chaoi a gcuirfear cibearshlándáil na seirbhísí san áireamh agus seirbhísí á maoiniú i gcaitheamh a saolré, agus an fheasacht staide oibríochtúil a fheabhsú trí threorú d’údaráis cibearsháruithe a thuairisciú don Lárionad Cibearshlándála. Moladh go ndéanfadh Valtori cur chun feidhme agus forbairt na nósanna imeachta cibearshlándála, agus an mheastóireacht a dhéantar orthu, a fheabhsú agus go ndéanfaí brath na gcibearsháruithe a fheabhsú.

San iniúchadh leantach, scrúdaíodh mar a rinneadh na moltaí a tugadh le linn na hiniúchóireachta a chur chun feidhme. Mheas an Oifig Iniúchóireachta nár leor na bearta a bhí déanta ag an Aireacht Airgeadais, an t-údarás inniúil maidir le cur chun feidhme na moltaí, mar fhreagairt ar na moltaí a rinneadh. Rinneadh an chibearshlándáil san Fhionlainn a threisiú freisin áfach trí bhearta arna nglacadh ag údaráis seachas an Aireacht Airgeadais. Bhí bainistiú straitéiseach na cibearshlándála ag dul i dtreo samhail an stiúrthóra cibearshlándála. Sa bhuiséad a moladh le haghaidh 2020, mhéadaigh an rialtas na leithreasaí do na húdaráis sa rialtas láir a mbíonn príomhról acu i neartú na cibearshlándála. Agus rud eile, bhí bearta á ndéanamh ag Valtori a bhí ag teacht leis an moladh ón Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta. Mar fhocal scoir, dúirt an Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta go raibh iniúchóireacht leantach riachtanach de bharr moltaí gan a bheith curtha chun feidhme, agus go bhféadfaí iniúchadh as an nua sa réimse sin a chosaint mar gheall ar na hathruithe leanúnacha sna socruithe cibearshlándála agus sa timpeallacht oibriúcháin dhigiteach, agus na rioscaí gaolmhara, agus mar gheall ar a thábhachtaí atá an chibearshlándáil do chistí an rialtais agus don tsochaí.

**An tSualainn**
***Riksrevisionen***

## Córais dhífheidhmeacha TF – constaic ar an digiteáil éifeachtach

| | |
|---|---|
| **Dáta foilsithe:** | 2019 |
| **Hipearnasc chuig an tuarascáil:** | Achoimre ar an tuarascáil (Leagan Béarla)<br>An Tuarascáil (Leagan Sualainnise) |

**An cineál iniúchóireachta agus an tréimhse a iniúchadh**

| | |
|---|---|
| **An cineál iniúchóireachta:** | Iniúchadh Feidhmíochta |
| **An tréimhse a iniúchadh:** | 2018-2019 |

## Achoimre ar an tuarascáil

### An topaic a iniúchadh

D'fhéadfadh fadhbanna éifeachtúlachta a bheith ina riosca suntasach i gcás córais dhífheidhmeacha TF atá ríthábhachtach ó thaobh gnó, mar go dtugtar ar eagraíochtaí sciar níos mó dá n-acmhainní a úsáid díreach chun bail a choinneáil ar an gcóras. Is féidir glacadh leis mar sin go bhfuil seans maith ann le córais dhífheidhmeacha IT go ndéanfar drochbhainistiú ar chistí poiblí. Leanann astu freisin go ndéanfar atreorú áirithe ar acmhainn nuálaíochta na gníomhaireachta i dtéarmaí córais nua TF a fhorbairt. Ní hamháin go gcruthaíonn córais dhífheidhmeacha TF rioscaí do ghníomhaireachtaí indibhidiúla, áfach, ach d'fhéadfadh fadhbanna i ngníomhaireacht iarmhairtí a chruthú dá cumas oibríochtaí a chomhordú le gníomhaireacht eile nó le geallsealbhóir príobháideach. Baineann rioscaí le córais dhífheidhmeacha TF ó thaobh slándáil faisnéise de freisin.

**Sainiú ar an bpríomhábhar le hiniúchadh/ Ceisteanna iniúchóireachta/ Comhthéacs**

B'í cuspóir na hiniúchóireachta, minicíocht na gcóras dífheidhmeach TF i gcóras riaracháin an rialtais láir a scrúdú, agus féachaint an raibh bearta cuí glactha ag na húdaráis agus ag an rialtas chun nach mbeadh na córais TF sin ina mbac ar an digiteáil éifeachtach. B'iad seo a leanas na ceisteanna iniúchóireachta ar díríodh orthu:

- Ar ghlac na húdaráis na bearta cuí chun déileáil leis na fadhbanna a ghabhann le córais dhífheidhmeacha TF?
- Ar ghlac an Rialtas na bearta cuí chun déileáil leis na fadhbanna a ghabhann le córais dhífheidhmeacha TF?

## Torthaí agus conclúidí

- D'aithin an iniúchóireacht go raibh córais dhífheidhmeacha TF i líon mór de na gníomhaireachtaí rialtais. Bhí córas dífheidhmeach TF amháin, nó níos mó, a bhí riachtanach don ghnó, i gcuid mhaith de na gníomhaireachtaí freisin. Chomh fada agus is eol do NAO na Sualainne, sin faisnéis nua agus ní raibh scála na faidhbe ar eolas ag éinne i gcóras riaracháin an rialtais láir roimhe sin. Dúirt thart ar 80% de na gníomhaireachtaí gur dheacair dóibh bail a choinneáil ar an leibhéal slándála faisnéise i gceann amháin nó níos mó dá gcórais atá riachtanach don ghnó. D'fhreagair níos mó ná údarás amháin as deich gurbh amhlaidh do na córais ar fad, nó an chuid ba mhó díobh.
- Fuarthas i gcion suntasach de na gníomhaireachtaí a iniúchadh nach raibh an cur chuige ceart acu i leith forbairt agus riarachán na tacaíochta TF. Ní raibh leas á bhaint acu as uirlisí a bhí acu cheana féin don fhorbairt oibríochtúil chun cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi ab fhearr a chuideodh an tacaíocht TF chun cuspóirí na gcroí-oibríochtaí a bhaint amach. Is é sin, bhí cion suntasach de na gníomhaireachtaí a iniúchadh a raibh cur síos ginearálta in easnamh orthu ar na ceangail idir na straitéisí, na próisis oibríochtúla agus na córais. Agus ba dheacair dóibh dá réir anailís a dhéanamh, agus a thuiscint mar a rachadh athruithe i bhfeidhm ar chuspóirí na heagraíochta, ionas go mba dheacra fós dea-chás amach anseo a shainiú.

- Bhí breis agus leath na n-údarás a dúirt nach raibh aon tsamhail fhormheasta ann chun plé lena gcórais TF agus cinneadh a dhéanamh fúthu, ón gcéim forbartha córais go dtí céimniú amach, a dtugtar bainistiú saolré air de ghnáth. Dar le NAO na Sualainne, b'shin léiriú nach rabhthas ag tabhairt faoin mbainistiú saolré ar bhealach struchtúrtha agus córasach. Bhí laigí san obair anailíse ar rioscaí freisin agus sa chumas costais TF a bhriseadh síos ar an leibhéal mionsonraithe atá riachtanach don dea-chinnteoireacht.

- Bhí beagnach 60% de na húdaráis nach raibh aon phleananna saolré d'fhorbairt córais acu maidir le córais ar bith seachas córas nó dhó a bhí riachtanach don ghnó. Mar gheall ar an easpa pleananna saolré agus doiciméadacht phleanála eile in an-cuid de na gníomhaireachtaí, mar aon le heasnaimh sa mhéid den bhainistiú saolré a cuireadh i ngníomh, ba léir nach bhféadfaí glacadh leis go raibh seasamh comhfhiosach, follasach forbartha ag na gníomhaireachtaí maidir lena gcórais TF.

- Is é meastóireacht NAO na Sualainne, go raibh easpa eolais ag na haireachtaí a bhí i gceist, agus ag an rialtas freisin, dá réir, maidir le minicíocht na gcóras dífheidhmeach TF agus na hiarmhairtí, araon.

B'é an chonclúid ghinearálta, tráth na hiniúchóireachta, nár éirigh i ndáiríre le formhór na ngníomhaireachtaí déileáil go héifeachtach leis na fadhbanna a bhaineann le córais dhífheidhmeacha TF. Mheas NAO na Sualainne go raibh an fhadhb chomh mór agus chomh forleathan sin go raibh sí ina constaic ar dhigitiú éifeachtach leanúnach riarachán an Stáit. Léirigh an t-iniúchadh freisin nach raibh an rialtas ar an eolas faoi na fadhbanna le córais dhífheidhmeacha TF agus a n-iarmhairtí. Ní raibh aon bhearta déanta ag an rialtas, thairis sin, chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na gcóras dífheidhmeach TF go díreach. B'é measúnú NAO na Sualainne ar an ábhar sin nach bhféadfaí a mheas go raibh bearta a ndóthain glactha ag an rialtas chun a áirithiú gur laghdaíodh ar na fadhbanna nó go bhfuarthas réidh leo.

## Tuarascálacha breise sa réimse sin

**Teideal na tuarascála:** Making it easier to start a business – government efforts to promote a digital process (RiR 2019:14)

**Hipearnasc chuig an tuarascáil:** Achoimre ar an tuarascáil (Leagan Béarla)
An Tuarascáil (Leagan Sualainnise)

**Dáta foilsithe:** 2019

**Teideal na tuarascála:** Digitalisation of public administration – Simpler, more transparent and effective administration (RiR 2016:14)

**Hipearnasc chuig an tuarascáil:** Achoimre ar an tuarascáil (Leagan Béarla)
An Tuarascáil (Leagan Sualainnise)

**Dáta foilsithe:** 2016

**Teideal na tuarascála:** Information security work at nine agencies (RiR 2016:8)

**Hipearnasc chuig an tuarascáil:** Achoimre ar an tuarascáil (Leagan Béarla)
An Tuarascáil (Leagan Sualainnise)

**Dáta foilsithe:** 2016

**Teideal na tuarascála:** Cybercrime – police and prosecutors can be more efficient (RiR 2015:21)

**Hipearnasc chuig an tuarascáil:** Achoimre ar an tuarascáil (Leagan Béarla)
An Tuarascáil (Leagan Sualainnise)

**Dáta foilsithe:** 2015

An tAontas Eorpach
*Cúirt Iniúchóirí na hEorpa*

## Páipéar eolais: Dúshláin beartas éifeachtach cibearshlándála

**Dáta foilsithe:** 2018

**Hipearnasc chuig an tuarascáil:** Tuarascáil (leaganacha in 23 theanga)

**An cineál iniúchóireachta agus an tréimhse a iniúchadh**

**An cineál iniúchóireachta:** Athbhreithniú beartais

**An tréimhse a iniúchadh:** Aibreán – Meán Fómhair 2018

## Achoimre ar an tuarascáil

### An topaic a athbhreithníodh

Ní tuarascáil iniúchóireachta an páipéar eolais seo, agus b'é an cuspóir a bhí leis, forléargas a thabhairt ar thírdhreach bheartas casta cibearshlándála an Aontais Eorpaigh agus na príomhdhúshláin roimh sheachadadh éifeachtach an bheartais a shainaithint. Cumhdaítear slándáil gréasán agus faisnéise ann, an chibearchoireacht, an chibearchosaint agus bréagaisnéis.

Bunaíodh anailís CIE ar athbhreithniú doiciméadach ar dhoiciméid oifigiúla, páipéir seasaimh agus staidéir tríú páirtí a bhfuil fáil orthu go poiblí. Rinneadh an obair allamuigh sa tréimhse idir Aibreán agus Meán Fómhair 2018, agus cuireadh forbairtí go dtí Nollaig 2018 san áireamh. Chomhlánaigh CIE a cuid oibre le suirbhéireacht ar oifigí iniúchóireachta náisiúnta na mBallstát, agus trí agallaimh le príomh-gheallsealbhóirí ó institiúidí an Aontais Eorpaigh agus ionadaithe san earnáil phríobháideach.

Níl aon sainmhíniú caighdeánach ann ar "cibearshlándáil". Is é a bhíonn i gceist i gcoitinne, na coimircí agus na bearta uile a ghlactar chun córais faisnéise agus úsáideoirí na gcóras a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe, ar ionsaithe agus ar dhamáiste do rúndacht, sláine agus infhaighteacht sonraí. Baineann an chibearshlándáil le cibirtheagmhais a chosc agus a bhrath, freagairt orthu agus téarnamh uathu. Bíonn teagmhais d'aon ghnó i gceist agus teagmhais de thaisme, ó fhaisnéis a nochtadh de thaisme, mar shampla, go hionsaithe ar ghnólachtaí agus ar

bhonneagar criticiúil, go sonraí pearsanta a ghoid agus cur isteach ar phróisis dhaonlathacha, fiú.

Is í Straitéis Chibearshlándála 2013 bunchloch bheartas an Aontais Eorpaigh. Tá sé mar aidhm léi gur san Aontas Eorpach a bheidh an timpeallacht dhigiteach is sábháilte ar domhan, agus go ndéanfar luachanna agus saoirsí bunúsacha a chosaint freisin. Tá cúig phríomhchuspóir aici: (i) cur leis an gcibear-athléimneacht; (ii) an chibearchoireacht a laghdú; (iii) beartais agus acmhainneachtaí cibearchosanta a fhorbairt; (iv) acmhainní cibearshlándála tionsclaíocha agus teicneolaíocha a fhorbairt; agus (v) beartas idirnáisiúnta cibearspáis a fhorbairt a bheidh in ailíniú le croíluachanna an Aontais Eorpaigh.

## Torthaí

Ba dheacair iarmhairt na neamhullmhachta ar chibirionsaí a chur i láthair de bharr easpa sonraí iontaofa. Mhéadaigh iarmhairt eacnamaíoch na cibearchoireachta faoi chúig idir 2013 agus 2017, agus buaileadh rialtais agus cuideachtaí araon, bídís mór nó beag. Léiriú ar an treocht sin an méadú a tuaradh ar phréimheanna cibearárachais, ó €3 bhilliún in 2018 go €8.9 billiún in 2020. Cé gur fhulaing 80% de na gnólachtaí san Aontas Eorpach cibirtheagmhas amháin ar a laghad in 2016, is cúis imní a laghad a admhaítear na rioscaí a bheith ann. I measc na gcuideachtaí san Aontas Eorpach, tá 69% nach bhfuil tuiscint ar bith, nó tuiscint an-bhunúsach, acu ar a nochtacht do chibearbhagairtí, agus tá 60% díobh nach bhfuil meastóireacht déanta acu ar na caillteanais airgeadais fhéideartha. De réir suirbhéireacht dhomhanda tá trian de na heagraíochtaí arbh fhearr leo airgead fuascailte an haiceálaí a íoc de rogha ar infheistiú sa chosaint faisnéise.

Is iad seo a leanas na torthaí a fuair CIE:

- Tá cibir-éiceachóras an Aontais Eorpaigh casta agus ilsrathach, agus iliomad geallsealbhóirí i gceist. Bíonn sé sách dúshlánach na codanna ar leith uile a thabhairt le chéile.
- Tá rún ag an Aontas Eorpach a bheith ar an timpeallacht ar líne is sábháilte ar domhan. Chun an uaillmhian sin a bhaint amach beidh iarrachtaí suntasacha de dhíth ó na geallsealbhóirí ar fad, lena n-áirítear bonn daingean, dea-bhainistithe airgeadais. Is deacair teacht ar fhigiúirí, ach meastar go mbíonn caiteachas poiblí an Aontais Eorpaigh ar an gcibearshlándáil idir billiún agus dhá bhilliún euro sa bhliain. I gcomparáid leis sin, buiséadaíodh thart ar $21 bhilliún i gcaiteachas rialtas feidearálach SAM do 2019.

- Baineann rialachas slándála faisnéise le struchtúir agus beartais a chur ar bun chun rúndacht, ionracas agus infhaighteacht sonraí a áirithiú. Is mó ná ceist theicniúil í, bíonn ceannasaíocht éifeachtach riachtanach, próisis stóinseacha agus straitéisí atá in ailíniú leis na cuspóirí eagraíochtúla.
- Bíonn na samhlacha cibearshlándála éagsúil ó Bhallstát go Ballstát, agus is minic a dhéantar an fhreagracht as an gcibearshlándáil a chomhroinnt ar eintitis éagsúla. D'fhéadfadh na difríochtaí sin cur isteach ar an gcomhar atá riachtanach chun freagairt ar theagmhais mhórscála trasteorann agus chun faisnéis i leith bagairtí a mhalartú ar bhonn náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais go háirithe.
- Bíonn gá le freagairt éifeachtach a cheapadh ar chibirionsaithe chun stop a chur leo a luaithe is féidir. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh earnálacha criticiúla, na Ballstáit agus institiúidí AE in ann freagairt thapa chomhordaithe a thabhairt. Chuige sin, bíonn an luathbhrath bunriachtanach.

## Moltaí

Léirigh athbhreithniú CIE go gcaithfear dul le cultúr feidhmíochta a mbeidh cleachtais mheastóireachta leabaithe ann a áiritheoidh cuntasacht agus meastóireacht fhónta. Tá bearnaí sa dlí i gcónaí, agus ní bhíonn na Ballstáit comhsheasmhach ó thaobh an reachtaíocht reatha a thrasuí. Chruthódh sé sin deacrachtaí don reachtaíocht lán a hacmhainne a bhaint amach.

Bhain dúshlán eile a sainaithníodh le leibhéil infheistíochta a ailíniú leis na spriocanna straitéiseacha, ionas go ndéanfar uas-scálú ar leibhéil infheistíochta agus tionchair. Rud níos dúshlánaí fós mura bhfuil forléargas soiléir ag an Aontas Eorpach agus na Ballstáit ar chaiteachas an Aontais ar an gcibearshlándáil. Tuairiscíodh gan a ndóthain acmhainní a bheith ann do ghníomhaireachtaí cibearábhartha an Aontais freisin, lena n-áirítear deacrachtaí maidir le tallann a mhealladh agus a choinneáil.

# Acrainmneacha agus giorrúcháin

**AD:** Acmhainní Daonna

**AE:** An tAontas Eorpach

**An Treoir NIS:** An Treoir maidir le slándáil gréasán agus faisnéise

**APT:** Ardbhagairt Sheasmhach

**BERS:** An Bord Eorpach um Riosca Sistéamach

**CAI:** Creat Airgeadais Ilbhliantúil

**CBSC:** An Comhbheartas Slándála agus Cosanta

**CERT-EU:** An Fhoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE

**CIE:** Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

**COBIT:** Cuspóirí Rialaithe maidir le Teicneolaíocht Faisnéise agus Teicneolaíocht Ghaolmhar

**Covid-19:** Galar Choróinvíreas 2019

**cPPP:** comhpháirtíocht chonarthach phríobháideach phoiblí

**CSIE:** Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa

**CSIRT:** Foireann Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí

**DDoS:** Diúltú Seirbhíse Dáilte

**DEP:** An Clár don Eoraip Dhigiteach

**ECAT:** Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh

**ENISA:** Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil

**EUROPOL:** Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí

**GEC:** An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint

**ICE:** Ionad Cibearchoireachta na hEorpa (Europol)

**IoT:** Idirlíon na rudaí nithiúla

**ISACA:** An Cumann um Iniúchadh agus Rialú Córas Faisnéise

**ISF-P:** An Ciste Slándála Inmheánaí - Póilíní

**MERS:** Siondróm Riospráide an Mheánoirthir

**NAO:** Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta

**NCSS:** Straitéis Náisiúnta Chibearshlándála

**OTI:** Olltáirgeacht Intíre

**PESCO:** Creat um Buanchomhar Struchtúrtha

**RA:** An Ríocht Aontaithe

**RDP:** Prótacal Ciandeisce

**RGCS:** An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

**SAI:** Na hUasfhorais Iniúchóireachta

**SAM:** Stáit Aontaithe Mheiriceá

**SARS:** Géarshiondróm trom riospráide

**SCE:** An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa

**SEGS:** An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

**TF:** Teicneolaíocht Faisnéise

**TFC:** Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

**URL:** Aimsitheoir Aonfhoirmeach Acmhainne

# Gluais

**Ábhar digiteach:** Sonraí ar bith – amhail téacs, fuaim, íomhánna nó físeáin – a stóráiltear i bhformáid dhigiteach.

**Ardán digiteach:** Timpeallacht le haghaidh idirghníomhuithe idir dhá dhream éagsúla ar a laghad – go tipiciúil nuair is soláthraithe dream amháin agus gur tomhaltóirí/úsáideoirí an dream eile. D'fhéadfadh na crua-earraí nó an córas oibriúcháin a bheith i gceist, nó brabhsálaí gréasáin fiú agus na comhéadain feidhmchláir a ghabhann leis, nó bogearraí foluiteacha eile, chomh fada agus go bhfeidhmítear cód an fheidhmchláir leo.

**Ardbhagairtí seasmhacha:** Ionsaí trína bhfaigheann úsáideoir neamhúdaraithe rochtain ar chóras nó ar líonra agus go bhfanann sé nó sí ann gan fhios go ceann i bhfad. Thar a bheith contúirteach d'fhiontair, óir bíonn rochtain leanúnach ag haiceálaithe ar shonraí íogaire cuideachta, cé nach ndéanann siad damáiste do líonraí cuideachtaí ná do mheaisíní logánta de ghnáth. An sprioc - sonraí a ghoid.

**Bagairt hibrideach:** Intinn naimhdeach á cur in iúl ag céilí comhraic le teicnící éagsúla na cogaíochta, bídís ina ngnáth-theicnící nó ina dteicnící neamhghnácha (i.e. modhanna míleata, polaitiúla, eacnamaíocha agus teicneolaíocha) agus iad ag díriú go fórsúil ar a gcuid cuspóirí a bhaint amach.

**Bitcoin:** Airgeadra digiteach nó fíorúil a cruthaíodh in 2009 agus a úsáideann teicneolaíocht piara go piara chun íocaíochtaí ar an toirt a éascú.

**Bogearraí éirice:** Bogearraí mailíseacha a dhiúltaíonn rochtain ar chóras ríomhaire d'úsáideoirí nó a dhéanann comhaid doléite, trína gcriptiú de ghnáth. Is gnách go ndéanann an t-ionsaitheoir dúmhál ar an íospartach ansin trí dhiúltú an rochtain a chur ar ais go dtí go n-íoctar airgead fuascailte.

**Bogearraí fógraíochta:** Bogearraí mailíseacha ar a dtaispeántar meirgí fógraíochta nó fógraí aníos a mbíonn cód iontu a rianaíonn iompraíocht na n-íospartach agus iad ar líne.

**Bogearraí mailíseacha:** Bogearraí a cruthaíodh le hintinn mhailíseach. Ríomhchlár a dearadh chun dochar a dhéanamh do ríomhaire, freastalaí nó líonra.

**Bonneagar criticiúil:** Acmhainní fisiciúla, seirbhísí agus saoráidí agus go mbeadh iarmhairt thromchúiseach ar fheidhmiú an gheilleagair nó na sochaí dá mbrisfí isteach orthu nó dá ndéanfaí iad a scriosadh.

**Bonneagar toghcháin:** San áireamh ansin bíonn córais TF agus bunachair sonraí an fheachtais, faisnéis íogair faoi na hiarrthóirí, clárú vótálaithe agus córais bhainistíochta.

**Bréagaisnéis:** Faisnéis ar féidir a dheimhniú go bhfuil sí bréagach nó míthreorach agus a chruthaítear, a chuirtear i láthair agus a scaiptear ar mhaithe le leas eacnamaíoch nó le hintinn mheabhlaireachta d'aon ghnó agus a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don phobal.

**Cibear-athléimneacht:** A bheith in ann cibirionsaithe agus cibirtheagmhais a chosc, ullmhú dóibh, seasamh ina gcoinne agus téarnamh uathu.

**Cibearbhagairt:** Gníomh mailíseach a fhéachann le sonraí a dhamáistiú nó a ghoid, nó le cur isteach ar an saol digiteach i gcoitinne.

**Cibearchoireacht:** Gníomhaíochtaí coiriúla éagsúla a mbíonn ríomhairí agus córais TF bainteach leo, bídís ina n-uirlis phríomhúil nó ina sprioc phríomhúil. San áireamh sna gníomhaíochtaí sin tá: coireanna traidisiúnta (e.g. calaois, brionnú agus goid chéannachta); cionta ábhair (e.g. pornagrafaíocht leanaí nó gríosú chun fuatha chiníoch a dháileadh ar líne); agus cionta a bhaineann go huathúil le ríomhairí agus córais faisnéise (e.g. ionsaithe i gcoinne córais faisnéise, ionsaithe diúltú seirbhíse, bogearraí mailíseacha nó bogearraí éirice).

**Cibearchosaint:** Fothacar den chibearshlándáil a dhíríonn ar an gcibearspás a chosaint ar mhodhanna míleata agus eile, de réir mar is iomchuí, chun spriocanna míleata-straitéiseacha a bhaint amach.

**Cibearshlándáil (cibearchosaint):** Na coimircí agus na bearta uile a ghlactar chun córais TF agus na sonraí iontu a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe, ar ionsaithe agus ar dhamáiste chun a áirithiú go mbeidh siad infhaighte, faoi rún agus slán.

**Cibearspás:** An timpeallacht dhobhraite dhomhanda ina dtarlaíonn cumarsáid ar líne idir daoine, idir bogearraí agus idir seirbhísí trí bhíthin líonraí ríomhairí agus feistí teicneolaíocha.

**Cibearthaidhleoireacht:** Acmhainní na taidhleoireachta a úsáid agus feidhmeanna taidhleoireachta a chur i gcrích chun leasanna náisiúnta a áirithiú i dtaca leis an gcibearspás. Is taidhleoirí a dhéanann an obair uile nó cuid di, agus iad ag teacht le chéile i bhformáidí déthaobhacha (amhail idirphlé SAM-na Síne) nó i bhfóraim iltaobhacha (amhail na Náisiúin Aontaithe). De bhreis ar shainchúram traidisiúnta na taidhleoireachta bíonn taidhleoirí ag idirghníomhú le gníomhaithe neamhstáit éagsúla freisin, amhail ceannairí cuideachtaí idirlín (amhail Facebook nó Google), fiontraithe

teicneolaíochta nó eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Baineann an taidhleoireacht le guthanna faoi chois i dtíortha eile a chumhachtú trí bhíthin teicneolaíochta freisin.

**Cibirionsaí:** Iarracht tríd an gcibearspás chun baint de rúndacht, sláine agus infhaighteacht córais sonraí nó ríomhairí nó é a mhilleadh.

**Cibirspiaireacht:** Is é a bhíonn i gceist le cibirspiaireacht, gníomh nó cleachtas trína bhfaightear rúin agus faisnéis – gan cead shealbhóir na faisnéise nó gan fhios don sealbhóir – ó indibhidí, iomaitheoirí, chéilí comhraic, ghrúpaí, rialtais agus naimhde chun buntáiste pearsanta, eacnamaíoch, polaitiúil nó míleata a ghnóthú, agus an tIdirlíon, líonraí nó ríomhairí aonair in úsáid.

**Cibirtheagmhas:** Teagmhas a dhéanann dochar go díreach nó go hindíreach d'athléimneacht agus do shlándáil córais TF agus do na sonraí a phróiseálann an córas nó a stórálann nó a thraiseolann sé, nó atá ina bhagairt don chéanna.

**Córas faisnéise criticiúil:** Aon chóras faisnéise, bíodh sé ann cheana nó á bheartú, a shíltear a bheith bunriachtanach do reáchtáil éifeachtach agus éifeachtúil na heagraíochta.

**Criptea-airgeadra:** Sócmhainn dhigiteach a n-úsáidtear teicnící criptiúcháin chun í a eisiúint agus a mhalartú, neamhspleách ar bhanc ceannais. Is modh íocaíochta é a nglacann baill pobail fhíorúil leis.

**Criptiú:** Faisnéis inléite a thrasfhoirmiú ina cód doléite lena cosaint. Chun an fhaisnéis a léamh, caithfidh rochtain a bheith ag an úsáideoir ar eochair rúnda nó pasfhocal.

**Digitiú:** An próiseas faoina ndéantar faisnéis a chomhshó i bhformáid dhigiteach ina n-eagraítear an fhaisnéis ina giotáin. Is é an toradh go léirítear réad, íomhá, fuaim, doiciméad nó comhartha trí shraith uimhreacha a ghiniúint a thugann cur síos ar thacar discréideach pointí nó samplaí.

**Diúltú seirbhíse dáilte (DDoS):** Cibirionsaí a choisceann an rochtain ar sheirbhís nó acmhainn ar líne ar úsáideoirí dlisteanacha, tríd an tseirbhís a phlúchadh le níos mó iarratas ná atá ar a cumas a láimhseáil.

**Earraí spiaireachta:** Bogearraí a mbaineann iompraíocht mhailíseach leo atá ag iarraidh faisnéis a bhailiú faoi dhuine nó faoi eagraíocht agus an fhaisnéis sin a sheoladh chuig eintiteas eile ar bhealach a dhéanfaidh dochar don úsáideoir; d'fhéadfaí príobháideachas an úsáideora a shárú mar shampla, nó slándáil a fheiste nó a feiste a chur i mbaol.

**Éiceachóras cibearshlándála:** Pobal ilchasta ina bhfuil idirghníomhú idir feistí, sonraí, líonraí, daoine, próisis, agus eagraíochtaí, agus timpeallacht na bpróiseas agus na dteicneolaíochtaí a théann i bhfeidhm ar na hidirghníomhuithe sin agus a thacaíonn leo.

**Fioscaireacht:** Nós faoina seoltar ríomhphoist ar cosúil gur ó fhoinse iontaofa dóibh chun na faighteoirí a bhréagnú le súil is go gcliceálfaidh siad naisc mhailíseacha nó go ndéanfaidh siad faisnéis phearsanta a chomhroinnt.

**Haiceálaí eiticiúil:** Duine (saineolaí slándála ríomhaire) a dhéanann bréagionsaí tástála (bréagthreá) ar líonra ríomhairí chun slándáil an líonra a thástáil nó chun meastóireacht a dhéanamh uirthi, seachas le hintinn mhailíseach nó choiriúil.

**Haiceálaí:** Duine a fhaigheann rochtain neamhúdaraithe ar shonraí, ar chóras ríomhairí nó ar líonra le scileanna ríomhaireachta, líonraithe nó eile.

**Idirlíon na rudaí nithiúla (IoT):** An líonra de ghnáthrudaí sa saol a bhfeistítear gairis leictreonacha, bogearraí agus braiteoirí orthu ionas go mbeidh siad in ann cumarsáid a dhéanamh agus sonraí a mhalartú thar an idirlíon.

**Infhaighteacht:** Rochtain agus úsáid thráthúil agus iontaofa ar fhaisnéis a áirithiú.

**Innealtóireacht shóisialta:** Sa tslándáil faisnéise, mí-ionramháil shíceolaíoch chun daoine a bhréagnú ionas go ndéanfaidh siad gníomh éigin, nó faisnéis faoi rún a sceitheadh.

**Intleacht shaorga:** Ionsamhlú ar intleacht an duine i meaisíní a chláraítear chun smaoineamh ar nós daoine agus aithris a dhéanamh ar ghníomhartha daoine; aon mheaisín a léiríonn tréithe a shamhlaítear le hintinn an duine, amhail foghlaim agus réiteach fadhbanna.

**Ionsaithe gréasánbhunaithe:** Nuair a thugann Úsáideoirí Sainithe faisnéis phearsanta íogair amach ar an suíomh gréasáin, bíonn siad ag brath ar an suíomh í a choinneáil príobháideach agus sábháilte. Má tharlaíonn ionradh (ionsaí), d'fhéadfaí an fhaisnéis ar a gcárta creidmheasa, a bhfaisnéis slándála sóisialta, nó a bhfaisnéis leighis a phoibliú agus iarmhairtí tromchúiseacha dá dheasca, b'fhéidir.

**Néalríomhaireacht:** Seachadadh ar an idirlíon, trí óstáil ar fhreastalaithe i gcéin, i gcás acmhainní ar éileamh agus acmhainní TF – amhail stóras, cumhacht ríomhaireachta nó acmhainn sonraí a chomhroinnt.

**Oibreoir seirbhísí bunriachtanacha:** Eintiteas poiblí nó príobháideach a chuireann seirbhís ar fáil atá fíor-riachtanach chun bail a choinneáil ar ghníomhaíochtaí criticiúla sochaíocha agus eacnamaíocha.

**Paisteáil:** Tacar athruithe ar bhogearra a thionscnamh chun é a nuashonrú, a dheisiú nó a fheabhsú, lena n-áirítear leochaileachtaí slándála a dheisiú.

**Péisteanna:** Bogearra mailíseach neamhspleách ríomhaire is ea péist a macasamhlaíonn í féin chun leathadh go dtí ríomhairí eile. Is minic a úsáideann sí líonra ríomhairí chun í féin a leathadh, í ag brath ar theipeanna slándála ar an spriocríomhaire chun rochtain a fháil air.

**Próiseáil sonraí:** Oibríochtaí á ndéanamh ar shonraí, le ríomhaire go háirithe, chun faisnéis a aisghabháil, a thrasfhoirmiú nó a aicmiú.

**Prótacal ciandeisce:** Caighdeán teicniúil (arna eisiúint ag Microsoft), chun ríomhaire deisce a úsáid i gcéin. Bíonn úsáideoirí ciandeisce in ann rochtain a fháil ar a ríomhaire deisce, comhaid a oscailt agus a chur in eagar, agus feidhmchláir a úsáid amhail is go raibh siad ina suí le hais a ríomhaire dheisce.

**Ríomhaireacht ardfheidhmíochta:** A bheith in ann sonraí a phróiseáil agus áirimh chasta a dhéanamh ar luas an-ard.

**Rúndacht:** Faisnéis, sonraí nó sócmhainní a chosaint ar rochtain nó nochtadh neamhúdaraithe.

**Sabaitéireacht:** Gníomh chun scriosadh, damáiste nó cur isteach a dhéanamh d'aon ghnó, go háirithe mar gheall ar leas polaitiúil nó míleata.

**Sárú ar shonraí:** Faisnéis shlán nó faisnéis phríobháideach/faoi rún a ligtear amach i dtimpeallacht neamhiontaoibhe d'aon ghnó nó de thaisme.

**Sláine:** Cosaint ar mhodhnú mícheart a bheith á dhéanamh ar fhaisnéis nó í a scriosadh, agus a barántúlacht a ráthú.

**Slándáil faisnéise:** An tacar próiseas agus uirlisí lena gcosnaítear sonraí fisiceacha agus digiteacha ar rochtain, úsáid, nochtadh, cur isteach, modhnú, taifeadadh nó scrios neamhúdaraithe.

**Slándáil líonra:** Fothacar den chibearshlándáil lena gcosnaítear sonraí a sheoltar trí fheistí ar an líonra céanna, chun a áirithiú nach ndéantar an fhaisnéis a idircheapadh agus a athrú.

**Sócmhainn dhigiteach:** Aon ní i bhformáid dhigiteach, ar le duine aonair nó le cuideachta é agus a ngabhann cearta úsáide leis (e.g. íomhánna, fótagraif, físeáin, comhaid ina bhfuil téacs, etc.).

**Soláthraí seirbhísí digiteacha:** An té a chuireann ceann amháin nó níos mó de na seirbhisí digiteacha seo a leanas ar fáil – margadh ar líne, innill chuardaigh ar líne, seirbhísí néalríomhaireachta.

**Sonraí bithmhéadracha (bithmhéadracht):** Áirimh fhisiciúla (amhail méarloirg agus súile) nó ríomh iompraíochta a bhaineann le saintréithe daoine. Baintear úsáid as fíordheimhniúchán sa ríomheolaíocht i gcúrsaí céannachta agus sa rialú rochtana.

**Sonraí pearsanta:** Faisnéis a bhaineann le duine inaitheanta.

**Sonraí rochtana:** Faisnéis maidir le gníomhaíocht úsáideora amhail am, dáta agus seoladh IP tráth logála isteach chun rochtain a fháil ar sheirbhís agus tráth logála amach.

**Suiteálacha fóntas poiblí:** Cuaille, túr, seolphíobán os cionn talún nó faoi thalamh, aon struchtúr tacaíochta nó coinneála eile, agus aon trínse, mar aon le gabhálais, a d’fhéadfaí a úsáid chun seirbhís leictreachais, teileafóin, teileagraif, cábla seachadta nó gairis comharthaíochta nó aon tseirbhís chosúil a sholáthar nó a dháileadh.

**Traíoch:** Cód mailíseach nó bogearra mailíseach a bhfuil cuma dhleathach air ach a d’fhéadfadh dul i gceannas ar do ríomhaire. Deartar Traígh chun damáiste, cur isteach nó gadaíocht a dhéanamh nó chun dul i ndíobháil ar do chuid sonraí nó ar do líonra.

**Veicteoiriú téacs:** An próiseas faoina ndéantar focail, abairtí nó doiciméid iomlána a thiontú ina veicteoirí uimhriúla ionas go mbeidh algartaim mheaisínfhoghlama in ann iad a úsáid.

**5G:** Caighdeán teicneolaíochta ghlúin a cúig na líonraí ceallacha leathanbhanda, agus cuideachtaí fón ceallach á imlonnú ar fud an domhain ó 2019 i leith, atá pleanáilte a theacht i gcomharbas ar na líonraí 4G a chuireann nascacht ar fáil d’fhormhór na gceallfón reatha. Gnóthaítear cuid den luas breise le tonnta raidió ar mhinicíocht níos airde ná a bhí in úsáid sna líonraí ceallacha roimhe sin.

## Teagmháil a dhéanamh le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh

**Dul ann tú féin**
Tá na céadta Ionad Eolais "Europe Direct" ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil anseo: https://europa.eu/european-union/contact_ga

**Ar an bhfón nó le ríomhphost**
Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach: Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:
— ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),
— ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696, nó
— le ríomhphost, tríd an suíomh: https://europa.eu/european-union/contact_ga

## Eolas a fháil faoin Aontas Eorpach

**Ar líne**
Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa ag: https://europa.eu/european-union/index_ga

**Foilseacháin de chuid an Aontais**
Is féidir leat foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh, idir cinn saor in aisce agus cinn a bhfuil praghas orthu, a íoslódáil nó a ordú ag: https://publications.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna de na foilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad eolais áitiúil chun é sin a dhéanamh (féach https://europa.eu/european-union/contact_ga).

**Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara**
Chun teacht ar eolas dlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1952 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex ag: https://eur-lex.europa.eu/

**Sonraí oscailte ón Aontas Eorpach**
Is féidir teacht ar thacair shonraí ón Aontas Eorpach ag Tairseach Sonraí Oscailte an Aontais (https://data.europa.eu/euodp/ga/home) Is féidir sonraí a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce, ar bhonn tráchtála nó ar bhonn neamhthráchtála.

Contact Committee

# Coiste Teagmhála

Uas-Institiúidí Iniúchóireachta an Aontais Eorpaigh